COMHAIRLE CONTAE CHIARRAÍ

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2016

Comhar, Caóhair, Cairdeas

Comhar, Caoḃair, Cairdeas

OIBRÍONN COMHAIRLE CONTAE CHIARRAÍ AR MHAITHE LE CÁILÍOCHT SAOIL MHUINTIR UILE CHIARRAÍ A FHEABHSÚ TRÍ CHEANNAIREACHT A THABHAIRT MAIDIR LE FORBAIRT AN CHONTAE, TRÍ CHOMHPHÁIRTÍOCHT A CHOTHÚ LENÁR BPÁIRTITHE LEASMHARA D'FHONN INSPIORÁID, TREOIR AGUS DEA-SHAMPLA A THABHAIRT AGUS SEIRBHÍSÍ, ÁISEANNA AGUS BONNEAGAR ARDCHAIGHDEÁIN A SHOLÁTHAR DÁR SAORÁNAIGH UILE SA CHONTAE.

COMHAIRLE CONTAE CHIARRAÍ

Comhairle Contae Chiarraí
Áras an Chontae
Trá Lí
Co. Chiarraí

Guthán:
066 7183500

Rphost:
info@kerrycoco.ie

Suíomh:
www.kerrycoco.ie

ÁBHAR

04 RÉAMHRÁ
ón gCathaoirleach

05 RÉAMHRÁ
ón bPríomhfheidhmeannach

06 BAILL CHOMHAIRLE CONTAE CHIARRAÍ 2016

07 FOIREANN BAINISTÍOCHTA SINSEARAÍ

08 CRUINNITHE DEN COMHAIRLE 2016

15 FÁILTITHE AGUS IMEACHTAÍ SIBHIALTA

TUARASCÁLACHA

39 FORBAIRT EACNAMAÍOCH AGUS POBAIL

63 SEIRBHÍSÍ UISCE, COMHSHAOIL AGUS LEABHARLAINNE

83 SEIRBHÍSÍ TITHÍOCHTA AGUS CORPARÁIDEACHA

97 AIRGEADAS

105 OIBRÍOCHTAÍ, SÁBHÁILTEACHT AGUS BONNEAGAR

113 AGUISÍNÍ

RÉAMHRÁ

ÓN gCATHAOIRLEACH

Clr. Mícheál Ó Sé
An Cathaoirleach

Mar Chathaoirleach Chomhairle Contae Chiarraí is mór an onóir dom é fáilte a chur roimh Thuarascáil Bhliantúil na Comhairle don bhliain 2016.

Is taifead é an tuarascáil dá bhfuil déanta agus bainte amach ag Comhairle Contae Chiarraí ar fud an chontae le bliain anuas le caiteachas de €172 in 2016. D'oibrigh an bhainistíocht agus na comhairleoirí go dian i gcaitheamh na bliana lena chinntiú go gcoimeádfaí agus in a lán cásanna go méadófaí an tacaíocht airgeadais do na seirbhísí agus tionscnaimh éagsúla sa chontae.

Bíonn i gcónaí rudaí ar féidir a dhéanamh chun breis feabhais a chur ar an soláthar seirbhísí agus in 2016 arís d'oibrigh comhairleoirí, bainistíocht na comhairle, baill den Oireachtas agus páirtithe leasmhara agus comhpháirtithe eile le chéile lena chinntiú go ndéanfaí dul chun cinn maidir le sruthanna ioncaim ón rialtas agus ó ghníomhaireachtaí stáit i roinnt réimsí tábhachtacha. Cuireann Comhairle Contae Chiarraí raon fairsing áiseanna agus seirbhísí ar fáil agus tá sé i gceist againn leanúint de sheirbhís atá éifeachtach ó thaobh costais de, éifeachtúil, iontaofa agus ar féidir brath uirthi a sholáthar dár saoránaigh.

Ceann de bhuaicphointí 2016 ba ea an comóradh céad bliain 1916 inar tháinig pobail ón gcontae ar fad le chéile chun cuimhneamh siar ar Éirí Amach na Cásca agus é a athshamhlú agus an t-athmhuintearas a chur chun cinn. Ba dheis é chun féachaint siar ar a bhfuil bainte amach sa chontae le céad bliain anuas féachaint chun cinn leis d'fhonn an céad bliain atá le teacht a phleanáil agus a eagrú.

Mar Chathaoirleach ar an gComhairle, is mian liom buíochas a ghabháil le foireann na heagraíochta - iadsan atá bunaithe in Áras an Chontae agus in oifigí na gCeantar Bardasach agus an fhoireann allamuigh uile i ngach cearn den chontae. Lena dtiomantas agus a ngairmiúlacht is eiseamláir iad de chur chuige na comhairle trí chéile.

Gabhaim buíochas leo, lenár bPríomhfheidhmeannach, Moira Murrell agus a foireann bainistíochta as an tacaíocht a thug siad domsa agus dom mo chomh-chomhairleoirí agus sinn uile ag iarraidh ár n-aidhm a bhaint amach agus cáilíocht saoil mhuintir Chiarraí a fheabhsú.

Mícheál Ó Sé
An Cathaoirleach

RÉAMHRÁ

ÓN bPRÍOMHFHEIDHMEANNACH

Mar Phríomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Chiarraí, tá áthas orm tuarascáil bhliantúil an údaráis áitiúil don bhliain 2016 a chur i láthair.

Le bliain anuas glacadh le dhá phlean straitéiseacha atá thar a bheith tábhachtach don chontae. Sa Phlean Eacnamaíocht agus Pobail leagtar amach cúrsa ar aghaidh don fhorbairt eacnamaíoch sa chontae sna cúig bliana amach romhainn agus cuirtear chun cinn leis na feabhsúcháin a theastaíonn don na pobail ina mairimid. D'oibríomar i ndlúthpháirt lenár gcomhpháirtithe straitéiseacha chun Ciarraí a chur chun cinn mar áit chun infheistíocht agus gnó a dhéanamh inti agus láthair iontach chun fostaíocht agus fiontair a chruthú.

Sa Straitéis Turasóireachta nua do Chiarraí leagtar amach treochlár d'fhorbairt ár dtáirge turasóireachta ar cuid lárnach é dár bhforbairt eacnamaíoch trí chéile.

Ba dhúshlán don Chomhairle in 2016 é a chinntiú go ndéanfaí an buiséad a chomhardú lena chinntiú go mbeadh an Chomhairle in ann na seirbhísí agus na háiseanna a chuireann sí ar fáil a choimeád agus a fheabhsú. Taispeánann na tosaíochtaí maidir le maoiniú atá leagtha amach sa bhuiséad don bhliain an leibhéal ard caiteachais agus gníomhaíochta ag Comhairle Contae Chiarraí ar fud an chontae. Aithnítear tacaíocht na comhairle tofa maidir leis an bonn maoinithe áitiúil a choimeád agus a bhuanú.

In 2016 deineadh infheistíocht an-mhór sa chontae - cuireadh tús le hionad cóireála uisce nua €30m ag Loch Catáin, an scéim soláthair uisce is mó sa chontae; obair ullmhúcháin d'fheabhsuithe mhóra i lár baile Thrá Lí agus Chill Airne; infheistíocht €800,000 i Sráid an Phiarsaigh, Lios Tuathail; agus infheistíocht mhór i mbailte agus sráidbhailte tuaithe tríd an Scéim Athnuachana Sráidbhailte agus tacaíochtaí eile dá leithéid.

Chuir Comhairle Contae Chiarraí tús le Clár Tithíochta €62m a sheadhadadh don chontae in 2016. Is príomhthosaíocht é an clár trí bliana seo a sheachadadh agus tá sé mar chuspóir tábhachtach ag an gComhairle an clár a bhrostú faoi na scéimeanna náisiúnta éagsúla.

Moira Murrell
Príomhfheidhmeannach

Le linn 2016 bhunaigh Comhairle Contae Chiarraí Aonad Eacnamaíoch agus Pobail agus chuir sé sin ar a cumas don Chomhairle roinnt tionscnamh a bhrú ar aghaidh agus tacaíocht a thabhairt dóibh i gcaitheamh na bliana. D'éascaigh sé sin maoiniú faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte agus faoin gCrios Forbartha Geilleagraí Tuaithe a sheoladh, a díríodh don chuid is mó ar fhás na fiontraíochta i gCiarraí. Tá ag éirí leis an údarás áitiúil obair na hOifige Fiontair Áitiúil a chomhtháthú laistigh de na feidhmeanna ginearálta eacnamaíocha agus pobail.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don tacaíocht a fuair mé ó na comhairleoirí tofa agus buíochas a ghabháil le Cathaoirligh 2016, an Clr. Pat McCarthy agus Michael O'Shea as a gcuid saothair agus tiomantais i rith na tréimhse sin. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt leis don obair a dhein an Bhainistíocht Shinsearach agus a foireann, dóibhsean a chuaigh ar scor le linn na tréimhse sin agus aitheantas a thabhairt chomh maith do ghairmiúlacht na foirne uile in údarás áitiúil Chiarraí.

Moira Murrell
Príomhfheidhmeannach

Comhairleoirí agus an Bhainistíocht ag Cruinniú Cinn Bhliana 2016

CHOMHAIRLE CONTAE CHIARRAÍ

BAILL

Ceantar Bardasach Thrá Lí

Cllr Pa Daly
23 Sráid na Carraige,
Trá Lí
Sinn Féin

Cllr Toiréasa Ferris
Cnocáin, Ard Fhearta
Sinn Féin

Cllr Jim Finucane
13/14 Sráid Deiní, Trá Lí
Fine Gael

Cllr Norma Foley
Rae Staughton, Trá Lí
Fianna Fáil

Cllr Sam Locke
81 Br na Spá, Trá Lí
Neamhspleách

Cllr Pat McCarthy
Maglass, Baile Mhic Uileagóid,
Trá Lí
Fine Gael

Cllr Thomas McEllistrim
Áthán, Baile Mhic Uileagóid,
Trá Lí
Fianna Fáil

Cllr Terry O'Brien
Tóin an Bháin, Trá Lí
Lucht Oibre

Cllr Graham Spring
31 Tobar an Domhnaigh,
Lios Luais, Trá Lí
Lucht Oibre

Ceantar Bardasach Chill Airne

Cllr Brendan Cronin
Rathcommane, Baile Uí Aichir
Cill Airne
Neamhspleách

Cllr John Joe Culloty
Cnoc na Sceiche, Cill Airne
Fianna Fáil

Cllr Donal Grady
2 Céide na Mailpe, Cill Airne
Neamhspleách

Cllr Michael Gleeson
Claisín, Cill Airne
Cónaidhm Neamhspleách
Chiarraí Theas

Cllr Maura Healy-Rae
An Phríomshráid,
Cill Gharbháin
Neamhspleách

Cllr Niall Kelleher
Ionad Gnó Fairhill,
Clós na Cúirte, Cill Airne
Fianna Fáil

Cllr Bobby O'Connell
15 Príomh-Shráid,
Oileán Ciarraí
Fine Gael

Cllr John Sheahan
An Cúil Garbh, Bóthar Thrá Lí,
Cill Airne
Fine Gael

Ceantar Bardasach Lios Tuathail

Cllr Robert Beasley
'Púicín', Bóthar an Dúna, Baile an Bhuinneánaigh
Sinn Féin

Cllr Mike Kennelly
Cúl an Chláraigh,
Lios Tuathail
Fine Gael

Cllr John Lucid
Mountway, Baile Uí Thaidhg
Fianna Fáil

Cllr Jimmy Moloney
11 Cherrytree Drive,
Lios Tuathail
Fianna Fáil

Cllr Dianne Nolan
47 Faiche An Dromainn,
Lios Tuathail
Sinn Féin

Cllr Liam Purtill
An Phríomhshráid,
Béal Átha Longfoirt
Fine Gael

Cllr Aoife Thornton
Fionnúig, Leic Snámha
Fine Gael

Ceantar Bardasach Chiarraí Theas & Thiar

Cllr Michael Cahill
Ros Beithe, Gleann Beithe
Neamhspleách

Cllr Patrick Connor-Scarteen
5 Príomhshráid, An Neidín
Fine Gael

Cllr Séamus Cosaí Fitzgerald
Droichead Bán, Na Gleannta,
Daingean Uí Chúis
Fine Gael

Cllr John Francis Flynn
An Tulaigh Uachtar, Loch Cárthaí, Cill Orglan
Fianna Fáil

Cllr Johnny Healy-Rae
An Phríomshráid,
Cill Gharbháin
Neamhspleách

Cllr Dan McCarthy
Cill Chorráin Thoir, An Neidín
Neamhspleách

Cllr Norma Moriarty
An Phríomhshráid,
An Coireán
Fianna Fáil

Cllr Michael O'Shea
Lána an tSéipéil, Baile an Mhuilinn
Fianna Fáil

Cllr Damian Quigg
An Tulaigh Mór, Cill Orglan
Sinn Féin

COMHAIRLE CONTAE CHIARRAÍ

FOIREANN BAINISTÍOCHTA SINSEARAÍ

Moria Murrell
Príomhfheidhmeannach

Michael Scannell
Stiúrthóir Seirbhísí (Gníomhach)
Forbairt Eacnamaíoch agus Pobail agus Bainisteoir Ceantair Bhardasaigh

Charlie O'Sullivan
Stiúrthóir Seirbhísí
Oibríochtaí, Sábháilteacht agus Bonneagar

John Breen
Stiúrthóir Seirbhísí
Seirbhísí Uisce, Comhshaoil, Tine agus Leabharlainne

Martin O'Donoghue
Stiúrthóir Seirbhísí (Gníomhach)
Seirbhísí Tithíochta agus Corparáideacha agus Bainisteoir Ceantair Bhardasaigh

Angela McAllen
Ceann Airgeadais agus Bainisteoir Ceantair Bhardasaigh

Rosemary Cronin
Dlíodóir an Chontae

CRUINNITHE DEN CHOMHAIRLE IN 2016

Tionóltar cruinnithe den Chomhairle gach tríú Luan de gach mí cé is moite de mhí Lúnasa nuair nach mbíonn aon chruinniú. Is i Seomra na Comhairle in Áras an Chontae, An Ráth Teas, Trá Lí a thionóltar na cruinnithe.

Tháinig an Chomhairle iomlán le chéile ar 18 n-ócáid i gcaitheamh 2016.

Ceann de phríomhchúraimí na Comhairle is ea polasaithe a bheartú lena chinntiú go ndéantar seirbhísí a sheachadadh go héifeachtach do mhuintir Chiarraí. I gcaitheamh 2016, dhein an Chomhairle na cinntí seo a leanas:

- Plean Eacnamaíoch agus Pobail 2016-2022 a ghlacadh
- Straitéis Turasóireachta do Chontae Chiarraí 2016-2022 a ghlacadh
- Buiséad Bliantúil 2017 a ghlacadh
- Clár Ilbhliantúil um Athnuachan agus Fheabhsúchán Bóithre 2016 - 2018 a ghlacadh
- Plean Seachadta Seirbhísí 2016 a ghlacadh
- Treoirlínte an Chiste Tacaíochta Pobail 2016 a ghlacadh
- Polasaí maidir le Bonneagar faoi Úinéireacht na Comhairle a Ainmniú agus a Mharcáil a ghlacadh
- Polasaí maidir le Maolú Tráchta in Eastáit Chónaithe agus ar Bhóithre Áitiúla a ghlacadh
- Polasaí maidir le Soilsiú Poiblí a ghlacadh
- Prótacal maidir le Bronnadh Onóracha Sibhialta a ghlacadh
- Athrú Uimh. 3 ar Phlean Forbartha Bhaile Thrá Lí 2009 - 2015 a ghlacadh
- Athrú Uimh. 4 ar Phlean Forbartha Bhaile Thrá Lí 2009 - 2015 a ghlacadh

Méaraí agus Cathaoirligh ag Cruinniú Cinn Bhliana 2016

Ba é an Clr. Pat McCarthy Cathaoirleach na comhairle ó Mheitheamh 2015 go Meitheamh 2016 agus an Clr. Michael O'Shea a bhí ina Chathaoirleach ó Mheitheamh 2016 ar aghaidh.

Ba é an Clr. Jim Finucane Leas-Chathaoirleach na comhairle ó Mheitheamh 2015 go Meitheamh 2016 agus an Clr. Liam Purtill a bhí ina Leas-Chathaoirleach ó Mheitheamh 2016 ar aghaidh.

Bhí olltoghchán an i mí Feabhra 2016 inar toghadh beirt bhall de Chomhairle Contae Chiarraí, an Clr. Danny Healy-Rae agus an Clr. John Brassil do Dháil Éireann. Cuireadh deireadh lena dtéarmaí mar bhaill de Chomhairle Contae Chiarraí ón lá a toghadh iad.

I mí an Mhárta 2016, comhthoghadh an Clr Maura Healy-Rae ar Chomhairle Contae Chiarraí le teacht in ionad Danny Healy-Rae i gCeantar Bardasach Chill Airne agus comhthoghadh an Clr John Lucid le teacht in ionad John Brassil i gCeantar Bardasach Lios Tuathail.

.

Comhthoghadh an Clr. Maura Healy-Rae agus an Clr. John Lucid i Márta 2016

GRÚPA UM POLASAÍ CORPARÁIDEACH (CPG)

Is coiste den chomhairle é an Grúpa um Polasaí Corparáideach (CPG) ar a bhfuil Cathaoirleach na Comhairle agus Cathaoirleach gach ceann de na Coistí um Polasaí Straitéiseach (SPC)

Nascann an Grúpa obair na gCoistí éagsúla agus cuireann fóram ar fáil inar féidir seasaimh pholasaí a chomhaontú lena gcur faoi bhráid na Comhairle. Déanann an Grúpa monatóireacht freisin ar fheidhmíocht an údaráis áitiúil agus imríonn ról tábhachtach maidir leis an mbuiséad a ullmhú.

Tháinig an Grúpa le chéile 12 huaire in 2016.

COISTÍ UM POLASAÍ STRAITÉISEACH

Ar Choistí um Polasaí Straitéiseach Chomhairle Contae Chiarraí tá na comhairleoirí tofa agus ionadaithe ón iliomad earnálacha a chinntíonn go mbíonn ionchur sa pholasaí straitéiseach ag forais agus grúpaí seachtracha a bhfuil spéis acu i réimse ar leith. Ag cruinnithe de na Coistí pléitear polasaí ginearálta agus saincheisteanna straitéise a chuirtear faoi bhráid na comhairle iomláin ansin lena meas. Tá ceithre Choiste um Polasaí Straitéiseach ag an gComhairle - Oibríochtaí; Forbairt Eacnamaíoch agus Fiontraíocht; Turasóireacht, Cultúr, Ealaíona agus Áineas; Cáilíocht Saoil.

SPC OIBRÍOCHTAÍ

Is iad baill SPC na nOibríochtaí:

Cllr Michael Kennelly
(Cathaoirleach)

Charlie O'Sullivan
Stiúrthóir Seirbhisí

Cllr Brendan Cronin

Cllr Séamus Cosaí Fitzgerald

Cllr Dan McCarthy

Cllr Liam Purtill

Cllr Damian Quigg

Cllr Maura Healy-Rae

Noel Murphy
IonadaíTalmhaíochta/Feirmeoireachta

Michael Coghlan
Ionadaí Gnó/Tráchtála

Michael O'Gorman
Ionadaí Pobail/Earnála Deonaí

Brendan Murphy
Ionadaí Ceardchumann

I gcaitheamh na bliana, dhein Coiste um Polasaí Straitéiseach Oibríochtaí dréachpholasaithe a mheas lena n-áirítear 'Soilsiú Poiblí', 'Maolú Tráchta' agus 'Athbhreithniú ar Pholasaí maidir le Bonneagar faoi Úinéireacht na Comhairle a Ainmniú agus a Mharcáil Dhein an Coiste athbhreithniú ar Dhréachtphlean um Shábháilteacht ar Bhóithre Chontae Chiarraí 2016-2020 inar leagadh síos gníomhartha tábhachtacha maidir le hoideachas, bearta innealtóireachta, forfheidhmiú agus measúnú atá le seachadadh ag gníomhaireachtaí a bhfuil baint acu le sábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn sa chontae, is iad sin, Comhairle Contae Chiarraí, An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, An Garda Síochána agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

SPC UM FHORBAIRT EACNAMAÍOCH AGUS FIONTRAÍOCHTA

Is iad baill SPC um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Fiontraíochta:

Cllr Jim Finucane
(Cathaoirleach)

Michael Scannell
Stiúrthóir Seirbhisí (Gníomhach)

Cllr Michael O'Shea

Cllr Terry O'Brien

Cllr Pat McCarthy

Cllr John Francis Flynn

Cllr Thomas McEllistrim

Cllr Dianne Nolan

Ms Catherine McMullin
Comhshaol/Caomhnú

Mr Denis Reen
Ceardchumann

Mr Seán Brosnan
Talmhaíocht/Feirmeoireacht

Mr Shane Walsh
Gnó/Tráchtáil

An tUasal Fionán Ó hÓgáin
Gnó/Tráchtáil

In 2016, dhein an Coiste um Polasaí Straitéiseach maoirseacht ar ullmhú agus ar ghlacadh le gnéinthe eacnamaíocha den Phlean Eacnamaíoch agus Pobail (LECP), Dréachtscéim do Ranníocaíocht Forbartha, Clár Oibre an Aonaid Forbartha Eacnamaíoch 2016, Clár Oibre do Pholasaí Pleanála 2016 agus Clár Oibre na hOifige Fiontair Áitiúil 2016.

SPC UM THURASÓIREACHT, EALAÍONA AGUS ÁINEA

Is iad baill SPC um Thurasóireacht, Ealaíona agus Áineas:

Cllr Robert Beasley
(Cathaoirleach)

Michael Scannell
Stiúrthóir Seirbhisí (Gníomhach)

Cllr Patrick Connor Scarteen

Cllr John Lucid

Cllr Michael Gleeson

Cllr Donal Grady

Cllr Mike Kennelly

Cllr Sam Locke

Ms Marian Relihan
Colún Comhshaoil

Mr Tadhg O'Donoghue
Colún Comhshaoil

Mr Sean Lyons
Colún Gnó

Mr John O'Sullivan
Colún um Chuimsiú Sóisialta

Mr Pádraig Mac Fheargusa
Ionadaí Gaeilge

I gcaitheamh 2016, dhein an Coiste um Polasaí Straitéiseach na cúraimí seo a leanas a mheas: Straitéis Turasóireachta Chontae Chiarraí agus forbairt agus cur i bhfeidhm cláir chomórtha Chiarraí 2016. Fuair an Coiste tuairiscí chun dáta freisin ón Scéim um Chéatadán don Ealaín agus an tionchar a bhí aici ar Chiarraí agus ar an gclár Líonra Ghlúin an Cheoil.

SPC UM CHÁILÍOCHT SAOIL

Is iad baill an Choiste um Polasaí Straitéiseach:

Cllr Jimmy Moloney
(Cathaoirleach)

John Breen
Stiúrthóir Seirbhisí

Cllr John Joe Culloty

Cllr Toiréasa Ferris

Cllr Norma Foley

Cllr Johnny Healy-Rae

Cllr Bobby O'Connell

Cllr Graham Spring

Ms Kate Carmody
Colún Comhshaoil

Mr John Kelly
Colún Pobail

Ms Margaret Wrenn
Colún um Chuimsiú Sóisialta

Mr Patrick Rohan
Colún Talmhaíochta

Mr Sean Clifford
Colún Gnó/ Forbartha

Phléigh an Coiste na nithe seo a leanas in 2016: Ciste Tacaíochta Pobail 2016; athbhreithniú ar Scéim Cheannaigh ag Tionóntaí 2016; próisis maidir le tionscadail caipitil tithíochta; an Clár Tithíochta; Plean Gníomhaíochta don Tithíocht agus Easpa Dídine chomh maith leis an dréacht-Thuarascáil ar Thruailliú ó Bhruscar 2016. Fuair an Coiste freisin tuairiscí chun dáta ar reachtaíocht ar iompar frithshóisialta agus ar bhainistiú dramhaíola.

Seomra na Comhairle

Cruinniú den Chomhairle ag Ionad Pobail de Nógla - de Rís i mBaile an Mhuilinn i mí na Nollag

An Cathaoirleach Pat McCarthy ag ócáid do Cheann Scríbe Chiarraí um Márta

An Cathaoirleach Pat McCarthy ag Paráid Lá Fhéile Pádraig i Nua-Eabhrac

BAILL BHOIRD AGUS CHOISTÍ 20166

Coiste Iniúchta

Cllr. Niall Kelleher
Cllr. Bobby O'Connell

Coiste um Uisce faoin Tuath

Cllr. Dan McCarthy
Cllr. Aoife Thornton
Cllr. Mike Kennelly
Cllr. John F. Flynn

Coiste Comhairliúcháin maidir le Cóiríocht don Lucht Taistil Áitiúil

Cllr. Sam Locke
Cllr. Norma Moriarty
Cllr. Jim Finucane
Cllr. Mike Kennelly
Cllr. Jimmy Moloney
Cllr. Toiréasa Ferris

Fóram Turasóireachta Cheann Scríbe Chiarraí

Cllr. Séamus Cosaí Fitzgerald

Bord Oideachais & Oiliúna Chiarraí

Cllr. Toiréasa Ferris
Cllr. Norma Foley
Cllr. Norma Moriarty
Cllr. Diane Nolan
Cllr. Aoife Thornton
Cllr. Damian Quigg
Cllr. Michael Cahill
Cllr. Séamus Cosaí Fitzgerald
Cllr. Terry O'Brien
Cllr. Jim Finucane
Cllr. Jimmy Moloney
Cllr. John F. Flynn

Bailte Slachtmhara Thrá Lí

Cllr. Sam Locke

Cathaoirligh na gCoistí um Polasaí Straitéiseach

Forbairt Eacnamaíoch & Fiontraíochta

Cllr. Jim Finucane

Oibríochtaí

Cllr. Mike Kennelly

Turasóireacht, Cultúr. Ealaíona & Áineas

Cllr. Robert Beasley

Cáilíocht Saoil

Cllr. Jimmy Moloney

Coiste Forbartha Pobail Áitiúil

Cllr. Pa Daly
CB Thrá Lí

Cllr. Aoife Thornton
CB Lios Tuathail

Cllr. Norma Moriarty
CB Theas & Thiar

Cllr. Niall Kelleher
CB Chill Airne

Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann

Cllr. Donal Grady
CB Chill Airne

Cllr. Jimmy Moloney
CB Lios Tuathail

Cllr. Patrick Connor Scarteen
CB Chiarraí Theas & Thiar

Cllr. Norma Foley
CB Thrá Lí

Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann - Comhairle um Polasaí Buan

Cllr. Donal Grady
Cllr. Patrick Connor Scarteen
Cllr. Jimmy Moloney

Fóram Sláinte Réigiúnach an Deiscirt

Cllr. Damian Quigg
Cllr. Johnny Healy-Rae
Cllr. John Joe Culloty
Cllr. Mike Kennelly
Cllr. Bobby O'Connell

Coiste Idirchaidrimh Pháirc Náisiúnta Chill Airne

Cllr. John Joe Culloty

Fóram um Rochtain Sléibhte na gCruach Dubh

Cllr. John Sheahan

Spórt & Fóillíochta Réigiúnach Thrá Lí Teo.

Cllr. Thomas McEllistrim
Cllr. Graham Spring

Scileanna Saoil Chiarraí Teo.

Cllr. Thomas McEllistrim
CB Thrá Lí

Cllr. Aoife Thornton
CB Lios Tuathail

Cllr. Michael O'Shea
CB Chiarraí Theas & Thiar

Cllr. Donal Grady
CB Chill Airne

Tionóil Réigiúnach an Deiscirt & an Oirthir

Cllr. Dianne Nolan
Cllr. Michael O'Shea
Cllr. Séamus Cosaí Fitzgerald

Grúpa Stiúrtha um Athnuachan Pobail Bhóthair Buí agus na Mistéalach

Cllr. Pa Daly
Cllr. Toiréasa Ferris
Cllr. Jim Finucane
Cllr. Norma Foley
Cllr. Sam Locke
Cllr. Pat McCarthy
Cllr. Thomas McEllistrim
Cllr. Terry O'Brien
Cllr. Graham Spring

IRD Dhúiche Ealla

Cllr. J.J. Culloty

Aerfort Chiarraí

Cllr. Terry O'Brien

Coiste Comhphóilíneachta

CB Thrá Lí

Cllr. Thomas McEllistrim
Cllr. Pat McCarthy
Cllr. Pa Daly
Cllr. Graham Spring
Cllr. Sam Locke

CB Chill Airne

Cllr. Niall Kelleher
Cllr. J.J. Culloty
Cllr. John Sheahan
Cllr. Donal Grady
Cllr. Brendan Cronin

CB Lios Tuathail

Cllr. Jimmy Moloney
Cllr. Mike Kennelly
Cllr. Dianne Nolan

CB Chiarraí Theas & Thiar

Cllr. John F. Flynn
Cllr. Patrick Connor-Scarteen
Cllr. Damian Quigg
Cllr. Michael Cahill

Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann

Cllr. Bobby O'Connell

Tascfhórsa Drugaí Réigiúnach an Deiscirt

Cllr. Aoife Thornton

Comhlachtaí Poiblí Éireann

Cllr. Niall Kelleher

Bord Rialaithe Ollscoil na hÉireann, Corcaigh

Cllr. Jim Finucane
Cllr. Aoife Thornton

Aontas Comhlachais Thrá Lí

Cllr. Graham Spring
Cllr. Norma Foley

Comhpháirtíocht Fóillíochta agus Spóirt Chiarraí

Cllr. Pa Daly
CB Thrá Lí

Cllr. J.J. Culloty
CB Chill Airne

Cllr. Damian Quigg
CB Chiarraí Theas & Thiar

Cllr. Jimmy Moloney
CB Lios Tuathail

Iompar Pobail Chiarraí

Cllr. Niall Kelleher

Páirtnéireacht Forbartha Chiarraí Theas

Cllr. Michael O'Shea
Cllr. Damian Quigg
Cllr Johnny Healy-Rae
Cllr. John F. Flynn

Coiste Straitéiseach um Nascadh Cheantair Bhardasaigh Chill Airne

Cllr. J.J. Culloty
Cllr. Maura Healy-Rae
Cllr. Bobby O'Connell
Cllr. Niall Kelleher

COISTE COMHPHÓILÍNEACHTA

In 2015 bunaíoch Coiste Comhphóilíneachta don chontae chun ionadaithe ón údarás áitiúil, an Garda Síochána, ionadaithe poiblí agus ionadaithe pobail agus gnó a thabhairt le chéile. Is é an Clr. Niall Kelleher cathaoirleach an Choiste Comhphóilíneachta ar fóram é ina bpléitear an choiriúlacht agus cúrsaí a bhaineann léi.

In 2016, tháinig an Coiste le chéile trí huaire agus fuair tuairiscí chun dáta ó Ard-Cheannfort Rannán Chiarraí den Gharda Síochána Con Cadogan agus comhghleacaithe sinsearacha eile maidir leis an gcoiriúlacht agus ord poiblí. Bhí roinnt cruinnithe d'fhochoistí freisin.

In 2016, d'fhorbair an Coiste Straitéis Sé Bliana nua agus plean bliantúil do 2016 a d'eascair as an obair a deineadh. Is féidir féachaint ar Thuarascáil Bhliantúil an Choiste Chomhphóilíneachta 2016 ar shuíomh gréasáin nua an Choiste ag http://JPC.kerrycoco.ie

Oibríon Comhairle Contae Chiarraí agus an Garda Síocháin i ndlúthpháirt lena chéile chun roinnt tionscnamh poiblí a chur chun cinn. Mar shampla i mí na Samhna 2016, seoladh an tionscnamh 'Bí Sábháilte, Bí le Feiscint' in Áras an Chontae le hionadaithe ó na gníomhaireachtaí éagsúla i láthair.

Coiste Comhphóilíneachta Chiarraí ag seoladh 'Bí le Feiscint, bí Sábháilte' i mí na Samhna

IMEACHTAÍ CATHARTHA

COMHAIRLE CONTAE CHIARRAÍ

AN TÉIRÍ AMACH A CHOMÓRADH

1916
2016

I rith 2016 dhein Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Chiarraí comhordú ar chlár fairsing éagsúil imeachtaí d'fhonn imeachtaí 1916 a cheiliúradh agus a chomóradh agus an ról a bhí ag fir agus mná Chiarraí sna himeachtaí céad bliain ó shin. Tionóladh breis is 100 imeacht phobalbhunaithe ar fud an chontae agus comóradh á dhéanamh ar an tréimhse chinniúnach seo i stair Chiarraí agus na hÉireann.

Comóradh i nDairbhre an 17 Aibreán 2016

Ba é Comhairle Contae Chiarraí an príomhpháirtí sna himeachtaí, i bpáirt le hOifiig Thionscadal 2016 agus an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, a bhain le Ceiliúradh 1916 sa chontae agus bunaíodh Oifig Chiarraí 2016 chuige sin.

Ba é an Coiste um Polasaí Straitéiseach Pobail, Cultúir, Turasóireachta a bhí i mbun Polasaí Comórtha a fhorbairt agus ghlac na comhairleoirí an polasaí sin in 2015. Ba é an polasaí seo a bhí mar threoir do clár comórtha agus cuireach béim ar leith ar imeachtaí ar Oileán Dhairbhre, i mBaile Uí Chíosáin agus ar an mBeannach mar ar tharla cuid mhaith d'eachtraí 1916.

Chuir pobail ar fud Chiarraí raon de thaispeántais, paráideanna, searmanais, athachtuithe, imeachtaí cultúrtha agus ceoil agus an téama comónta acu; cuimhneachán, machnamh agus athshamhlú. Thug Oifig Chiarraí 2016 breis is €29,000 mar thacaíocht do bhreis is 70 grúpa agus eagraíocht a chuir imeachtaí comórtha ar siúl.

I leabharlanna Chiarraí bhí sraith léachtaí agus taispeántais chomórtha agus in a lán scoileanna tionóladh a gcuid comórthaí féin ar 'Lá an Fhorógra' a bhí ar siúl ar fud na tíre ar an 15 Márta. Tugadh deis do dhaoine de gach aois cuimhneamh siar, machnamh agus athshamhlú.

SUÍOMH CHOMÓRADH 1916

17 AIBREÁN 2016

DAIRBHRE

Tionóladh comóradh Dhairbhre chun i gcuimhne ar ról na ndeartháireacha Timothy agus Eugene Ring agus a gcol ceathrar Rosalie Rice nuair a d'fhógair sin don domhan amuigh go raibh tús curtha leis an Éirí Amach i mBaile Átha Cliath ar theileagram a sheol siad ó Dhairbhre go ceannaire Chlann na nGael sna Stáit Aontaithe, John Devoy. Bhí muintir Uí Rinn agus de Rís i láthair don ócáid nuair a d'ardaigh Meitheal Bhratach ó na Fórsaí Cosanta an trídhathach. Nochtadh leacht speisialta de shlinn Dhairbhre ar a bhfuil téacs an teileagraim greanta: 'Tom operated on successfully today – Margaret O'Sullivan.'

Comóradh i nDairbhre an 17 Aibreán 2016

21 AIBREÁN 2016

CÉ BHAILE UÍ CHÍOSÁIN

Bhí 250 duine i láthair ag searmanas luath ar maidin ag Cé Bhaile Uí Chíosáin gar do Chill Orglan, mar ar bádh triúr fear - Cathal Ó Monacháin, Dónal Ó Síocháin agus Con Céitinn - Aoine an Chéasta 1916 tar éis dóibh tiomáint isteach sa Leamhain trí thimpiste. Bhíodar ag déanamh a slí go Cathair Saidhbhín chun trealamh raidió gan sreang a ghabháil lena úsáid le haghaidh cumarsáid idir na hÓglaigh agus an Aud, an long ar a raibh lastas gunnaí don Éirí Amach, ach chuadar amú i gCill Orglan. Thug neacht Chon Chéitinn, Kay, cuntas ar na himeachtaí sin agus leag Cathaoirleach Chomhairle Contae Chiarraí, an Clr. Pat McCarthy bláthfhleasc. Bhí gaolta leis na fir i láthair freisin.

An tUachtarán Mícheál D. Ó hUiginn ag an gComóradh ag Trá na Beannaí an 21 Aibreán 2016

21 AIBREÁN 2016

TRÁ NA BEANNAÍ

Ba é seo an t-aon Comóradh Stáir a tionóladh lasmuigh de Bhaile Átha Cliath agus bhí na mílte daoine i láthair ag an searmanas ar Thrá na Beannaí in onóir do Ruairí Mac Easmainn agus a ról in imeachtaí 1916 gar don áit a dtáinig sé i dtír lena choimreádaithe Robert Monteith agus Daniel Bailey go luath maidin Aoine an Chéasta 100 bliain ó shin. Thug Uachtarán na hÉireann Mícheál D. Ó hUiginn óráid uaidh agus dhein Declan McCarthy athachtú ar an óráid a thug Mac Easmainn os comhair cúirte.

Bhí ceol ann agus bhí searmanas fleascleagain foirmeálta ag ancaire an Aud. Bhí gaolta le Ruairí Mac Easmainn i láthair in éineacht lena gharneacht, Lesley McNaughton a leag bláthfhleasc ar son a mhuintire ag séadchomhartha Mhic Easmainn in aice láimhe. Dhein an tAerchór tareitilt mar chlabhsúr ar ócáid stairiúil a mbeidh cuimhne uirthi go ceann i bhfad.

Cómóradh ag Cé Bhaile Uí Chíosáin an 21 Aibreán 2016

Comóradh ag Trá na Beannaí an 21 Aibreán 2016

An tUachtarán Mícheál D. Ó hUiginn ag an gComóradh ag Trá na Beannaí an 21 Aibreán 2016

FÁILTITHE CATHARTHA AGUS CEANTAIR BHARDASAIGH

FÁILTITHE CATHARTHA 2016

Brian McCarthy, FEXCO chun a thiomantas do Chontae Chiarraí a aithint.

An **tSúir Consilio Fitzgerald** le 50 bliain ó bhunaigh sí Ionad Drugaí agus Athshlánaithe Chuan Mhuire a chomóradh

Bryan Cooper lena bhfuil bainte amach aige agus an Gold Cup buaite aige ar Don Cossack in Cheltenham.

Ionaid Róis Thrá Lí 2016

Fáiltiú Cathartha d'Ionaid Idirnáisiúnta na Rós

Rós Thrá Lí 2015 Elysha Brennan ag Fáiltiú Cathartha d'Ionaid Idirnáisiúnta na Rós

FÁILTITHE CEANTAIR BHARDASAIGH 2016

Foireann Peile an Teampaill Nua tar éis dóibh Craobhchomórtas Sóisear Uile-Éireann a bhuachaint.

Foireann Peile Naomh Muire tar éis dóibh Craobhchomórtas Idirmheánach Uile-Éireann a bhuachaint.

Ted Moynihan ó Chairde Ospidéal Ollscoile Chiarraí le hómós a thabhairt don obair a dhein sé ag bailiú airgid thar na blianta

Noel Browne, úinéir agus traenálaí 'Coolavanny Bingo' a bhuaigh Dearbaí Cúrsála na hÉireann 2015/2016 i gCluain Meala.

Coláiste Bhréanainn, Cill Airne a bhuaigh Corn Uí Ógáin

Foireann agus criú an dráma 'Patrick, a 1916 story'

Coláiste Bhréanainn, Cill Airne, Foireann Sacair na Chéad Bliana a bhuaigh Corn Náisiúnta na Scoileanna an FAI in 2016.

Aonaid den Gharda Cósta agus Intíre lena seirbhís dhúthrachtach don chontae a cheiliúradh.

Dominic Lynch, Curadh Liathróid Láimhe Éireann

Siúracha na Toirbhearta Oileán Ciarraí lena bhfuil bainte amach san oideachas sa bhaile a chomóradh

Cathaoirleach Cheantar Bardasach Chill Airne an Clr. Brendan Cronin le Michael Fassbender a fuair gradam Ord Inis Faithlinn mí Dheireadh Fómhair 2016

Fáiltiú Cathartha d'Ionaid Idirnáisiúnta na Rós

Fáiltiú Cathartha do Liam Dowling traenálaí bhuaiteoir Dhearbaí na hÉireann, Ballymac Matt

Fáiltiú Cathartha don tSiúr Consilio Fitzgerald don chomóradh 50 bliain ó bhunú Chuan Mhuire

Fáiltiú Cathartha do Thomas agus Patrick O'Donoghue dá gcuid oibre ag cur na lúthchleasaíochta chun cinn

TUARASCÁLACHA NA GCEANNTAR BARDASACH

TUARASCÁLACHA NA GCEANTAR BARDASACH

Tá ceithre Cheantar Bardasach i gCiarraí ó tugadh isteach iad in 2014 in ionad na dToghcheantar agus na Comhairlí Baile a bhí ann roimhe sin. Deineann Bainisteoir Ceantair Bhardasaigh agus Oifigeach Ceantair Bhardasaigh maoirseacht ar gach ceann de na ceithre Cheantar Bardasach.

PRÍOMHCHINNTÍ 2016

I gcaitheamh na bliana dhein na baill thofa na gceithre Cheantar Bardasach na cinntí tábhachtacha seo a leanas:

Plean Buiséid don Cheantar Bardasach do 2016 a ghlacadh

Sceideal do Phlean Oibreacha sa Cheantar Bardasach do 2016 a ghlacadh

Clár Ilbhliantúil um Athnuachan agus Fheabhsúchán Bóithre 2016 - 2018 a ghlacadh

LIOS TUATHAIL
THRÁ LÍ
CHILL AIRNE
CHIARRAÍ THEAS
& THIAR

CEANTAR BARDASACH LIOS TUATHAIL

Cllr Jimmy Moloney
Cathaoirleach 2015 – 2016

Cllr Aoife Thornton
Cathaoirleach 2016 – 2017

Andy Smith
Oifigeach an Cheantair Bhardasaigh

Líon cruinnithe in 2016
13

Cllr Jimmy Moloney
Cathaoirleach 2015-2016

Cllr Aoife Thornton
Cathaoirleach 2016-2017

Joan McCarthy
Municipal District Manager

BONNEAGAR

Cuireadh tús le roinnt forbairtí bonneagair tábhachtacha in 2016 nó leanadh ar aghaidh leo:

Athphábháil ar Shráid an Phiarsaigh i Lios Tuathail agus leagadh príomhphíobán gáis, príomhphíobán uisce, duchtú BSL agus draenacha stoirme, ar chostas iomlán €800,000.

Leagadh iar-oifigí na comhairle ar Bhóthar an Droichid, Lios Tuathail

Bigadh Áirse na Mílaoise ón tslí isteach go Páirc an Bhaile i Lios Tuathail.

Athdhromchlú ar Bhóthar na hEaglaise, Tairbeart, leagan duchtú sa áireamh, ionas go mbeifear ábalta amach anseo línte lastuas BSL a chur faoin talamh.

Athchóiriú ar na leithris phoiblí ag Trá na mBan, Baile an Bhuinneánaigh

Tógadh cosaint tuile i mBéal Átha Longfoirt.

Deineadh oibreacha móra ar na cosáin ar fud an Cheantair Bhardasaigh

OIBREACHA COMHSHAOIL

Deineadh dul chun i mbliana ar roinnt tionscadal comhshaoil agus pobail i gCeantar Bardasach Lios Tuathail

I dTairbeart tógadh gairdín céadfach nua agus cuireadh ráillí nua suas ag an Seanché. Suiteáladh boscaí bruscair/ athchúrsála nua agus Trá na mBan, Baile an Bhuinneánaigh agus soláthraíodh clár nua curtha crann is sráidbhailte ar fud an Cheantair Bhardasaigh.

Leanadh ar aghaidh le clár chun fáil réidh leis na suíocháin phoiblí agus bínsí de stíl oidhreachta a chur ina n-áit ar fud an Cheantair Bhardasaigh in éineacht le comharthaí nua Pobail ar Aire a chur suas i bpáirt le Muintir na Tíre

I Lios Tuathail tógadh Gairdín Comórtha Céad Bliain 1916 i bPáirc an Bhaile agus chuir Bailte Slachtmhara Lios Tuathail, i bpáirt le Comhairle Contae Chiarraí, cathaoir in airde sa Chearnóg chun comóradh a dhéanamh ar bhronnadh an teidil Baile Beag is Slachtmhaire in Éirinn in 2015 agus 2016. Idir an dá linn cuireadh gairdín cnónna agus torthaí i bPáirc an Bhaile. Cuireadh comharthaí bainistithe tráchta níos fearr in airde i Lios Tuathail chomh maith le marcálaithe bóthair níos fearr..

BAILTE SLACHTMHARA

Chuir deich mbaile isteach ar na Bailte Slachtmhara in 2016 ceann nua amháin san áireamh, Mainistir Ó dTórna. Fógraíodh Lios Tuathail mar Baile Beag is Slachtmhaire in Éirinn 2016 don dara bliain as a chéile. Bronnadh Gradam Náisiúnta Díchill ar Dhubháth. Bhunaigh grúpaí pobail áitiúla bealaí siúil nua i mBéal Átha Longfoirt agus i dTairbeart agus táirgeadh treoracha freisin do na bealaí sin.

CISTE TACAÍOCHTA POBAIL

Ceadaíodh maoiniú do 65 grúpa agus tionscadal faoin gCiste Tacaíochta Pobail arbh fhiú €98,125 ar an iomlán é.

FÉILTE/IMEACHTAÍ

AR TUGADH TACAÍOCHT DÓIBH LE COMHOIBRIÚ IDIRGHNÍOMHAIREACHTA

Tatú Airm Lios Tuathail

Seachtain na Scríbhneoirí Lios Tuathail

Féile Cheoil Athbheochana (Lios Tuathail)

Peidleáil sa Pháirc (Lios Tuathail)

Féile Bhia Lios Tuathail

Fleadh Cheoil na Mumhan Lios Tuathail

Féile na Sióg Chill Flainn

Deireadh Seachtaine Sheáin Mhic Cárthaigh (Fionnúig)

Féile Shamhraidh (Baile Uí Thaidhg)

Mná sna Meáin Chumarsáide (Baile an Bhuinneánaigh)

Imeachtaí Nollag i Lios Tuathail lena n-áirítear trucail Coca Cola Cumann Eitpheile Trá na hÉireann (Baile an Bhuinneánaigh)

Féile Scannán Chiarraí taispeántas amuigh (Baile an Bhuinneánaigh)

Searmanas Comórtha Céad Bliain i mBéal Átha Longfoirt agus Gairdíní Comórtha Céad Bliain

Ceantar Bardasach Lios Tuathail

Cllr Robert Beasley
'Púicín', Bóthar an Dúna,
Baile an Bhuinneánaigh
Sinn Féin

Cllr Mike Kennelly
Cúl an Chláraigh,
Lios Tuathail
Fine Gael

Cllr John Lucid
Mountway, Baile Uí Thaidhg
Fianna Fáil

Cllr Jimmy Moloney
11 Cherrytree Drive,
Lios Tuathail
Fianna Fáil

Cllr Dianne Nolan
47 Faiche An Dromainn,
Lios Tuathail
Sinn Féin

Cllr Liam Purtill
An Phríomhshráid,
Béal Átha Longfoirt
Fine Gael

Cllr Aoife Thornton
Fionnúig, Leic Snámha
Fine Gael

CEANTAR BARDASACH CHILL AIRNE

Cllr Bobby O'Connell
Cathaoirleach 2015 – 2016

Cllr Brendan Cronin
Cathaoirleach 2016 – 2017

Micheál Ó Coileáin
Oifigeach an Cheantair Bhardasaigh

Líon cruinnithe in 2016
14

Cllr Bobby O'Connell
Cathaoirleach 2015-2016

Cllr Brendan Croinn
Cathaoirleach 2016-2017

Angela McAllen
Municipal District Manager

SCÉIM ATHNUACHANA BAILTE AGUS SRÁIDBHAILTE

Faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte d'éirigh le roinnt iarratas i gCeantar Bardasach Chill Airne, mar shampla, Oileán Ciarraí, mar a bhfuiltear chun Ionad Fiontar a bhunú in Áras Carnegie do Aontas Chomhlachais Oileán Ciarraí agus i nGníomh go Leith mar a bhfuiltear chun sreanga agus cáblaí a chur faoi thalamh sa sráidbhaile agus an carrchlós áitiúil a leathnú agus a athdhromchlú.

GRADAM AN BHRAIT CHORCRA

Deineadh athnuachan ar Ghradam an Bhrait Chorcra - ar creidiúnú idirnáisiúnta é do láir bhailte óna 5pm go 5am - do bhaile Chill Airne i Lúnasa agus eagraíodh lá feasachta don tionscadal i gcomhair mhí Mheán Fómhair.

IONAD CULTÚIR

D'éirigh le hiarratas ar mhaoiniú ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta i mí na Samhna 2016 chun an tIonad Cultúir i gCill Airne a athchóiriú mar spás léiriúcháin solúbtha. Cuirfidh an Roinn 50% den ghealltanas maoinithe €240,640 ar fáil agus Comhairle Contae Chiarraí an chuid eile de.

ÁRAS PHÁDRAIG

Cuireadh tús ag deireadh 2016 le comhairliúchán poiblí ar an úsáid is fearr a d'fhéadfaí a bhaint amach anseo as an iar-amharclann. Fostaíodh Exodea Consulting Ltd chun staidéar indéantachta a dhéanamh d'fhonn teacht ar úsáid éigin amach anseo don mhaoin ar Bhóthar an Lobhaoisigh.

BAILTE SLACHTMHARA

Thacaigh Comhairle Contae Chiarraí le hobair ghrúpaí Bailte Slachtmhara ar fud an Cheantair Bhardasaigh in 2016 agus fuair na hiarrthóirí ar fad tuairiscí maithe. I gCill Airne is cuid de chúram leanúnach Oifigeach an Cheantair Bhardasaigh é bheith i dteagmháil leis an nGrúpa Cill Airne ag Féachaint go Maith. Arís ní raibh Cill Airne ach cúpla pointe chun deiridh ón mbuaiteaoir in 2016 agus tá na caighdeáin an-ard ar fud na tíre.

CISTE TACAÍOCHTA POBAIL

Ba thosaíocht é an Ciste Tacaíochta Pobail i gCeantar Bardasach Chill Airne a bhainistiú agus a chomhordú in 2016. Cuireadh maoiniú €247,000 ar fáil do raon tionscadal agus grúpaí pobail agus deonacha.

Ceantar Bardasach Chill Airne

Cllr Brendan Cronin
Rathcommane,
Baile Uí Aichir Cill Airne
Neamhspleách

Cllr John Joe Culloty
Cnoc na Sceiche,
Cill Airne
Fianna Fáil

Cllr Donal Grady
2 Céide na Mailpe,
Cill Airne
Neamhspleách

Cllr Michael Gleeson
Claisín, Cill Airne
Cónaidhm
Neamhspleách Chiarraí
Theas

Cllr Maura Healy-Rae
An Phríomshráid,
Cill Gharbháin
Neamhspleách

Cllr Niall Kelleher
Ionad Gnó Fairhill,
Clós na Cúirte, Cill Airne
Fianna Fáil

Cllr Bobby O'Connell
15 Príomh-Shráid,
Oileán Ciarraí
Fine Gael

Cllr John Sheahan
An Cúil Garbh, Bóthar
Thrá Lí, Cill Airne
Fine Gael

IONTAOBHAITHE THEACH MHUCROIS

Freastalaíonn Oifigeach an Cheantair Bhardasaigh ar chruinnithe míosúla de Iontaobhaithe Theach Mhucrois thar ceann Chomhairle Contae Chiarraí.

GRÚPA ROCHTANA

Déanann Ceantar Bardasach Chill Airne teagmháil gach ráithe le Grúpa Rochtana Chill Airne lena chinntiú go mbíonn rochtain éasca ag daoine de gach aois agus cumas ar shaoráidí i gCill Airne. Coimeádadh teagmháil rialta leis an ngrúpa chun an t-eolas is déanaí a thabhairt dóibh maidir le oibreacha atá ar siúl ar an mbaile a imríonn tionchar ar rochtain ar chosáin, páirceáil agus maidir le cúrsaí eile a bhaineann leo.



Uasghrádú Shráid Phluincéid

SRÁID PHLUINCÉID

I mí na Nollag d'fhoilsigh Comhairle Contae Chiarraí glao ar thairiscintí i gcomhair uasghrádú €300,000 ar Shráid Phluincéid. Leis an tionscadal seo tá i gceist na cosáin le hais na sráide a leathnú agus dromchla bóthair ardsonrúcháin a chur síos agus réimeas poiblí atá níos báúla do choisithe a fhorbairt.

LÁNAÍ

In 2016 cuireadh tús le comharthaí oiriúnacha a scríobh agus a dhearadh do lánaí Chill Airne ar a mbeidh ainm ceart an lána agus cuntas gairid ar stair an cheantair ar phlaiceanna miotail.

Thosaigh Ceantar Bardasach Chill Airne ag obair le gnóthaí, grúpa Bailte Slachtmhara agus bailitheoirí dramhaíola chun teacht ar réiteach ar bhfadhb le stóráil araidí agus le pointí bailithe araidí i Lána na hEaglaise agus Carrchlós na Gléibe.

CRUINNITHE POBAIL

Bíonn cruinnithe rialta ag foireann Cheantar Bardasach Chill Airne le grúpaí ó gach cearn den Cheantar Bardasach ina bpléitear an iliomad ábhar. Tionóladh cruinnithe in 2016 freisin le comhlachtaí amhail Forbairt Oirthuaisceart agus Iarthar Chiarraí, Páirtnéireacht Forbartha Chiarraí Theas, IRD Dhúiche Ealla agus an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra.

NASCADH

Lena chinntiú go leanfar de na socruithe atá ann faoi láthair maidir le nascadh agus d'fhonn iniúchadh a dhéanamh maidir le naisc straitéiseacha eile a d'fhéadfaí a dhéanamh, d'aontaigh baill thofa Cheantar Bardasach Chill Airne 'Coiste um Nascadh Straitéiseach do Cheantar Bardasach Chill Airne' a bhunú. D'aontaigh comhairleoirí go mbeadh an coiste mar fhochoiste den Cheantar Bardasach agus go n-ainmneofaí na baill tar éis glao poiblí ar léirithe spéise.

Is é príomhchuspóir an choiste moltaí a thabhairt do na baill thofa maidir le cúraimí a bhaineann le nascadh agus iniúchadh a dhéanamh ar a bhféadfaí a bhaint amach le socruithe nasctha straitéisigh eile. Comhaontaíodh na téarmaí tagartha don choiste seo leis na comhairleoirí i gCeantar Bardasach Chill Airne.

In 2016 tionóladh ceithre chruinniú inar cuireadh na tionscadail seo a leanas chun cinn:

Thug toscaireachtaí ó bhailte/cathracha nasctha, Pleinfeld, an Ghearmáin, Staffanstorp, an tSualainn agus Cooper City, SAM cuairt ar Chill Airne d'Fhéile Naomh Pádraig i mí an Mhárta 2016.

Thug Méara Kendal (Cumbria, an Ríocht Aontaithe) cuairt ar Chill Airne i mí Iúil.

D'fhreastail an Clr. John Joe Culloty agus Maureen Hegarty ó Choiste um Nascadh Straitéiseach Cheantar Bardasach Chill Airne ar Kendal Mountain Festival i mí na Samhna 2016 chun an fhéile a fheiscint iad féin agus féachaint an bhféadfaí rud dá leithéid a chur in oiriúint Chill Airne mar Fhéile Shléibhte Chill Airne.

In 2016, faoin gCiste Tacaíochta Pobail, dáileadh €6,000 ar Choiste um Nascadh Straitéiseach Cheantar Bardasach Chill Airne.

CEANTAR BARDASACH THRÁ LÍ

Cllr Thomas McEllistrim
Cathaoirleach 2015 – 2016

Cllr Terry O'Brien
Cathaoirleach 2016 – 2017

Noreen O'Connor
Oifigeach an Cheantair Bhardasaigh

Líon cruinnithe in 2016
15

Cllr Thomas McEllistrim
Cathaoirleach 2015-2016

Cllr Terry O'Brien
Cathaoirleach 2016-2017

Michael Scannell
Municipal District Manager

BONNEAGAR

Fuarthas cead pleanála cúig áitreabh cónaithe a leagan agus 15 áitreabh cónaithe a thógáil chomh maith le bóthar nua agus oibreacha gaolmhara i gChuain Mhór, Trá Lí mar chuid de Scéim Athnuachana Bhóthair Bhuí.

Cead pleanála do 21 áitreabh stóir shingil d'aosaigh agus do dhaoine le riachtanais speisialta i gCillín, Trá Lí.

Cead pleanála Spás Roinnte a thabhairt isteach ag Sráid an Droichid, Sráid an Ruiséalaigh agus an Meal, Trá Lí

Oibreacha feabhsúcháin ag an acomhal idir an N86 agus Bóthar Bhaile an Mhuilinn L-6725 i mBaile an Mhuilinn.

LÁTHAIR DEINÍ/ OILEÁN NA NGÉANNA

Deineadh dul chun cinn mór leis an bhforbairt ar an láithreán 2.3 acra ar iar-láthair mhonarcha Deiní ar Oileán na nGéanna d'fhonn máistirphlean a chruthú do limistéar Lár Baile Thiar Thrá Lí. Bhí tréimhse fhada chomhairliúcháin phoiblí i rith an tsamhraidh chun a fháil amach faoi dhearcadh an phobail ar conas ab fhearr an láthair straitéiseach seo a fhorbairt.
(Féach lth. 43)

Críochnaíodh Cuid VIII den phróiseas pleanála don mhonarcha a leagan agus lorgaíodh tairiscintí chun conraitheoir a cheapadh don obair seo.

CISTE TACAÍOCHTA POBAIL

Leithdháileadh €241,000 ar ghrúpaí i gCeantar Bardasach Thrá í chun tacú le raon grúpaí, imeachtaí agus tionscadail phobail.

BEALACH SIÚIL NA CANÁLA

Críochnaíodh an bealach siúil agus rothaíochta agus deineadh athdhromchlú taobh leis an gcanáil chun bealach rothaíochta agus bealach siúil comhroinnte a chruthú le soilsiú poiblí agus tírdhreach nua.

SRÁID DEINÍ AGUS AN MEAL

Cuireadh tús le hobair ullmhúcháin don chóras tráchta débhealaigh a thabhairt isteach ar Shráid Deiní in 2017. Lorgaíodh tairiscintí ag deireadh na bliana chun spás roinnte a bhunú ar an Meal mar chuid d'fheabhsúchán €1.7m i lár an bhaile.

AN LÍNE Ó THRÁ LÍ GO DTÍ AN FHIANAIT

Aistríodh úinéireacht na líne ó CIE go Comhairle Contae Chiarraí le go mbeifí in ann bealach siúil agus rothaíochta a fhorbairt agus cuireadh deireadh leis an bpróiseas ag deireadh 2016.

Bealach Siúil na Canála'

Monarcha Deiní

Monarcha Deiní

Ceantar Bardasach Thrá Lí

Cllr Pa Daly
23 Sráid na Carraige,
Trá Lí
Sinn Féin

Cllr Toiréasa Ferris
Cnocáin, Ard Fhearta
Sinn Féin

Cllr Jim Finucane
13/14 Sráid Deiní, Trá Lí
Fine Gael

Cllr Norma Foley
Rae Staughton, Trá Lí
Fianna Fáil

Cllr Sam Locke
81 Br na Spá, Trá Lí
Neamhspleách

Cllr Pat McCarthy
Maglass, Baile Mhic
Uileagóid, Trá Lí
Fine Gael

Cllr Thomas McEllistrim
Áthán, Baile Mhic
Uileagóid, Trá Lí
Fianna Fáil

Cllr Terry O'Brien
Tóin an Bháin, Trá Lí
Lucht Oibre

Cllr Graham Spring
31 Tobar an Domhnaigh,
Lios Luais, Trá Lí
Lucht Oibre

Peidleáil sa Pháirc á seoladh i dTrá Lí

TIONSCADAL SCRÚDAITHE SLÁINTE THRÁ LÍ

Leanadh ar aghaidh leis an obair ar an tionscadal seo, i bpáirt leis an gComhairle Oidhreachta, a bhfuil sé mar aidhm leis borradh a chur arís faoin saol agus faoin ngnó i lár an bhaile agus ar cuid den tionscadal é taighde a dhéanamh ar gach gné den saol sa chomharsanacht. Nuair a bheidh sé críochnaithe cuirfear an taighde ar fad le chéile agus foilseofar é i dtuarascáil mhion ar chúrsaí tráchtála, cultúrir agus turasóireachta a bheidh mar bhonn do phleanáil agus d'fhorbairtí sa bhaile amach anseo.

TRÁ LÍ 800

Leithdháileadh €241,000 ar ghrúpaí i gCeantar Bardasach Thrá í chun tacú le raon grúpaí, imeachtaí agus tionscadail phobail.

CISTE TACAÍOCHTA POBAIL

Fuair sráidbhaile na Fianaite deontas €76,000 faoin scéim le haghaidh oibreacha feabhsúcháin ar an tslí isteach go dtí an sráidbhaile agus chun Plean Feabhsúcháin ar an Réimse Poiblí a fhorbairt agus spás poiblí lárnach nua a dhearadh ina dtabharfar isteach an carrchlós/promanáid.

SCÉIM ATHNUACHANA BAILTE AGUS SRÁIDBHAILTE

Fuair sráidbhaile na Fianaite deontas €76,000 faoin scéim le haghaidh oibreacha feabhsúcháin ar an tslí isteach go dtí an sráidbhaile agus chun Plean Feabhsúcháin ar an Réimse Poiblí a fhorbairt agus spás poiblí lárnach nua a dhearadh ina dtabharfar isteach an carrchlós/promanáid.

CLÁR

Faoi chlár CLÁR, fuarthas maoiniú €53,000 do bhearta um shábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú ar bhóithre atá in aice le trí cinn de bhunscoileanna sa cheantar - Nuachabháil, Na Coirríní agus Brosnach.

BAILTE SLACHTMHARA

Ghnóthaigh Trá Lí bonn óir arís i gcomórtas na mBailte Slachtmhara arb é an cúigiú huair as a chéile don mbaile é an bonn óir a bhuachaint.

Féile Thrá Lí 800

Seimineár leis an Ombudsman i dTrá Lí

An comhairliúchán poiblí maidir le monarcha Deiní á sheoladh

Clár Fhéile Thrá Lí 800 á sheoladh

CEANTAR BARDASACH CHIARRAÍ THEAS agus THIAR

Cllr Patrick Connor Scarteen
Cathaoirleach 2015-2016

Cllr John Francis Flynn
Cathaoirleach 2016-2017

Martin O'Donoghue
Municipal District Manager

Cllr Patrick Connor Scarteen
Cathaoirleach 2015 – 2016

Cllr John Francis Flynn
Cathaoirleach 2016 – 2017

Siobhán Griffin
Oifigeach an Cheantair Bhardasaigh

Líon cruinnithe in 2016
12

RANNPHÁIRTÍOCHT AN PHOBAIL

In 2016 tionóladh cruinnithe le hionadaithe pobail ó Bhaile na nGall, Abhainn an Scáil, An Clochán/Bhréanainn, Baile an Mhuilinn, Cill Orglan, An Cromán, Cathair Saidhbhín, Baile an Sceilg agus Neidín agus comhaontaíodh pleananna oibre. Cothaíodh teagmháil leanúnach lena lán pobal eile.

Chomh maith leis sin bhí cruinnithe le Bainisteoir an Cheantair Bhardasaigh, Innealtóir an Cheantair Bhardasaigh agus Oifigeach an Cheantair Bhardasaigh sa Daingean, i gCill Orglan agus i Neidín.

Trí oifig an Innealtóir an Cheantair Bhardasaigh bhí teagmháil leanúnach ann leis an bpobal i gcoitinne i Neidín i ndáil le socruithe corrthrádála ar an mbaile.

CISTE TACAÍOCHTA POBAIL 2016

Fuarthas 123 iarratas in 2016 agus tugadh maoiniú €132,000 do 80 díobh.

BAILTE SLACHTMHARA

Chuir 14 Ghrúpa ó Cheantar Bardasach Chiarraí Theas agus Thiar isteach ar Chomórtas na mBailte Slachtmhara in 2016. Dheineadar ar fad dul chun cinn suntasach agus thuilleadar ar fad níos mó marcanna an babhta seo.

Rannpháirtithe in Mórtas Ceantair ag na gradaim náisiúnta i mBéal Feirste

REDZ
(CRIOSANNA D'FHORBAIRT EACNAMAÍOCH NA TUAITHE)

Fuair Comhairle Contae Chiarraí €150,195 a comhroinneadh idir Ceantar Bardasach Chiarraí Theas agus Thiar agus Ceantar Bardasach Chill Airne don Fhóram um Rochtain ar na Cruacha Dubha le haghaidh gnáthóga a athshlánú agus bealaí siúil ar na sléibhte a dheisiú.

UÍBH RÁTHACH Á SHAMHLÚ

Dhein mic léinn ón Institiúid gan Teorainneacha, atá bunaithe in Toronto, le tacaíocht ón bpobal áitiúil agus ó Chomhairle Contae Chiarraí, staidéar ar feadh bliain acadúil iomlán de thaighde iar-chéime ar mheicníochtaí chun borradh a chur faoin turasóireacht, fiontraíocht agus faoin infheistíocht san eolaíocht agus sa teicneolaíocht Ba iad na ceithre phríomhthéama don tionscadal - Contae Chiarraí mar cheann scríbe, Eolaíocht agus Éiceolaíocht, Cultúr agus Oidhreacht, Nuálaíocht agus Tionscail Nua. Foilsíodh an tuarascáil Uíbh Ráthach á Shamhlú in 2016 agus tá dhá cheann de na réimsí oibre ag dul ar aghaidh; ceann acu a bhaineann le an tionscadal WEAVE a fhorbairt i gCathair Saidhbhín, bunaithe ar spás taighde agus foghlama agus tionscadal eile Muinín lena ndéantar teagmháil le daoine óga sa cheantar.

SCÉIM ATHNUACHANA BAILTE agus SRÁIDBHAILTE

Leithdháileadh maoiniú €71,777 ar an tSnaidhm do Ghrúpa an Ionaid Fiontraíochta. Tá an grúpa seo ag i obair i gcomhpháirt le Comhairle Contae Chiarraí, an tÚdarás Forbartha Tionscail, Páirtnéireacht Forbartha Chiarraí Theas agus an Oifig Fiontraíochta Áitiúil ó bunaíodh é in 2014 chun cuideachtaí a spreagadh chun deiseanna oibre sa bhaile/mhol a chur ar fáil do dhaoine sa tSnaidhm agus sna ceantair máguaird, agus d'fhonn cabhair a thabhairt do dhaoine ar mhian leo lonnú sa tSnaidhm agus chun dul i dteagmháil le fostóirí a thairgeann 'obair ón mbaile'.

Leithdháileadh maoiniú €46,455 ar an gCaladh i gcomhair carrchlóis a thacóidh chun freastal ar an méadú atá tagtha ar líon na dturasóirí ag amach go dtí Sceilg Mhichíl. Leis an tionscadal seo beifear in ann 22 spás páirceála breise a fhorbairt don sráidbhaile.

Municipal District of South & West

Cllr Michael Cahill
Rossbeigh, Glenbeigh
Fianna Fáil

Cllr Patrick Connor-Scarteen
5 Main Street, Kenmare
Fine Gael

Cllr Séamus Cosaí Fitzgerald
Droichead Bán, Na Gleannta, Daingean Uí Chúis Fine Gael

Cllr John Francis Flynn
Upper Tullig, Caragh Lake, Killorglin
Fianna Fáil

Cllr Johnny Healy-Rae
Main Street, Kilgarvan
Non-Party

Cllr Dan McCarthy
Kilcurrane East, Kenmare
Non-Party

Cllr Norma Moriarty
Main Street, Waterville
Fianna Fáil

Cllr Michael O'Shea
Chapel Lane, Milltown
Fianna Fáil

Cllr Damian Quigg
Tulligmore, Killorglin
Sinn Féin

CLÁR

Cuireadh maoiniú CLÁR ar fáil i gcomhair bóthar rochtana go dtí an t-ionad pobail agus an pháirc CLG in Abhainn an Scáil agus bóthar rochtana go páirc sacair Chill Orglan.

PLEANANNA SOCHEACNAMAÍOCHA

D'oibrigh Oifigeach an Cheantair Bhardasaigh le Páirtnéireacht Forbartha Chiarraí Theas ar thogra le haghaidh trí phlean socheacnamíoch ar leith faoi cheannas an phobail do Chill Orglan, Neidín agus Cathair Saidhbhín a ullmhú agus a éascú faoin gclár LEADER. Is é an aidhm atá leis ná pleananna socheacnamaíocha do na pobail a chomhtháthú le polasaithe atá ann cheana féin amhail an Plean Eacnamaíoch agus Pobail. Eisíodh cuireadh chun tairisceana don obair i mí na Nollag.

Idir an dá linn chríochnaigh an Dr. Brendan O'Keefe ó Choláiste Mhuire gan Smál a anailís staitistiúil tosaigh ar an bpobal i mBaile an Mhuilinn. Beidh sé seo mar bhonn faoi phlean oibre agus faoi struchtúr ionadaíoch don phobal a fhorbairt. Tionóladh roinnt cruinnithe le hionadaithe pobail chun rannpháirtíocht sa phróiseas a chinntiú le súil le plean socheacnamaíoch a fhorbairt don cheantar

BAILTE SLACHTMHARA

Tá cuireadh chun tairisceana tugtha ag Páirtnéireacht Forbartha Chiarraí Theas i gcomhairle le Comhairle Contae Chiarraí le haghaidh pleananna trí bliana a ullmhú do bhailte agus do shráidbhailte. Tá suas le 24 ceantar ann a d'fhéadfadh leas a bhaint as plean dá leithéid. Eisíodh an cuireadh chun tairisceana don obair i mí na Nollag 2016.

GRÚPA AONTAIS CHATHAIR SAIDHBHÍN

Tionóladh réamhchruinniú ar an 22 Samhain, ina raibh thart ar 60 duine i láthair, i gCathair Saidhbhín maidir le struchtúr ionadaíoch pobail a bhunú don mbaile agus tá an obair sin ag dul ar aghaidh faoi láthair.

GRADAIM MHÓRTAS CEANTAIR

Tionóladh Gradaim Mhórtas Ceantair 2016 i mBéal Feirste ar an 26 Samhain. Bronnadh an gradam dara áit ina chatagóir do Thionscadal na bhFear Tuaithe. D'éirigh go maith le pobal Ghleann Chárthaigh agus Uíbh Ráthach á Shamhlú ina gcatagóirí faoi seach.

STRAITÉIS AOISBHÁ

Mar chuid den tionscadal Aoisbhá Éireann i gCiarraí, cuireadh oiliúint ar fáil do dhaoine ar leith a mbíonn tionchar ag a mbearta agus a gcinntí ar shaol daoine scothaosta i gCiarraí. Le linn an tseisiúin laethlae clúdaíodh dea-chleachtas maidir le tithíocht agus an réimse poiblí. I measc na nithe a d'eascair as bhí feasacht níos mó ar theicnící deartha agus dea-chleachtas is féidir a chur i bhfeidhm ar obair atá ag dul ar aghaidh. I mí an Mheithimh cuireadh le chéile réamhphlean oibre le cur isteach lena mheas. Deineadh taighde i Meitheamh/Samhain agus cuireadh suirbhé timpeall tar éis cur i láthair ag Lá Eolais Bliantúil na Seanchairde.

Michael Scannell
Stiúrthóir Seirbhísí (Gníomhach)

OIFIG FIONTAIR ÁITIÚIL

AONAD UM FHORBAIRT EACNAMAÍOCH

STIÚRTHÓIREACHT UM

FHORBAIRT EACNAMAÍOCH AGUS POBAIL

PLEANÁIL AGUS FORBAIRT INBHUANAITHE

TURASÓIREACHT

POBAL

OIFIG FIONTAIR ÁITIÚIL CHIARRAÍ

Tugann Oifig Fiontair Áitiúil Chomhairle Contae Chiarraí tacaíocht agus seirbhísí a chabhraíonn le gnóthais bheaga a bhunú, a fhás agus a fhorbairt i gCiarraí.

Ó 2014 is cuid den údarás áitiúil í an Oifig Fiontair Áitiúil agus aistríodh í go dtí Áras an Chontae sa Ráth Teas, Trá Lí. Leanadh de na córais a aistriú ann agus an Oifig a chomhtháthú san údarás áitiúil i rith 2016. Tá an athchóiriú ar an oifig nach mór críochnaithe anois agus tá an fhoireann tar éis bogadh isteach sna hoifigí nua.

Tá obair mhaith déanta ag Oifig Fiontair Áitiúil Chiarraí in 2016. D'éirigh leo roinnt rudaí tábhachtacha chur i gcrích:

Tháinig an Coiste um Cheaduithe agus Mheasúnuithe le chéile cúig huaire agus ceadaíodh 24 thionscadal do mhaoiniú iomlán €346,430. D'fhéadfadh an tacaíocht seo 95 phost a chruthú agus fostaíocht bhreise.

Íocadh iomlán d €299,856 le tionscadail a ceadaíodh i rith na bliana agus ag deireadh na bliana bhí €288,198 geallta ag an Oifig Fiontair Áitiúil do thionscadail nua.

Caitheadh €276,867 san iomlán ar thacaíochtaí oiliúna agus meantóireachta agus d'fhreastail breis is 1,200 duine ar chláir agus seimineáir oiliúna.

Gealladh €66,000 eile do Chomórtas na bhFiontraithe Óga Is Fearr in Éirnn ina raibh breis is 70 iarrthóir.

Ceadaíodh Dearbháin Trádála Ar Líne do 60 gnó agus caitheadh €80,241 ar an tionscnamh.

Tugadh cúnamh do 19 ngnó cliaint chun iarratais a chur isteach ar iasachtaí ó Microfinance Ireland.

Ghlac 21 scoil páirt i nGradaim Fiontraíochta na Mac Léinn agus bhunaigh na mic léinn breis is 60 mionghnó.

Cuireadh Mí Fiontraíochta Chiarraí 2016 ar siúl i mí an Mhárta in éineacht le gníomhaireachtaí eile Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí, Fiontraíocht Éireann, Údarás na Gaeltachta agus na cuideachtaí áitiúla forbartha.

Bhí an Oifig Fiontair Áitiúil páirteach i bhFóram Bia Chiarraí Chorcaí 2016 agus i Lá Náisiúnta Fiontraíochta na mBan.

Tugadh cabhair leanúnach do Líonra Bia na Ríochta, Líonra Ceardaíochta Chiarraí agus do Líonra Gnó Mhná Chiarraí.

Chuir an Oifig Fiontair Áitiúil agus an Roinn Turasóireachta i bpáirt le Blas Chiarraí chomhthogra maoinithe faoi bhráid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Muirí agus fuarthas maoiniú breise €57,400 do raon gníomhaíochtaí faoi chlár agrathurasóireachta CEDRA.

Tá an Oifig Fiontair Áitiúil ag leanúint de bheith ag obair go dlúth le Líonra an Ionaid Nuálaíochta lena n-áirítear, Nuálaíocht Teicneolaíochta Chill Airne, Ionad Gnó Thomáis Chriain agus Mol Bia Chiarraí.

273 GNÍOMH I STRAITÉIS TURASÓIREACHTA agus PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA 2016-2022

512 GRÚPA POBAIL CLÁRAITHE LE LÍONRA PÁIRTÍOCHTA POBAIL CHIARRAÍ

MHEALL IONAD BOGACH BHÁ THRÁ LÍ

21,774 CUAIRTEOIRÍ A D'ÍOC AS TURAS IN 2016

1,308 IARRATAS PLEANÁLA FAIGHTE IN 2016

24 TIONSCADAL CEADAITHE LE HAGHAIDH MAOINIÚ

MÉADÚ **11%** AR 2015

€346,430 AG AN OIFIG FIONTAIR ÁITIÚIL

LEITHDHÁILEADH **€750,000** DO **350** TIONSCADAL FAOIN GCISTE TACAÍOCHTA POBAIL

MÉADÚ **4,000** AR LÍON NA GCUAIRTEOIRÍ GO MUILEANN GAOITHE CHATHAIR UÍ MHÓRÁIN IN 2016

Mol Tuile na bhFoidhrí

AONAD UM FHORBAIRT EACNAMAÍOCHT

PLEANÁIL CHUN CINN

Is príomhról de chuid an Aonaid Pleanála Polasaí é polasaithe agus cuspóirí eacnamaíocha, sóisialta agus bonneagair a chur le chéile a bheidh mar bhonn faoin bhforbairt inbhuanaithe, phleanáilte i gContae Chiarraí. Tá na polasaithe/cuspóirí seo le fáil i Plean Forbartha an Chontae agus i bPleananna Ceantair Áitiúil an Limistéir Fheidhmigh.

In 2016 cuireadh na réimsí seo a leanas chun cinn:

Críochnaíodh agus glacadh athruithe ar Phleananna Forbartha Bhaile Thrá Lí agus Bhaile Lios Tuathail 2009 - 2015

Deineadh dul chun cinn leis an Dréachtscéim do Ranníocaíocht Forbartha

Cuireadh tús le Plean Ceantair Bhardasaigh Chill Airne a ullmhú.

Deineadh dul chun cinn leis na Treoirlínte maidir le Dearadh Aghaidheanna Siopaí

Deineadh monatóireacht agus athbhreithniú ar na staitisticí cónaithe agus tráchtála ar fad sa chontae

Ullmhaíodh tionscadal píolótach um Sheiceáil Sláinte Lár Bhaile Thrá Lí i bpáirt leis an gComhairle Oidhreachta agus Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí.

AONAD PLEANÁLA POLASAÍ

Is cuid den Aonad Pleanála Polasaí iad an tAonad um Fhorbairt Eacnamaíoch iad agus an tAonad um Measúnú Comhshaoil. Deineann an tAonad um Fhorbairt Eacnamaíoch cruthú fostaíochta agus an fhorbairt eacnamaíoch a éascú laistigh den chontae. I gcaitheamh 2016:

D'aithin an tAonad um Fhorbairt Eacnamaíoch roinnt láithreán deiseanna/tionsclaíochta ar fud an chontae a d'fhéadfaí a fhorbairt.

Bhí an tAonad i dteagmháil leis an Oifig Fiontair Áitiúil agus leis an gCoiste um Fhorbairt pobail Áitiúil maidir le scéimeanna LEADER agus tionscadail eile.

Deineadh dul chun cinn suntasach maidir le athfhorbairt iar-láthair mhonarcha Deiní i dTrá Lí. Deineadh comhairliúchán fairsing maidir le máistirphlean a dhréachtú don láthair trí chéile.

OILEÁN NA NGÉANNA/ LÁTHAIR MHONARCHA DEINÍE

I mí Iúil 2016 d'fhógair Comhairle Contae Chiarraí an chéad chéim den chomhairliúchán poiblí ar an úsáid a bhainfear as láthair mhonarchara bhágúin Deiní ar Oileán na nGéanna i dTrá Lí a thug Kerry Group do mhuintir Thrá Lí in 2014. Tá maoiniú €1.5m faighte ag an gComhairle ó Fhorbairt Réigiúnach na hEorpa le cúnamh ó Thionól Réigiúnach an Deiscirt i gcomhair athnuachan na láithreach stairiúla seo ar acmhainn luachmhar í lena bhféadfaí borradh a chur faoin gcuid seo den mbaile.

Cuireadh tús leis an bpróiseas comhairliúcháin ar thodhchaí 'Oileán na nGéanna' - ainm stairiúil an limistéir - ag an am céanna is a seoladh suíomh gréasáin nua, www.theislandtralee.ie mar a raibh daoine in ann logáil isteach agus tuairimí a thabhairt. Bhí foirmeacha don suirbhé ar fáil ag 20 suíomh ar fud Thrá Lí.
Ar feadh tréimhse sé seachtaine mhol baill phobail smaointe a úsáidfear chun máistirphlean a chur le chéile don láthair 2.3 acra, a choinneofar ar a laghad 30% de mar spás áineasa pobail.

As 766 aighneacht a cuireadh isteach, fuarthas 605 díobh ar na foirmeacha ar líne 'Share my Idea' ag www.theislandtralee.ie agus ar chóip chrua fuarthas 69 aighneacht i scríbhinn agus deineadh 92 aighneacht ag ceardlanna a ritheadh i dTrá Lí ar an 21 Meán Fómhair. Thiomsaigh Roinn Pleanála Chomhairle Contae Chiarraí na haighneachtaí ar fad agus dhein catagóiriú orthu agus úsáidfear iad i gcomhair máistirphlean d'athfhorbairt na láithreach.

Chomhaontaigh an Chomhairle i mí na Nollag próiseas pleanála Chuid VII a cheadóidh na foirgnimh ann a leagan agus an láthair a réiteach.

An comhairliúchán poiblí maidir le monarcha Deiní á sheoladh

Monarcha Deiní

OIFIGEACH UM FHORBAIRT EACNAMAÍOCH

Bridget Fitzgerald
Oifigeach um Fhorbairt Eacnamaíoch

Cheap Comhairle Contae Chiarraí Oifigeach um Fhorbairt Eacnamaíoch i mí na Samhna 2016. Is cuid lárnach de ról an Oifigigh um Fhorbairt Eacnamaíoch é cruthú fostaíochta agus forbairt eacnamaíoch a chur chun cinn agus a éascú sa chontae agus an Plean Pobail agus Eacnamaíoch Áitiúil a glacadh in 2016 a chur chun feidhme.

LEATHANBHANDA

Cheap Comhairle Contae Chiarraí Oifigeach Leathanbhanda in 2016 a oibreoidh leis an Oifigeach um Fhorbairt Eacnamaíoch lena chinntiú go mbeidh Ciarraí i dtús áite maidir le nascacht leathanbhanda ardluais a bheith ar fáil.

Bhí Comhairle Contae Chiarraí i dteagmháil leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta i ndáil le Moil Rochtana Pobail Straitéiseacha agus Pointí Nasctha Straitéiseacha i bpobail ar fud Chiarraí. Forbraíodh na suíomhanna seo i dtaca le Straitéis Leathanbhanda an Chontae a cuireadh le chéile in 2015. Tabharfaidh buaiteoirí na gconarthaí faoin bPlean Náisiúnta Leathanbhanda tús áite do na suíomhanna seo nuair a bhronnfaidh an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil iad in 2017. Úsáideadh an t-inneall nua mapála GIS chun cabhrú leis an bpróiseas seo.

MOIL CHÓSTA

Tacaíonn Comhairle Contae Chiarraí le Tionscnaimh na Mol Cósta atá ar siúl sa Daingean, i gCathair Saidhbhín agus ar an tSnaidhm agus oibríonn an chomhairle i ndlúthpháirt leosan atá rannpháirteach sna tionscadail i rith na bliana.

PLEANÁIL CHUN CINN

Is príomhról de chuid an Aonaid Pleanála Polasaí é polasaithe agus cuspóirí eacnamaíocha, sóisialta agus bonneagair a chur le chéile a bheidh mar bhonn faoin bhforbairt inbhuanaithe, phleanáilte i gContae Chiarraí. Tá na polasaithe/cuspóirí seo le fáil i Plean Forbartha an Chontae agus i bPleananna Ceantair Áitiúil an Limistéir Fheidhmigh.

In 2016 cuireadh na réimsí seo a leanas chun cinn:

Críochnaíodh agus glacadh athruithe ar Phleananna Forbartha Bhaile Thrá Lí agus Bhaile Lios Tuathail 2009 - 2015

Deineadh dul chun cinn leis an Dréachtscéim do Ranníocaíocht Forbartha

Cuireadh tús le Plean Ceantair Bhardasaigh Chill Airne a ullmhú.

Deineadh dul chun cinn leis na Treoirlínte maidir le Dearadh Aghaidheanna Siopaí

Deineadh monatóireacht agus athbhreithniú ar na staitisticí cónaithe agus tráchtála ar fad sa chontae

Ullmhaíodh tionscadal píolótach um Sheiceáil Sláinte Lár Bhaile Thrá Lí i bpáirt leis an gComhairle Oidhreachta agus Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí.

IONAD TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHTA AN SCEILG

Cuireadh tionscnamh spleách oideachais agus taighde chun cinn d'Uíbh Ráthach. I gcomhpháirt le hOllscoil Chorcaí, sannadh ceannaire tionscadail in 2016 chun tionscadal a fhorbairt a thabharfadh deiseanna oideachais agus taighde a bheidh bunaithe go háitiúil.

Expo Gnó agus Fostaíochta Chiarraí 2016 á sheoladh

PLEANÁIL AGUS FORBAIRT INBHUANAITHET

Tá sé i gceist leis an Rannóg Pleanála agus Forbartha Inbhuanaithe bearta a spreagadh, a chur chun cinn agus a éascú a chabhróidh le timpeallacht fhisiciúil agus eacnamaíoch dhe-bhainistithe laistigh de Chontae Chiarraí. Sa rannóg seo tá na haonaid ghnó seo a leanas:

PLEANÁIL CHUN CINN

BAINISTÍOCHT FORBARTHA

MEASÚNÚ TIMPEALLACHTA

COMHAIRLE AGUS TACAÍOCHT PHLEANÁLA

FORFHEIDHMIÚ

GNÍOMHAÍOCHTAÍ PLEANÁLA

Ba léir an feabhas atá ag teacht ar an ngeilleagar ón ardú atá tagtha ar na leibhéil ghníomhaíochta maidir le rialú pleanála agus 1,308 iarratas pleanála faighte in 2016, méadú 11% ar 2015.

Bhí an méadú seo ar ghníomhaíochtaí i gcomhréir le údaráis áitiúla thuaithe eile ar fud na tíre agus d'fhéadfaí a thuiscint uaidh go bhfuil deireadh ag teacht leis an laghdú ar iarratais a bhí ann le roinnt blianta anuas.

Leis na hathruithe a tugadh isteach le hAlt 28 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2010 (arna leasú), tharla roinnt mhaith iarratas ar shíntí ar fhad tréimhse ceadanna pleanála agus 59 iarratas dá leithéid faighte in 2016.

AONAD NA NEASTÁT TITHÍOCHTA

Tá dul chun cinn déanta ag Comhairle Contae Chiarraí le roinnt blianta anuas maidir le dul i ngleic le fadhbanna a aithníodh le heastáit tithíochta neamhchríochnaithe ar fud an chontae. Deineadh obair ar na heastáit ba mheasa agus tá feabhas mór tagtha dá réir ar chaighdeán saoil na n-áitritheoirí. I rith 2016 ar fad lean Aonad na nEastát Tithíochta de bheith ag obair le forbróirí agus dul sa tóir ar bhannaí gan íoc chun déileáil le fadhbanna in eastáit den saghas sin.

Chuir an Tionscnamh Náisúnta um Eastáit Chónaithe a Ghlacadh ar Láimh (NTICI) a tugadh isteach in 2016 dlús leis an bpróiseas sin. Chaith Comhairle Contae Chiarraí a leithdháileadh €362,652 ón rialtas ar oibreacha ar 18 n-eastát faoin tionscnamh seo in 2016. Glacadh naoi n-eastát tithíochta ar láimh sa phróiseas reachtúil seo agus tá tús curtha le naoi gcinn eile a ghlacadh ar láimh.

TIONSCNAIMH UM LUACH AR AIRGEAD

Deineadh dul chun cinn le roinnt tionscnamh um luach ar airgead in 2016:

Aon chlódóireacht a bhain leis na pleananna seo deineadh intí iad agus deintear na Pleananna Ceantair Áitiúil ar fad a tháirgeadh ar CDanna anois lena ndáileadh ar na comhlachtaí forordaithe ar fad.

Thug an tAonadh Pleanála Chun Cinn tacaíocht le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus Measúnacht Oiriúnachta do gach rannóg den údarás áitiúil i ndáil pleananna agus tionscadail a mbíonn Tástáil i leith Measúnacht Oiriúnachta ag teastáil dóibh agus tuairiscí Chéim a Dó ina dhiaidh sin más ábhartha.

Dhein foireann intí na comhairle na Measúnachtaí Straitéiseacha Timpeallachta agus Measúnachtaí Treoirlínte maidir le Gnáthóga agus na pleananna, straitéisí agus athruithe ar fad a bhain leo.

OIFIG CAOMHANTAIS

Tá an Oifig Caomhantais freagrach as comhairle theicniúil agus treoir a thabhairt maidir le hoidhreacht thógtha an chontae a chaomhnú. Is é an cuspóir ná oidhreacht ailtireachta shaibhir Chiarraí a chaomhnú agus a hinbhuanaitheacht sa todhchaí a chinntiú. Tá 1,255 struchtúr faoi chosaint sa chontae chomh maith le saibhreas d'oidhreacht dhúchasach a imríonn thar a bheith tábhachtach ó thaobh na turasóireachta, an gheilleagair áitiúil agus mórtas ceantair de.

Príomhéachtaí 2016:

D'éirigh go maith le riar an Chiste um Struchtúir i mBaol 2016 ar dáileadh €48,800 air chun cosc a chur ar dhul i léig Theach Chárthain, Cathair Saidhbhín, (áit bhreithe Dhónail Uí Chonaill), Theach Lios an Phúca i Lios an Phúca agus an Stáisiúin Cábla ar Dhairbhre.

Tugadh maoiniú do sé cinn de struchtúir faoi chosaint chun oibreacha athchóirithe a dhéanamh faoi riar Scéim Infheistíochta na hOidhreachta Tógtha 2016. Fuair an contae leithdháileadh €50,000 a mhaoinigh go páirteach 490 lá d'fhostaíocht áitiúil do cheardaithe agus gairmithe caomhnaithe. Bhí an tOifigeach Caomhnaithe freagrach as riar an tsrutha maoinithe seo lena rabhthas in ann an obair chaomhnaithe a dhéanamh ar Thigh Bellville ar an gCaladh, Caisleán Fleisce i gCill Airne, Séipéal Naomh Stiofán agus Naomh Eoin in Oileán Ciarraí, tigh príobháideach ar an bpríomhshráid i gCathair Uí Mhóráin, séipéal Eaglais na hÉireann i mBaile Mhic Eileagóid agus Tigh Castleview in Oileán Ciarraí.

Críochnaíodh 22 Dearbhú Alt 57 (a bhaineann le struchtúir faoi chosaint) in 2016, suas ó 11 in 2015.

Tugadh comhairle maidir le cosaint i gcás 215 iarratas pleanála chun treoir a thabhairt i ndáil le struchtúir faoi chosaint a fhorbairt, forbairtí laistigh de scartálacha i dtéarmaí a dtionchair ar an oidhreacht thógtha.

Ionchur caomhantais i dtograí pleanála Chuid VIII

Tugadh cúnamh do ghrúpaí pobail áitiúla lena n-áirítear ceardlanna poiblí agus ceardlanna scoile agus ullmhú ar Phlean Réimse Phoiblí thar ceann Bhailte Slachtmhara Neidín.

Tugadh ceardlanna agus léachtaí do mhic léinn dara agus tríú leibhéal chun feabhas a chur ar a dtuiscint ar oidhreacht ailtireachta Chiarraí a fheabhsú agus chun í a chur chun cinn.

OIFIG OIDHREACHTA

Oibríonn Oifig Oidhreachta Chomhairle Contae Chiarraí chun feasacht ar ár n-oidhreacht fhlúirseach atá le feiscint ar fud an chontae a ardú agus spéis inti a chothú. Oibríonn an oifig i ndlúthpháirt le compháirtithe éagsúla lena chinntiú go ndéantar oidhreacht iomadúil an chontae a chosaint, a fheabhsú agus a chur chun cinn ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta. Cabhraíonn an oifig le dréachtú polasaithe agus soláthraíonn pacáistí oiliúna laistigh den údarás áitiúil agus do ghrúpaí pobail áitiúla.

Tionscadail na hOifige Oidhreachta in 2016:

Iniúchadh ar Oidhreacht Eaglasta Chontae Chiarraí (Céim 2)

Sealgairí Oidhreachta 20/20 Clár For-rochtana Scoileanna (Céim 2)

Forbairt Aipe do Bhéaloideas Shlí Chiarraí agus don Chonair Oidhreachta (Céim 2)

Iniúchadh ar Shéadchomharthaí, Leachtanna Cuimhneacháin agus Plaiceanna Stairiúla (Céim 1)

Oidhreacht Lios Tuathail agus Straitéis Athnuachana Pobalbhunaithe

Uirlisí Ailtireachta do Lár Baile Stairiúil Lios Tuathail (Céim 1)

Clár Náisiúnta um Sheiceáil Sláinte Lár Baile (Trá Lí go píolótach)

Bainistiú agus Poiblíocht don tSeachtain Oidhreachta

Tugadh cúnamh teicniúil do a lán tionscadal agus grúpaí áitiúla agus náisiúnta oidhreachta, béaloidis, timpeallachta agus staire.

Caisleán na Fleisce, Cill Airne

BITHÉAGSÚLACHT/ MEASÚNÚ TIMPEALLACHTA

In 2016 dhein an Oifig Bithéagsúlachta/Aonad Measúnachta Timpeallachta athbhreithniú a roinnt mhaith iarratas pleanála laistigh de chrios tionchair láithreáin Natura 2000, ar cásanna forfheidhmithe agus ar atreoruithe faoi Alt 5.

Dhein an tAonad freisin scagadh le haghaidh Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta/Measúnacht Oiriúnachta ar roinnt athruithe agus pleananna, athruithe ar Phleananna Forbartha Lios Tuathail, Thrá Lí agus Chill Airne san áireamh.

Dhein an tAonad scagadh leis ar Chuid VIII, tionscadail chaipitil agus mionoibreacha a mhol Comhairle Contae Chiarraí agus Bonneagar Iompair Éireann (Oileán Ciarraí) le haghaidh comhlíonadh threoracha Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta / Mheasúnacht Oiriúnachta.

D'oibrigh an tOifigeach Bithéagsúlachta le coistí éagsúla na mBailte Slachtmhara ar thionscadail bhithéagsúlachta agus iarratais ar mhaoiniú. Ghlac an tOifigeach Bithéagsúlachta ról níos mó freisin i rith na bliana maidir le speicis ionracha, is é sin le rá an Ghlúineach Bhiorach.

SEANDÁLAÍ AN CHONTAE

Tá Rannóg Seandálaíochta an Chontae freagrach as na réimsí seo a leanas:

Scagadh, monatóireacht agus tástáil i ndáil le Measúnacht Tionchair Seandálaíochta

Reiligí Stairúla

Pleanáil agus polasaí

Taifead, cosaint agus caomhnú sheandálaíocht an chontae

Mainistir Chill Colmáin, Baile an Mhuilinn

Gníomhaíochtaí 2016

Scagadh/Measúnacht Tionchair Seandálaíochta críochnaithe do 26 thionscadal

Monatóireacht seandálaíochta déanta i leith trí thionscadal

Tástáil seandálaíochta déanta do chúig mhórthionscadal

Tochailt seandálaíochta i gcás tionscadal amháin

Idirchaidreamh le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta agus iarratais i ndáil le Fógra agus Toiliú ón Aire i gcomhair cúig thionscadal

Moltaí déanta maidir le 320 iarratas pleanála agus measúnacht ina dhiaidh sin ar na tuairiscí a cuireadh isteach agus tuairim thánaisteach más gá

Tochailt agus caomhnú bunúsach déanta ar láithreán botha agus ar scrín binne ar an láthair eaglasta luath i gCill Buaine, An Gleann, Baile an Sceilg, ceann de na hocht scrín binne sa tír, a bhfuil cúig cinn díobhsan in Uíbh Ráthach.

Aimsíodh maoiniú deontais agus deineadh móroibreacha caomhantais ar bhinn tiar Mhainistir Chill Cholmáin, Baile an Mhuilinn, séadchomhartha náisiúnta faoi úinéireacht Chomhairle Contae Chiarraí.

Léacht ag Comhdháil Trá Lí 800

Comhairliúchán maidir le haighneacht do Seandálaíocht 2020

Leanadh de chomhairle a thabhairt agus maoirseacht a dhéanamh ar oibreacha i reiligí stairiúla chomh maith le seiceáil a dhéanamh ar cláir oibre pobail atá beartaithe agus iarratais ar mhaoiniú cothabhála.

Leanadh de chomhairle a thabhairt do Phríomh-Mhúsaem Chiarraí maidir lena suíomh gréasáin a fhorbairt agus clár oideachais do mheánscoileanna bunaithe ar thochailt ar thuama ursanach i gCoill an Chlocháin, Baile an Mhuilinn 2015

Tuama Ursanach i gCoill an Chlocháin, Baile an Mhuilinn

TURASÓIREACHT

Tá sé mar aidhm ag Aonad Turasóireachta Chomhairle Contae Chiarraí forbairt eacnamaíoch an chontae a chur chun cinn ach forbairt inbhuanaithe, éagsúlú agus cur chun cinn na turasóireachta a éascú trí chomhpháirtíochtaí agus comhoibriú éifeachtach a bhunú leis na páirtithe leasmhara cuí.

STRAITÉIS TURASÓIREACHTA AGUS PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA 2016-2022

Ba bhuaicphointe in 2016 é foilsiú agus seoladh Straitéis Turasóireachta agus Plean Gníomhaíochta 2016-2022 tar éis do Chomhairle Contae Chiarraí é a ghlacadh ar an 18 Iúil 2016.

I gcomhpháirt le Fóram Turasóireachta Cheann Scríbe Chiarraí agus páirtithe leasmhara ábhartha eile, ritheadh clár fairsing comhairliúcháin le Fáilte Ireland, gníomhaireachtaí eile stáit, tionscal na turasóireachta, cuideachtaí iompair, pobail áitiúla, baill thofa agus an pobal i gcoitinne. Tionóladh cruinnithe comhairliúcháin i naoi n-ionad ar fud an chontae agus fuarthas 44 aighneacht i scríbhinn.

Don Straitéis agus Plean Gníomhaíochta seo deineadh scrúdú domhain agus an comhairliúcháin b'fhairsinge riamh ar an turasóireacht i gCiarraí le mionanailís agus taighde suas chun dáta ar an iliomad tosca ar dócha go mbeidh tionchar acu ar an turasóireacht amach anseo. Bhí Plean Eacnamaíoch agus Pobail 2016-2022, Beartas an Rialtais, Turasóireacht, Daoine, Áit agus Beartas (2015) agus Plean Forbartha Chontae Chiarraí 2015-2021 mar threoir dó.

Tá na haidhmeanna, gníomhartha (a bhfuil 273 díobh ann) agus cuspóirí atá leagtha amach dúshlánach, ábhartha agus dírithe ar aghaidh a thabhairt ar na bagairtí, dúshláin agus deiseanna atá ann faoi láthair san earnáil turasóireachta i gCiarraí.

Straitéis Turasóireachta agus Plean Gníomhaíochta Chiarraí 2016-2022

Straitéis Turasóireachta agus Plean Gníomhaíochta Chiarraí 2016-2022 á seoladh

Straitéis Turasóireachta agus Plean Gníomhaíochta Chiarraí 2016-2022

BRANDA AGUS LÓGÓ CHEANN SCRÍBE CHIARRAÍ

D'éirigh le cuideachta deartha lena dtairiscint branda agus lógó ceann scríbe/áit a sholáthar do Chontae Chiarraí. Tá branda nua, soiléir agus mealltach anois ann don cheann scríbe/áit agus fobhrandaí do Chiarraí bunaithe ar ár mbuanna agus ár saintréithe d'fhonn rannpháirtíocht páirtithe leasmhara a spreagadh agus a fhorbairt.

FÓRAM TURASÓIREACHTA CHEANN SCRÍBE CHIARRAÍ

Déanann Fóram Turasóireachta Cheann Scríbe Chiarraí, a bunaíodh in 2012, ionadaíocht thar ceann na bpáirtithe leasmhara agus na cinn scríbe turasóireachta i gCiarraí. In 2016 tháinig an Fóram le chéile go minic agus bhí ionchur an-mhór aige i ndréachtú Straitéis Turasóireachta agus Plean Gníomhaíochta Chontae Chiarraí 2016-2022. Tá coiste margaíochta atá an-ghníomhach ag an bhfóram ar a bhfuil ionadaithe margaíochta agus díolachán ón tionscal agus úsáideann siad buiséad margaíochta bliantúil chun feasacht ar Chiarraí a ardú i measc spriocmhargaí tábhachtacha, anseo in Éirinn agus thar lear.

TEARMANN NA SPÉIRE DORCHA CHIARRAÍ

I gcomhpháirt le Fóram Turasóireachta Cheann Scríbe Chiarraí, Réadlann na Carraige Duibhe, Ollscoil Chorcaí agus Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí, thionóil an tAonad Turasóireachta deireadh seachtaine cónaithe i nDairbhre in 2016 chun treoraithe turais agus soláthraithe turasóireachta a oiliúint le bheith ina dtreoraithe réaltóireachta. Choinnigh Comhairle Contae Chiarraí ag obair go dlúth leis an bpobal áitiúil chun Tearmann na Spéire Dorcha a fhorbairt, nach bhfacthas go fóill an leas a fhéadfar a bhaint as, agus tá obair tosnaithe cheana féin ar phlean deartha agus gnó do réadlann shoghluaiste don Tearmann.

SLÍ GHORM CHIARRAÍ THEAS

I gcomhpháirt le Páirtnéireacht Forbartha Chiarraí Theas chuir an tAonad Turasóireachta forbairt Shlí Ghorm Chiarraí Theas chun cinn. Is gréasán de bhealaí áineasa ilghníomhaíochta iad na slite gorma a bhíonn lonnaithe cois locha, canála nó abhann in Éirinn. Is bealaí iad ar a bhfuil radharcanna breátha le feiscint pé acu i gcanú, de rothar nó de shiúl na gcos..

BLAS CHIARRAÍ

In 2016 chabhraigh an tAonad Turasóireachta, i gcomhpháirt leis an Oifig Fiontair Áitiúil, le maoiniú a fháil chun branda 'Blas Chiarraí' a fhorbairt. Tá sé mar aidhm le Blas Chiarraí an réimse bia atá le fáil i gCiarraí a fhás agus a leathnú agus tacaíocht a thabhairt do líonra de tháirgeoirí bia agus dí atá lonnaithe sa chontae. Cruthaíodh branda, lógó agus suíomh gréasáin nua do Blas Chiarraí agus eolaire de tháirgeoirí bía agus deineadh forbairt ar bhealach bia leis.

CLÁR AMBASADÓIRÍ TURASÓIREACHTA

I gcomhpháirt le hAcadamh Fáilteachais agus Turasóireachta Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí, cuireadh tús leis an gClár Ambasadóirí Turasóireachta ar bhonn píolótach i Lios Tuathail in 2016. Tá sé mar aidhm leis an gclár soláthraithe turasóireachta agus a bhfoireann a oiliúint agus tacar scileanna a thabhairt dóibh chun feabhas a chur ar eispéireas na gcuairteoirí ina gceantar agus leis na cuairteoirí sin a mhealladh chun fanacht níos faide sa dúthaigh ach na gnóthaí agus na tarraingtí eile sa cheantar a chur os a gcomhair.

SLÍ AN ATLANTAIGH FHIÁIN

Chuathas ar aghaidh leis an obair le Fáilte Ireland chun na háiseanna do chuairteoirí ag Pointe Fionnachtana Shlí an Atlantaigh Fhiáin ar Cheann Bhreagha i nDairbhre a fheabhsú tar éis ailtirí agus sainchomhairleoirí comhshaoil a cheapadh.

TAISPEÁNTAS LÍONRAITHE TURASÓIREACHTA CHIARRAÍ

Tionóladh ócáid do sholáthraithe turasóireachta ar fud na tíre a theacht le chéile in Óstán Malton i gCill Airne in Aibreán 2016. I measc na gcainteoirí ar an lá bhí Fiona Monaghan, Ceannaire Chlár Shlí an Atlantaigh Fhiáin de chuid Fáilte Ireland, Katherine Webster, Stiúrthóir Ionad Cuairteoirí Aillte an Mhothair agus John Leonard, Accolades Marketing and Advertising.

FÉILTE AGUS IMEACHTAÍ

Lean an tAonad Turasóireachta de thacaíocht a thabhairt d'imeachtaí pobail agus féilte an chontae atá mar chuid lárnach dár dtáirge turasóireachta, a mheallann cuairteoirí go dtí an contae, taobh amuigh de na tréimhsí saoire go minic.

In 2016 thionóil Féile Idirnáisiúnta Rós Thrá Lí na babhtaí ceannais réigiúnacha i dTrá Lí rud a chuir síneadh leis an bhFéile nuair a d'fhan na Rósanna, a dteaghlaigh, a gcairde agus cuairteoirí go dtí an fhéile ar an mbaile ar feadh roinnt oícheanta breise. Bhí an tAonad Turasóireachta mar óstach do na Rósanna agus a dtionlacaithe ar feadh dhá lá agus thug go dtí na tarraingtí éagsúla i dtuaisceart Chiarraí iad.

Chomh maith le tacaíocht a thabhairt don bhféile seo agus d'fhéilte móra eile ar nós Sheachtain na Scríbhneoirí Lios Tuathail, lean an tAonad den Chiste Tacaíochta don Diaspóra a riar, ciste a thacaíonn le féilte beaga a mheallann cuairteoirí ó thar lear go dtí an contae,

In 2016 cheiliúir Trá Lí 800 bliain ónar bunaíodh é i 1216. Tionóladh an Féile Thrá Lí 800 le linn an deireadh seachtaine lár samhraidh agus bhí athachtuithe staire, ceol, taispeántas gairdíní agus ceardaíochta i bpáirc an bhaile agus sa Chearnóg. Bhí Cumann Seandálaíochta agus Staire Chiarraí agus Ceantar Bardasach Thrá Lí mar óstaigh do Chomhdháil Thrá Lí 800 i mí na Samhna leis.

D'fhonn tacaíocht bhreise a thabhairt do phobail a bhíonn ag saothrú gan staonadh ar imeachtaí agus féilte a eagrú agus a rith, a mheallann na mílte cuairteoirí gach bliain, chuir an tAonad Turasóireachta, in éineacht le AOIFE (Cumann Fhéilte agus Imeachtaí Éireann), ceardlanna ar siúl i gCill Orglan agus i dTrá Lí i mí Feabhra 2016.

COMHARTHAÍ GRÁDÁIN

Go luath in 2016, fuair coistí Shlí Chiarraí, Slí Chorca Dhuibhne, Slí Chiarraí Thuaidh agus Slí Bhéara ar fad maoiniú le haghaidh chothabháil agus feabhsú na mbealaí siúil seo thart ar an gcontae a mheallann na mílte siúlóirí gach bliain.

SCÉIM DEONTAIS CHOISTE NA SIÚLÓIDÍ

Chuir Comhairle Contae Chiarraí comharthaí in airde do rothaithe ar an gConair. Bhí sé seo molta ag clubanna rothaíochta áitiúla agus tá súil againn comharthaí den saghas céanna a chur in airde i dtuaisceart Chiarraí in 2017.

CUAIRT TUI GROUP

Thug TUI Group, cuideachta idirnáisiúnta taistil agus turasóireachta, cuairt ar an gcontae chun acmhainn Chiarraí mar cheann scríbe do mhargadh na Gearmáine a thomhas. Bhíodar an-sásta lena bhfaca siad sa chontae agus tá sé i gceist ag an Aonad Turasóireachta leanúint den chaidreamh gairmiúil seo leis an ngrúpa a fhorbairt lena chinntiú go mbeidh Ciarraí i lár na straitéise acu d'Éirinn.

Rannpháirtithe sa Chúrsa Réalteolaíochta i ndeisceart Chiarraí mí Bhealtaine 2016

Plean Eacnamaíoch agus Pobail 2016-2022 á sheoladh

POBAL

Is iad bunfheidhmeanna na Roinne Pobail tacaíocht a thabhairt don Choiste Forbartha Pobail Áitiúil maidir lena fheidhmeanna a riar agus an Plean Eacnamaíoch agus Pobail a chur i bhfeidhm d'fhonn caidreamh dearfach a chothú go réamhghníomhach le pobail ar fud an chontae.

Cuireadh go mór lena ról in 2016 agus tá na feidhmeanna seo a leanas aige anois, a bhfuil comhoibriú idirghníomhaireachta suntasach ag teastáil do a lán acu chomh maith le hidirchaidreamh le rannóga inmheánacha laistigh de Chomhairle Contae Chiarraí :

Coiste Forbartha Pobail Áitiúil

Monatóireacht ar ghnéithe pobail den Phlean Eacnamaíoch agus Pobail

Grúpa Gníomhaíochta Áitiúil Chiarraí

Clár Gníomhachtaithe don Chuimsiú Sóisialta

Líonra Páirtíochta Pobail

Riarachán LEADER

Riarachán agus bainistíocht an Chiste Tacaíochta Pobail

Feidhmeanna Oifigeach an Cheantair Bhardasaigh i gCill Airne, Trá Lí, Lios Tuathail agus i gCiarraí Theas agus Thiar

Bonneagar Tógtha, lena n-áirítear Ionad Bogach Bhá Thrá Lí, Muileann Gaoithe Chathair Uí Mhóráin agus Ionad Spóirt agus Fóillíochta Chill Airne.

Comhairle na nÓg

Comhpháirtíocht Fóillíochta agus Spóirt Chiarraí

Tionscadal Athnuachana na Mistéalach, Trá Lí

Gradaim Phobail

Mórtas Ceantair

Feasacht Chomhshaoil

COISTE FORBARTHA POBAIL ÁITIÚIL (LCDC)

Ar Choiste Forbartha Pobail Áitiúil Chiarraí tá ionadaithe ón earnáil phoiblí agus phríobháideach, gníomhaireachtaí stáit, baill thofa agus ionadaithe ar son forbairt pobail. Is í an Clr. Norma Moriarty an cathaoirleach. Ar na príomhfheidhmeanna agus cuspóirí aige tá cláir forbartha pobail agus cláir áitiúla a chomhordú, a bhainistiú agus a mhaoirsiú amhail an Clár Gníomhachtaithe don Chuimsiú Sóisialta, an Clár Forbartha Tuaithe agus cur chun feidhme na ngnéithe pobail de Phlean Eacnamaíoch agus Pobail Áitiúil Chiarraí. Tháinig an Coiste le chéile seacht n-uaire in 2016.

Baill an Choiste Forbartha Pobail Áitiúil

PLEAN EACNAMAÍOCH AGUS POBAIL (LECP)

Ghlac baill thofa an Plean Eacnamaíoch agus Pobail (2016-2022) in Aibreán 2016 agus foilsíodh é i mí Iúil 2016 agus sheol an Cathaoirleach, an Clr. Michael O'Shea é in Ionad Bogach Bhá Thrá Lí.

Thug an plean – arb í Comhairle Contae Chiarraí an príomhpháirtí - raon leathan eagraíochtaí agus gníomhaireachtaí a bhíonn ag obair i réimsí na forbartha eacnamaíche agus pobail.

Tá an plean seo bunaithe ar an gcreatpholasaí náisiúnta agus réigiúnach go háirithe an Plean Gníomhaíochta Réigiúnach don Fhostaíocht, lena gcuirfear ar fáil pleanáil straitéiseach níos fearr, díriú agus comhordú níos fearr ar acmhainní agus é mar aidhm leis caighdeán saoil gach duine atá ina chónaí nó ag obair i gCiarraí a fheabhsú. Tá spriocanna sonracha luaite ann maidir le forbairt eacnamaíoch agus pobail agus luaitear freisin na daoine atá freagrach as na haidhmeanna seo a bhaint amach agus leagtar síos na frámaí ama chuige sin. Deineann grúpa feidhmiúcháin speisialta maoirseacht ar an bPlean Eacnamaíoch agus Pobail.

Tugann an plean treochlár don chontae maidir le forbairt eacnamaíoch agus pobail níos fearr a bhaint amach sna blianta beaga amach romhainn agus sinn ag obair i gcomhpháirtíocht le gach éinne atá in eagraíochtaí na n-earnálacha príobháideacha agus poiblí. Tarraingítear aird sa phlean ar théagar ár bpobal, neart an bhoinn dhúchasaigh agus leagtar amach ann leis na dúshláin éagsúla a gcaithfimid aghaidh a thabhairt orthu agus conas is fearr é sin a dhéanamh.

Ag obair le dreamanna éagsúla amhail an tÚdarás Forbartha Tionscail agus Fiontraíocht Éireann chun fostaíocht agus infheistíocht a mhealladh go Ciarraí agus leanfaidh an Chomhairle Contae agus gníomhaireachtaí eile dá n-iarrachtaí feabhas a chur ar ár dtimpeallacht fostaíochta agus eacnamaíoch. Oibreoidh an Chomhairle d'fhonn pobail níos láidre a thógáil lena chinntiú go gcuirfear na saoráidí agus na seirbhísí a theastaíonn ar bhealach spriocdhírithe fónta.

CLÁR UM CHUIMSIÚ SÓISIALTA AGUS GNÍOMHACHTÚ POBAIL

Tá an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil chun leanúint den Chlár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail a sheachadadh tá foghrúpa sonrach bunaithe chun cabhrú leis an bpróiseas seo. Tá an clár á sheachadadh ag an leibhéal áitiúil ag trí chuideachta forbartha áitiúla, Páirtnéireacht Forbartha Chiarraí Theas, Forbairt Oirthuaiscirt agus Iarrthar Chiarraí agus IRD Dhúiche Ealla.

D'éirigh go maith leis an gclár in 2016 nuair a seachadadh 12 ghníomh a bhain le tacaíocht a thabhairt do spriocghrúpaí an Chláir um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail. Deineadh dul chun cinn mór in 2016 i réimsí amhail bainistiú eastát, feirmeoireacht shóisialta agus fiontair shóisialta. Infheistíodh iomlán de €1.6m i dtionscadail chuimsithe shóisialta mar shampla, Botháin na bhFear, tionscnaimh feirmeoireachta sóisialta agus tionscadail phobail eile.

Tá béim ar leith curtha ag an bhfoghrúpa ar an gcomhoibriú agus tá nósanna imeachta nua tugtha isteach acu lena chinntiú go leanfar den idirchaidreamh leis an earnáil forbartha áitiúil.

Deineadh dul chun cinn maidir leis an gcéad Straitéis Aoisbhá do Chiarraí a fhorbairt. I mí Bhealtaine 2016 ainmníodh an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil ina fhoras a bheidh freagrach as an straitéis a mhaoirsiú.

Bord Chomhpháirtíocht Áineasa agus Spóirt Chiarraí

CLÁR LEADER

Is í Comhairle Contae Chiarraí, mar atá gach údarás áitiúil, an phríomhghníomaireacht maidir le maoiniú ón gClár Leader a sheachadadh do thionscadail sa chontae. Leanann na cuideachtaí forbartha áitiúla (Páirtnéireacht Forbartha Chiarraí Theas, Forbairt Oirthuaiscirt agus Iarrthar Chiarraí agus IRD Dhúiche Ealla) de bheith ag obair le hiarratasóirí agus de chomhairle a thabhairt dóibh faoi mar dhein faoi chláir Leader roimhe seo.

Shínigh an Grúpa Gníomhaíochta Áitiúil Comhaontú Maoinithe Leader mar a dhein na Feidhmitheoirí Cláir ar fad ar an 7 Iúil 2016 agus seoladh an clár go hoifigiúil ag ócáid náisiúnta a d'óstaigh an tAire Heather Humphreys ar an 8 Iúil. Tá rialacha oibriúcháin cuimsitheacha foilsithe ag an Roinn ina bhfuil creat rialaithe soiléir maidir lena chur i bhfeidhm.

Faoin gclár nua, caithfidh iarratasóirí 'Léiriú Spéise' a chur isteach sula gcuirfidh siad isteach iarratas ar thacaíocht. Lena chinntiú go gcaithfear go cothrom leis na hiarratasóirí uile cuirtear an Léiriú Spéise thar bhráid bhaill an Ghrúpa Gníomhaíochta Áitiúil. Dá réir sin cuireadh liosta iomlán de na Léirithe Spéise a fuarthas i gCiarraí faoi bhráid chruinniú Ghrúpa Gníomhaíochta Áitiúil Chiarraí i Samhain 2016.

LÍONRA PÁIRTÍOCHTA POBAIL

Tríd an Líonra Páirtíochta Pobail (PPN) - arbh é tráth an Fóram Pobail agus Deonach - tugann an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil meicníocht lenar féidir leis an bpobal an earnáil dheonach rannpháirt fhónta a ghlacadh san fhorbairt áitiúil. Aithníonn an líonra an ról a ghlacann grúpaí pobail agus deonacha maidir leis na tionscnaimh eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil atá leagtha amach sa Phlean Eacnamaíoch agus Pobail Áitiúil a sheachadadh. Tá 512 grúpa pobail cláraithe le Líonra Páirtíochta Pobail (PPN) Chiarraí.

Is cuid thábhachtach de struchtúr an Líonra é Clár Chontae Chiarraí de Ghrúpaí Pobail agus Deonacha agus cuireadh tús leis an bpróiseas clárúcháin ar líne do ghrúpaí PPN um Shamhain 2016. Is é an clár seo an modh trína ndéantar ainmniúcháin ar raon fairsing de chomhlachtaí rialtais áitiúil lena n-áirítear na Coistí um Polasaí Straitéiseach agus an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil.

Ba é an obair ba chuimsithí in 2016 ná suíomh gréasáin nua a fhorbairt don Líonra Páirtíochta Pobail: www.kerryppn.ie

COMHPHÁIRTÍOCHT ÁINEASA AGUS SPÓIRT CHIARRAÍ

I gComhpháirtíocht Áineasa agus Spóirt Chiarraí tá ionadaithe ó raon eagraíochtaí agus gníomhaireachtaí i gCiarraí, iad ar fad ag obair chun an rannpháirtíocht i spóirt agus i ngníomhaíocht choirp a mhéadú, agus spórt agus gníomhaíocht choirp a fhorbairt agus a sheachadadh ag an leibhéal áitiúil.

Sa Chomhpháirtíocht seo tá ionadaithe ó Chomhairle Contae Chiarraí, an Garda Síochána, an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha agus Gaeltachta, FSS, Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí, Coiste Cúraim Leanaí Chontae Chiarraí, Seirbhísí Óige Dheoise Chiarraí, Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí, Líonra na bPríomhoidí Bunscoile, Líonra Páirtíochta Pobail, Páirtnéireacht Forbartha Chiarraí Theas, agus ionadaithe ó na hearnálacha gnó agus áineasa.

Is fochoiste í an Chomhpháirtíocht de Choiste Forbartha Pobail Áitiúil Chiarraí agus bainistíonn comhordaitheoir agus riarthóir an obair ar fad agus iad lonnaithe in Áras an Chontae. Is é Spórt Éireann (an Chomhairle Spóirt mar a bhí) a príomh-mhaoinitheoir.

In 2016 ainmníodh an t-iar-aire agus iar-pheileadóir, Jimmy Deenihan mar Chathaoirleach ar an gComhpháirtíocht agus críochnaíodh Plean Straitéiseach Chomhpháirtíocht Áineasa agus Spóirt Chiarraí 2016 - 2021 in 2016 freisin lena fhoilsiú agus a sheoladh in 2017.

Tháinig méadú mór ar líon na gclár gníomhaíochta coirp a seachadadh in 2016 toisc an comhoibriú seo. Seachadadh na cláir seo do spriocghrúpaí ar leith ina bhfuil na rátaí rannpháirtíochta i ngníomhaíocht choirp an-íseal.

Lean an Chomhpháirtíocht de bheith ag obair le scoileanna agus chuir Clár um Rothaíocht Níos Sábháilte Chiarraí chun cinn i 14 scoil timpeall an chontae, agus thug tacaíocht don chlár tar éis scoile BeActiveASAP agus don chlár 'Scoil Gníomhach' a bhfuil sé mar aidhm leo an leibhéal rannpháirtíochta i ngníomhaíocht choirp a mhéadú i measc lucht na chéad bliana.

I measc na ngníomhaíochtaí a cuireadh ar siúl le linn na Seachtaine Náisiúnta Rothaíochta bhí Peidleáil sa Pháirc i dTrá Lí, Lios Tuathail agus Cill Airne agus d'éirigh thar barr leo mar aon leis na cainteanna oideachasúla a bhí ar siúl freisin. Leanadh de na himeachtaí reathaíochta seachtainiúla sa pháirc i dTrá Lí agus i gCill Airne agus tá fás ag teacht i gcónaí ar an líon daoine a ghlacann páirt.

Lean an Chomhpháirtíocht freisin de thacaíocht a thabhairt do dhaoine spórtúla faoi mhíchumas le tionscadail ar nós Oiliúint Snámha Oiriúnaithe Halliwick i gCill Airne agus Snámh don Uile Dhuine i mBaile an Bhuinneánaigh do dhaoine óga faoi mhíchumas

CISTE TACAÍOCHTA POBAIL

Tá tacaíocht ar fiú iomlán de 1.5 milliún é tugtha ag an gCiste do bhreis is 700 tionscadal ar fud an chontae ónar bunaíodh é in 2015. Aithníonn sé an méid mór atá déanta ag earnálacha pobail agus deonacha i gCiarraí agus gur obair riachtanach í an obair a dheineann na heagraíochtaí sin. Ar na grúpaí a bhfuil tacaíocht tugtha dóibh le dhá bhliain anuas tá grúpaí pobail, clubanna spóirt, coistí áitritheoirí, grúpaí Bailte Slachtmhara, comhlachais tráchtála agus eagraíochtaí eile sna ceithre Cheantar Bardasacha i gCiarraí.

In 2016, an dara bliain den chlár, deineadh an Ciste a athrú beagán le go gclúdódh sé na seacht gcatagóir tacaíochta seo a leanas:

Turasóireacht, Féilte agus Imeachtaí Pobalbhunaithe

Nuálaíocht Eacnamaíoch Pobail

Tionscnaimh Bailte Slachtmhara agus Tionscadail Fóntais

Mionfheabhsúchán ar Shaoráidí Pobail

Pleanáil Pobail agus Forbairt Tionscadail

Cláir Spóirt Pobail agus Gníomhaíochta Coirp

Síolchaipiteal Pobail

Tar éis do bhaill thofa Chomhairle Contae Chiarraí ceadú dó, leithdháileadh €750,000 le haghaidh tacaíocht do 350 tionscadal in 2016. Comhaontaíodh leithdháilte do gach ceann de na Ceantair Bhardasacha agus cruinnithe speisialta i ngach ceantar. D'imir an ciste tionchar an-dearfach sna pobail agus in 2016 tháinig méadú 50% ar líon na n-iarratas a fuarthas. Seoladh an scéim do 2017 um Shamhain 2016 agus fógraíodh na mionsonraí maidir le sraithe de cheardlanna comhairleacha chun cabhrú le hiarratasóirí.

Seachtain Náisiúnta na Rothar i gCiarraí i mí Bhealtaine

COMHAIRLE NA nÓG

Is comhairle do dhaoine óga í Comhairle na nÓg a thug deis dóibh a bheith rannpháirteach i seirbhísí agus polasaithe a fhorbairt. Dóibhsean atá faoi bhun 18 mbliana d'aois agus nach bhfuil ábalta vótáil tugann sé a nguth dóibh le hardú faoi sheirbhísí, polasaithe agus cúraimí a bhaineann leo ina réimsí féin.

D'oibrigh an Chomhairle ar roinnt tionscadal le Coiste Seirbhísí do Leanaí agus Daoine Óga, Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí, agus Seirbhísí Óige Dheoise Chiarraí in 2016, ceann de na tionscadail sin ba ea na leabhráin 'Think About Alcohol' agus an feachtas #Connected#Respected.

In 2016 bheartaigh an Chomhairle go gcaithfí díriú ar dhá ábhar: cainéal YouTube a fhorbairt ar a mbeadh sraith ghréasáin a fhéachfadh ar chúraimí a bhaineann le daoine óga agus ar oideachas sláinte ghnéis mar chlár píolótach In 2016 leathnaíodh ar an gclár oibre sna ceithre Cheantar Bardasacha. Tá sé d'aidhm ag an gComhairle rannpháirtíocht ar fud an chontae a spreagadh agus tionchar Chomhairle na nÓg ag leibhéal an Cheantair Bhardasaigh a mhéadú. Thug foghrúpaí faoi na réimsí oibre seo don mbliain.

Lios Tuathail: Caidreamh Poiblí agus Cruinniú Cinn Bhliana

Cill Airne: Sraith ghréasáin YouTube

Cathair Saidhbhín: Sláinte ghnéis

Trá Lí: Seó faisin 1916

Ghlac baill den Chomhairle páirt freisin i bpróiseas comhairliúcháin 'Éire 2016' a tionóladh i Luimneach.

Thaistil ochtar ball de Chomhairle na nÓg go hÓcáid Óige na hEorpa i bParlaimint na hEorpa in Strasbourg, an Fhrainc i mí Bhealtaine. Urraithe ag an bhFeisire Eorpach Seán Ó Ceallaigh, roghnaíodh an grúpa mar bhuaiteoirí i gCatagóir na nGrúpaí Deonacha i nGradaim Éachtaí Óige Chiarraí an Gharda Síochána. Chomh maith leis sin fuair beirt bhall gradaim aonair dá gcuid oibre leis an gComhairle.

Baill Chomhairle na nÓg Chiarraí leis an bhFeisire Eorpach Máiread McGuinness i bParlaimint na hEorpa

TIONSCADAL POBAIL NA GCAPALL, TRÁ LÍ

Tá sé d'aidhm leis an tionscadal pobail seo a chur ar a gcumas do lucht taistil a gcapaill a bhainistiú is a choimeád faoi smacht amach ó limistéir chónaithe. Tá fadhb ann le fada i gceantar an Bhóthair Bhuí/na Mistéalach le capaill ag fánaíocht gan éinne ina bhfeighil. Bhí suas le 80 capall á gcoimeád i mbaile Thrá Lí agus a bhformhór acusan laistigh den limistéar seo.

Faoin dtionscadal seo, tá úinéirí cláraithe capaill freagrach as costais cothabhála na stáblaí chomh maith le costais árachais, dramhaíl a bhaint agus táillí inniúchóirí. Tá an tionscadal seo iomlán inbhuanaithe agus féinmhaoinithe ag na baill. Níl a leithéid eile de thionscadal in Éirinn agus meallann sé grúpaí ó údaráis áitiúla agus ó chuideachtaí forbartha ón tír ar fad.

In 2016 chuir na baill DVD eolais le chéile ar féidir é a dháileadh ar ghrúpaí eile atá ag súil le tionscadal dá shaghas a bhunú. Cuireann sé béim ar an bpróiseas a cuireadh ar siúl i dTrá Lí chun an tionscadal seo a bhunú agus tá cuntais ó na rannpháirtithe féin ar dheacrachtaí a bhain leis ach a sáraíodh. Idir an dá linn suiteáladh damháin uisce sna stáblaí leis méid uisce a bhí á chur amú a laghdú.

Comhairle na nÓg

OIFIG NA nEALAÍON

In 2016 lean Oifig na nEalaíon de na healaíona a chur chun cinn sa chontae agus d'oibríomar i ndlúthpháirt le daoine aonair, grúpaí agus eagraíochtaí leis an gcuspóir coiteann céanna. Ar chlár oibre na bliana 2016, ar a caitheadh €72,000, bhí na tionscnaimh seo a leanas faoi chinnireacht Oifig na nEalaíon, cómhaoinithe ag an gComhairle Ealaíon.

Clár um Scríbhneoir Cónaithe

Oíche Chultúir

Writer in Residence programme

Scríbhneoir Cónaithe

An Ealaín do Dhaoine le Croí Óg

Rinceoir Cónaithe

Scannánóir Cónaithe

Cónaitheacht na nEalaíon Rince An Lab, An Daingean

Ceardlanna Forbartha Gairmiúla d'Ealaíontóirí

Bealtaine

Bhronn Oifig na nEalaíon deontais ar fud an chontae faoin Acht Ealaíon 2003 chun:

Suim an phobail a chothú sna healaíona

Eolas ar na healaíona agus gean dóibh a chur chun cinn

Caighdeán na n-ealaíon a fheabhsú

Bhronn Oifig na nEalaíon deontais ar fud an chontae faoin Acht Ealaíon 2003 chun suim sna healaíon a chothú i measc an phobail, eolas ar na healaíona agus gean dóibh a spreagadh agus caighdeáin na n-ealaíon féin a ardú. Bronnadh €32,550 ar 46 iarratasóir ar fud an chontae

I measc na bhforálacha maoinithe eile in 2016 bhí:

€3,000 faoin scéim Ealaíontóirí sa Scoil

Bronnadh €8,200 ar sparánachtaí aonair d'ealaíontóirí

Deonaíodh €68,800 ar ionaid agus féilte ealaíon

Bronnadh €25,000 idir chúig ghrúpa ar fud sa chontae chun tacú le cláir is le forbairt na n-ealaíon, teangmháil le spriocghrúpaí

Rinceoir Cónaithe

a spreagadh agus chun ardáin do chleachtóirí na n-ealaíon a chur chun cinn i gcomhréir le haidhmeanna Straitéis Ealaíon Chomhairle Contae Chiarraí 2016 – 2021.

D'oibrigh Oifig na nEalaíon le Grúpa Oibre Ealaíon Cheantar Bardasach Chill Airne le hÉascaitheoir Drámaíochta a cheapadh do mheánscoileanna sa cheantar agus chabhraigh le suaitheantas agus slabhra oifige nua a dhearadh do Chathaoirleach Cheantar Bardasach Chill Airne.

D'éirigh thar barr le hOíche Chultúir 2016. Thacaigh Comhairle Contae Chiarraí agus An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta le 50 ócáid ar fud an chontae. Bhí próifíl náisiúnta ag an oíche i mbliana mar dhein nuacht RTÉ píosa mar gheall ar an léiriúchán rince Welcoming the Stranger le Catherine Young i Siamsa Tíre. Díríonn an clár ar thacú le healaíontóirí, cleachtóirí ealaíne agus spriocghrúpaí chomh maith le forbairt foirmeacha ealaíne. Is féidir breis eolais a fháil ag www.culturekerry.com

Leanadh den bhforbairt ar Pháirtíocht Oideachais Ceoil Chiarraí in éineacht leis an bpríomh-chomhpháirtí, Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí agus na comhpháirtithe tacaíochta Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí agus Ealaín na Gaeltachta. Tá Tionscnamh Córchantana ann leis, cómhaoinithe ag an gComhairle Ealaíon thar ceann Pháirtíocht Oideachais Ceoil Chiarraí.

Is tionscadal comhpháirtíochta le Comhairle Contae Chorcaí é Bealach Ceoil Shliabh Luachra. Fuarthas maoiniú €10,000 in 2016 le caitheamh in 2017, trí iarratas iomaíoch a chur isteach ar chiste 'Cuireadh chun Comhair' na Comhairle Ealaíon le haghaidh Bealach Ceoil Shliabh Luachra a fhorbairt le Comhairle Contae Chorcaí agus ón tráth seo ar aghaidh le Comhairle Contae Luimnigh freisin. Féach www.sliabhluachra.ie.

Agus, fuarthas maoiniú €71,000 in 2016 le caitheamh in 2017, trí chiste 'Cuireadh chun Comhair' na Comhairle Ealaíon do Mheantóireacht Chruthaitheach ar sé cinn d'fhéilte le Comhairle Chathair Chorcaí agus Comhairle Contae Chorcaí - dhá fhéile i ngach ceann de dá cheantar údaráis áitiúil.

Tá Coimisiún Scáileáin Chiarraí lonnaithe in Oifig na nEalaíon is iad ag obair go dlúth le Bord Scannán na hÉireann. Phléigh an Oifig le mórán ceisteanna maidir le suíomhanna scannáin agus teleifíse, cláir thráchtála agus faisnéise in 2016. Is é www.kerryfilm.ie seoladh gréasáin Choimisiún Scáileáin Chiarraí.

Dhein an Oifig maoirseacht ar Chiste Comórtha 2016 Chomhairle Contae Chiarraí le tacaíocht ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Bronnadh maoiniú ar bhreis is 70 eagraíocht ar fud an chontae a thionóil imeachtaí le 1916 a cheiliúradh. Dhein Oifig na nEalaíon imeachtaí ag Trá na Beannaí, i mBaile Uí Chíosáin agus i nDairbhre a chomhordú in éineacht le hOifig na nOibreacha Poiblí agus comhlachtaí reachtúla eile.

In 2016, le tacaíocht ó Chomhairle Contae Chiarraí, chuir Oifig na nEalaíon tús le mír 30 nóiméad ar chlár 'Saturday Supplement' Raidió Chiarraí, a nglaoitear 'Creative Kingdom' anois air, ar a bhfógraítear a bhfuil ar siúl i bpobal na n-ealaíon sa chontae agus a thugann ardán do chleachtóirí, imeachtaí agus eagraíochtaí cultúir i gCiarraí.

Tá próifíl láidir i gcónaí ag Oifig na nEalaíon ar na meáin shóisialta agus breis is 2,000 de lucht leanúna againn ar Twitter (@KerryCoArts) agus 900 de lucht leanúna ar Facebook (KerryCoArts). Eisímid nuachtlitir gach coicíos do 800 duine.

Oíche Chultúir

An tUachtarán Mícheál D. Ó hUiginn ag féachaint ar Thaispeántas Ruairí Mhic Easmainn i bPríomh-Mhúsaem Chiarraí

PRÍOMH-MHÚSAEM CHIARRAÍ

Tá ról tábhachtach ag Príomh-Mhúsaem Chiarraí maidir leis an gcultúr agus oidhreacht ar leith sa chontae a chur chun cinn agus a chaomhnú. Lonnaithe i Halla Cuimhneacháin Thomáis Ághas i dTrá Lí, tá 1,500 méadar cearnach ann, ina bhfuil gailearaí buan, agus spás le haghaidh taispeántais shealadacha, an tEispéireas Meánaoiseach, fáiltiú, stóras na mbailiúchán agus spás oideachais. Ar fhoireann an Mhúsaeim tá baill le cáilíochtaí gairmiúla sa tseandálaíocht, stair, oideachas agus staidéar músaeim, chomh maithe le taithí fairsing acu ar sheirbhísí do chuairteoirí. Is iad na príomhfheidhmeanna ná bailiúcháin, taispeántais, oideachas agus margaíocht.

Taispeántas Mhic Easmainn in Ambasáid na hÉireann sa Nigéir

Príomhimaeachtaí agus éachtaí 2016

Bhí méadú 50% ar líon na gcuairteoirí in 2016 agus 40,000 cuairteoir go dtí an Músaem

Fuair an Músaem Deimhniú Feabhais Trip Advisor as caighdeán leanúnach d'athbhreithnithe 5 réalta

Bailiúcháin

Agus é ag feidhmiú de réir na gcaighdeán is aire de chúram bailiúcháin, glacann an Músaem rannpháirt i gClár um Chaighdeáin do Mhúsaeim na Comhairle Oidhreachta agus fuair Creidiúint Iomlán in 2013. In 2016 chuir an Músaem iarratas isteach le haghaidh Coimeád Creidiúnachta agus tar éis don mheasúnaí cuairt a thabhairt dúirt sé:

"Ar a slí tríd an próiseas creidiúnachta léirigh Príomh-Mhúsaem Chiarraí i gcónaí na caighdeáin is airde gairmiúlachta i ngach réimse dá chuid oibre."

I measc na nithe nua i mbailiúchán an Mhúsaeim in 2016 tá:

Sracmhapa le Ruairí Mac Easmainn agus nóta tionlacain

Iasachtaí i gcomhair thaispeántas Mhic Easmainn ón Imperial War Museum, Scotland Yard Crime Museum, Ard-Mhúsaem na hÉireann, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus ó iasachtóirí príobháideacha

Ceol a cumadh in onóir do Thomás Ághas

Cárta Cuimhneacháin Thomáis Ághas

Grianghraif de chomóradh 75 bliana ó theacht i dtír Ruairí Mhic Easmainn

Stampaí comórtha céad bliain 1916

Lampa scríne airgid ó Chlochar Bhalúnach

Beannacht Tí

Bileoga

Inslitheoirí leictreacha ón 20ú haois luath

Budéil bhainne ón 20ú haois luath

Seinnteoir caiséid soghluaiste

Bíobla de chuid mhuintir Deiní (ar iasacht)

Taispeántais 2016

Mac Easmainn i gCiarraí: Aistear Réabhlóideach: arna sheoladh in Aibreán 2016 ag an Uachtarán Mícheál D Ó hUiginn mar chuid de chomóradh céad bliain Éirí Amach 1916. Mheall an taispeántas aird ar leith, alt san New York Times san áireamh, chomh maith le haiseolas an-dearfach.

Cuireadh leagan eile de thaispeántas Mhic Easmainn don Roinn Gnóthaí Eachtracha agus go dtí seo tugadh go dtí Baile Átha Cliath, Dún Éideann agus an Nigéir é.

Tionóladh sraith léachtaí agus cainteanna bainteach le taispeántas Mhic Easmainn i gCiarraí agus ar fud na tíre.

Taispeántas Faisin Fhéile na Rós Thrá Lí

Taispeántas Ciara Quilter

Taispeántas Foinse Chiarraí

Oideachas

Rannpháirt i nGrúpa Oibre Thrá Lí 800 agus imeachtaí eile a bhaineann leis

Comórtas na mBunscoileanna agus Taispeántas Thrá Lí 800

Ócáid Stair Bheo Thrá Lí 800 ag Músaem Chontae Chiarraí ar an Aoine 17 Meitheamh: Ceardlanna saor in aisce do 130 dalta bunscoile áitiúil (i bpáirt le na Déise sa Mheánaois ó Phort Láirge)

Cead isteach saor in aisce go dtí an tEispéireas Meánaoiseach Lá Fhéile Pádraig: 516 cuairteoir

Bealach Mhic Easmainn 1916 do bhunscoileanna i nGailearaí an Mhúsaeim roimh oscailt an taispeántais i mí Aibreáin

Cead isteach saor in aisce go dtí an tEispéireas Meánaoiseach le linn Fhéile na Páirce 18-19 Meitheamh: 1,800 cuairteoir san iomlán

Cead saor in aisce go dtí an tEispéireas Meánaoiseach, Mac Easmainn i gCiarraí agus Faisean Rósanna Thrá Lí ar laethanta ar leith le linn na Seachtaine Oidhreachta agus Fhéile Rós Thrá Lí (16-28 Lúnasa): 6,704 cuairteoir

Rannpháirt i bpacáiste Turais Scoile Thrá Lí agus ghlac 2,000 páirt

Club Staire: ghlac 16 leanaí áitiúla páirt gach Céadaoin le linn an téarma scoile (Meán Fómhair - Bealtaine)

Maoiniú do Thionscadal Scoile Choill an Chlocháin ón gComhairle Oidhreachta le haghaidh ceardlanna, taispeántas agus cuairteanna

Ailt in Irisleabhar Chiarraí agus in Iris Chumann Seandálaíochta agus Staire Chiarraí 2016

Cainteanna do Chomhdháil Thrá Lí 800

Turais Siúil thart ar Thrá Lí do bhunscoileanna agus do mheánscoileanna i gceangal le turais threoraithe an Eispéiris Mheánaoisigh

Campa Samhraidh do leanaí ar feadh mhí Iúil ar fad

Mheall an Oíche Chultúir 603 cuairteoirí

Mheall Halla Thaibhseach na Samhna a chomhléirigh Bryan Carr do scoileanna agus teaghlaigh 2,800 cuairteoirí

Mheall Halla na Féile a chomhléirigh Bryan Carr do scoileanna agus teaghlaigh 2,500 cuairteoirí

Deineadh margaíocht ar an Músaeim ag raon leathan imeachtaí in 2016 lena n-áirítear an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta, Taispeántas Baile agus Gairdíní Mhla agus níos mó ná dosaen imeachtaí eile timpeall na tíre.

Ionad Bogach agus Tearmann Dúlra Bhá Thrá Lí

IONAD BOGACH AGUS TEARMANN DÚLRA BHÁ THRÁ LÍ

Mheall Ionad Bogach Bhá Thrá Lí 21,774 cuairteoirí a d'íoc as turas ar an láthair in 2016, agus ghin ioncam de €137,806. Ba mhó go mór ná sin líon na gcuairteoirí ar an ionad ó tá mórán spáis oscailte thart ar an loch a mheall siúlóirí.

Is cuid lárnach é an t-oideachas d'obair an ionaid i gcónaí agus tháinig 3,173 leanaí scoile in 2016. Thug 1,263 duine cuairt ar Eispéireas Dhaidí na Nollag, méadú 27% ar an mbliain roimis sin.

Cuireadh roinnt feabhsúchán ar an ionad in 2016, cuid acu i gcomhpháirt le Craobh Chiarraí d'Iontaobhas Fiadhúlra na hÉireann. Cuireadh gairdín do phailneoirí, gairdín pobail ina bhfuil na cineálacha éagsúla plandaí i gCiarraí le feiscint chomh maith le 12 bhosca neadaireachta don ghabhlán gaoithe imirceach a cuireadh leis an tuar féachana. Cuireadh 100 méadar de sconsa leictreach in aghaidh creachadóirí leis an limistéar fothana d'éanlaithe ó dheas, sa chéad chéim den tionscadal tabharfar éanlaithe ornáideacha isteach agus beidh cineálacha éagsúla díobh le feiscint san ionad in 2017. Anuas ar an méid sin, cuireadh féar agus líon ar an oileán i lár an locha gníomhaíochta le cabhrú le lachain is iad ag neadú le linn an tsamhraidh.

Bhronn Éicea-Thurasóireach Éireann a nGradam Óir ar Ionad Bogach Bhá Thrá Lí in 2016, mar aitheantas ar a iarrachtaí an inbhuanaitheacht agus feasacht chomhshaoil a chur chun cinn le hoibríochtaí an ionaid agus lena tháirge turasóireachta/oideachais.

MUILEANN GAOITHE CHATHAIR UÍ MHÓRÁIN

Cuireadh fáilte roimh 14,000 cuairteoirí go Muileann Gaoithe Chathair Uí Mhóráin in 2016 - méadú 4,000 ar fhigiúr 2015. Tugtar turas treoraithe thart ar an muileann gaoithe dóibh agus taispeántar dóibh mar a oibríonn an muileann. Deineadh oibreacha móra uasghrádaithe ar an díon 2016 le héanlaithe a choimeád amach. Glanadh agus péinteáladh an muileann gaoithe ar fad leis agus tugadh isteach limistéar ónar féidir breathnú ar na héanlaithe ón muileann gaoithe.

Muileann Gaoithe Cathair Uí Mhóráin

John Breen
Stiúrthóir Seirbhísí

SEIRBHÍSÍ UISCE

SEIRBHÍSÍ DÓITEÁIN / RIALÁIL FOIRGNIMH

STIÚRTHÓIREACHT

SEIRBHÍSÍ UISCE, COMHSHAOIL, DÓITEÁIN AGUS LEABHARLAINNE

SEIRBHÍSÍ LEABHARLAINNE

OIFIG NA GAEILGE

COSAINT COMHSHAOIL

SEIRBHÍSÍ TRÉIDLIACHTA

SEIRBHÍSÍ UISCE

Is é cuspóir straitéiseach Rannóg na Seirbhísí Uisce, seirbhís d'ardchaighdeán a sholáthar, i bpáirt le hUisce Éireann, d'áitritheoirí agus do ghnóthaí ar bhealach éifeachtúil, cairdiúil agus cabhrach.

Le hachtú an Achta um Sheirbhísí Uisce (Uimh. 2) 2013, éifeachtach ón 1 Eanáir 2014, ciallaíonn sé gurb é Uisce Éireann an t-aon fhóntas náisiúnta uisce in Éirinn, rud a thugann seirbhísí uisce na n-údarás áitiúil le chéile mar sholáthraí seirbhísí náisiúnta amháin. Leanann Comhairle Contae Chiarraí de sheirbhísí uisce a sholáthar do mhuintir Chiarraí, mar ghníomhaire d'Uisce Éireann, faoi Chomhaontú Leibhéal Seirbhíse.

Tá Seirbhísí Uisce freagrach as seirbhísí uisce phoiblí a sholáthar sa chontae mar a dhéantar foráil dó sa Chomhaontí Leibhéal Seirbhíse i gcás oibríochtaí agus i gcás tionscadail chaipitiúla. Tá siad freagrach freisin as an gClár Uisce Tuaithe a sholáthar.

SOLÁTHAR UISCE PHOIBLÍ

I 2016, chuir Comhairle Contae Chiarraí thart ar 27.0 milliún méadar ciúbach (27.0 billiún líotar) uisce inólta ar fáil do 122,000 custaiméir trí 68,000 ceangal uisce. Tagann an t-uisce ó 64 crios soláthair uisce poiblí atá ceangailte le breis is 85 foinsí uisce ar leith sa chontae.

Cuireadh feabhsúcháin thábhachtacha ar an ngréasán soláthair uisce le linn 2016 maoinithe ag Uisce Éireann. Orthusan bhí 38km de príomhphíopaí nua uisce ar chostas €5m: Príomhphíopaí nua in ionad seanchinn lochtacha:

- 6.5km ó Dhoire, Lios Tuathail go dtí an Tearmann gar do Thairbeart
- 3.5km leagtha síos i Lios Eiltín
- 7.9km leagtha síos ag Baile na Buaile, Baile Uí Shé, Cinn Aird, Com an Liaigh, Baile an Liaigh, Cill Ura Thoir/Thiar, Na Gorta Dubha, Dún Chaoin agus an Choill, Daingean Uí Chúis.
- 1.45km i gCill Ghobnait agus Ceathrú na hÓn
- 2.1km ag an Chúil Bhán agus an Eaglais
- 0.5km i Srón Darach, an Barra Dubh
- 2.7km in Bushmount, na Foidhrí, Gort an Ghalláin, Mucros agus Gleann na Fuinseoige, Cill Orglan
- 1.9km i mBaile Leidir agus sa Cheapach Theas, gar do Chill Ghobnait
- 2km i bhFearann na Mainistreach agus Cill Doire, gar do Bhaile an Mhuilinn agus Faiche Thiar, Lios Tré
- 1.4km i bPáirc Dhrom Tháil, Bóthar an Mhuilinn agus Bóthar na Ceapaí i gCill Airne
- 2.2km ar Bhóthar Loreto agus Bóthar Dubh, Cill Airne
- 1km sna Caortha, in Ard na Lí agus ar an Meal, Trá Lí
- 3.3km leagtha de réir chonradh oibreacha arna thairiscint i nDrom Ultáin, Scairteach an Ghlinne, Fearann na Mainistreach, Baile an Mhuilinn, Cill Chuallachta, Cill Ghobnait, an Leaca Mhór, Mainistir Ó dTórna, agus Sráid an Phiarsaigh, Lios Tuathail.
- 2.5km i nDún Géagáin, Baile An Sceilg, Formaoil, Baile An Sceilg agus an Caladh

2.7 MILLIÚN

MÉADAR CIÚBACH (27.0 BILLIÚN LÍOTAR) UISCE INÓLTA CURTHA AR FÁIL DO

122,000

CUSTAIMÉIR TRÍ

68,000

CEANGAL UISCE

LAGHDÚ

9.5 MILLIÚN

MÉADAR CIÚBACH AR AN UISCE A CHAILLTEAR LE SCEITHEADH

D'FHREASTAIL SEIBHÍSÍ DÓITEÁIN AR

958

EACHTRA IN 2016

INFHEISTÍOCHT

30 MILLIÚN

FÓGARTHA D'IONAD CÓIREÁLA UISCE NUA LOCH CATÁIN

BAILÍODH

103

TONNA BRUSCAIR LE LINN NA TRÉIMHSE GLANTACHÁIN

ANAILÍS DÉANTA AR

4,589

SAMPLA DO

50,000

TÁSTÁIL AG SAOTHARLANN NA COMHAIRLE

D'FHREASTAIL AN CHOSAINT SIBHIALTA AR

74

IMEACHTA I RITH NA BLIANA

BHÍ **33** GRÚPA POBAIL PÁIRTEACH SA SCÉIM IS LINN AN TIONAD BEIR CHUIGE

478,560

TURAS TUGTHA AR LEABHARLANNA CHIARRAÍ

3% SUAS AR 2015

TÓGADH **644,376**

EARRA AR IASACHT Ó LEABHARLANNA CHIARRAÍ

CLÁR LIOSTA GNÍOMHAITHE FEABHSÚCHÁIN

Tharla móroibreacha uasghrádaithe mar dhíghalrú, fearas aláram agus monatóireachta do gach scéim soláthair uisce phoiblí sa chontae.

I dtús na bliana 2016, bhí coimisiúnú déanta ar 43 Ionad nua Cóireála Uisce faoin gClár RAL. Tharla uasghrádú ar dhá Ionad Cóireála Uisce in An Mhín Aird Puc agus Málainn in 2016

In 2016 bhain an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil cúig scéim den Liosta Gníomhaithe Feabhsúcháin Ciarrai Láir; Cnoc an Mhóta (Baile an Mhuilinn Poll Gorm); Málainn, Cathair Saidhbhín; An Mhín Aird Puc Uimh. 1 agus An Mhuiríoch/Baile Breac

FUÍOLLUISCE POIBLÍ

Ar an iomlan oibrítear 48 scéim séarachais phoiblí sa chontae, 16 ag a bhfuil bonneagar iomlán cóireála agus 32 fearas céadchóireála. Ar na huasghráduithe a deineadh ar an mbonneagar fuíolluisce in 2016 bhí an Ionad Cóireála Fuíolluisce i mBaile an Ridire

CLÁR UISCE TUAITHE

Is í Comhairle Contae Chiarraí a riarann an Clár Uisce Tuaithe trí mhaoiniú ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Is í an Roinn Seirbhísí Uisce a chabhraíonn le Grúpscéimeanna ar bhonn riaracháin agus innealtóireachta Ar an iomlán forbraíodh 508 Grúpscéim Uisce i gCiarraí agus tá 234 díobh anois á riaradh ag Comhairle Contae Chiarraí ar son Uisce Éireann.

Forbairtí tábhachtacha in 2016:

Chaith Comhairle Contae Chiarraí €180,600 in 2016 ar Grúpscéimeanna Soláthair Uisce agus Grúpscéimeanna Séarachais sa chontae

Próiseáladh 33 iarratas ar Dheontais Tobair

Próiseáladh 61 iarratas ó Ghrúpscéimeanna ar íocaíochtaí fóirdheontais

Críochnaíodh Grúpscéim Fuíolluisce nua i gCillín, Trá Lí agus deineadh oibreacha ar an Grúpscéim Séarachais ar an mBóthar Ard sa Daingean. Fuair Grúpscéim Séarachais Bhóthar Choill na Fearnóige i dTrá lí tiomantas ón Roinn go maoineofaí an scéim in 2017 agus 2018

Fuarthas agus próiseáladh sé iarratas ar mhaoiniú faoin Scéim Deontais um Dhabhach Mhúnlaigh a Fheabhsú

CAOMHNÚ UISCE

As an dTionscnamh Caomhnú Uisce is ea a d'eascair an tAonad um Chaomhnú Uisce a oibríonn mar Aonad Lárnach Gnó laistigh den Roinn Seirbhísí Uisce.

Dírítear ar chaomhnú Uisce sa bhainistíocht ghníomhach, leagtar an bhéim ar rialú sceitheadh agus ar diomailt uisce a laghdú, rud a laghdaíonn éileamh ar uisce agus a ghineann spáráil ó thaobh costas táirgeadh uisce de. Is cosaint é sin ar an infheistíocht chaipitiúil sa bhonneagar uisce a tharla sna seirbhísí uisce Lorgaítear sceitheadh anois mar chuid de ghnáthdhualgais laethúla na bhfoirne speisialta chuige sin Ó lár na bliana 2006 aimsíodh/deisíodh thart ar 6,500 sceitheadh sa chontae.

In 2006 táirgeadh ar an meán 99,980 méadar ciúbach uisce sa lá ach in 2016 bhí laghdú 26% tagtha air sin go 74,028 méadar ciúbach is ló. Seo laghdú 9.5 milliún méadar ciúbach a cailleadh trí sceitheadh.

In 2016 roghnaíodh Comhairle Contae Chiarraí mar cheann amháin de na sé údarás áitiúla do scéimh phíolótach Uisce Éireann "Aimsigh & Deisigh" lena lonnófaí breis acmhainní chun teacht ar sceitheanna agus iad a dheisiú agus go dtiocfadh laghdú mór in 'Uisce nach bhfuil Cuntas air'. Leagadh síos spriocanna uaillmhianacha maidir le sceitheadh uisce faoin gclár seo agus tá súil go mbeidh an scéim ar fad iomlán seolta in 2017..

CEANGAIL NUA

Críochnaíodh 85 ceangal nua uisce agus 32 cheangal nua fuíolluisce in 2016..

SCÉIMEANNA CAIPITIÚLA SEIRBHÍSÍ UISCE

Dhein an Oifig Tionscnamh Caipitiúil Chiarraí an t-uafás oibre chun scéimeanna móra uisce is fuíolluisce a chur chun cinn tríd an gClár Infheistiocht i gCaipiteal Uisce 2014-2016. Deineadh athbhreithniú ar líon mór scéimeanna lena bhforbairt amach anseo faoi chláir infheistíochta Uisce Éireann.

Tá Oifig Tionscnamh Caipitiúil Chiarraí freagrach leis as Mionchlár Caipitiúil Uisce Éireann a sheachadadh. Deis an-mhaith is ea gnéithe den gclár úd maoinithe chun áiseanna atá cheana féin ann a uasghrádú agus caighdeáin a ardú.

IONAD CÓIREÁLA NUA €30M AG LOCH CATÁIN

An barrfhód á bhaint don ionad cóireála uisce nua €30m i Loch Catáin

Cuireadh tús le forbairt mhór bonneagair in 2016 nuair a fógraíodh go dtógfaí ionad nua cóireála uisce mar chuid d'infheistiú €30 milliún ó Uisce Éireann i Scéim Soláthair Uisce Réigiún Lár Chiarraí. Braitheann breis is 62,000 duine ar an scéim soláthair uisce a thugann uisce do naoi gcrios soláthair uisce atá faoi láthair ar Liosta Gníomhaithe Feabhsúcháin na Gníomhaireachta um Chosaint Comhshaoil de bharr easpa saoráidí cóireála uisce oiriúnach.

Ceapadh Glan Agus mar chonraitheoir chun oibreacha deartha agus tógála a dhéanamh ar son Uisce Éireann agus soláthróidh Nicholas O'Dwyer seirbhísí innealtóireachta agus dhein Comhairle Contae Chiarraí na hoibreacha eile go dtí seo.

Cinnteoidh an infheistíocht €30 milliún go mbeidh na próisis cóireála riachtanacha i bhfeidhm roimh Nollaig 2017 agus go mbeidh an tionscadal iomlán críochnaithe faoi lár 2018. Beifear ábalta ansin ar 62,000 duine a bhaint den Liosta Gníomhaithe Feabhsúcháin.

Soláthróidh an t-ionad nua 51 milliún líotar sa lá do phobail Lár Chiarraí, lena n-áirítear Trá Lí, Cill Airne, Oileán Ciarraí agus Caisleán na Mainge chomh maith le limistéar fairsing tuaithe ar fud an chontae.

D'iompaigh an tAire Stáit um Thithíocht agus Athnuachan Uirbeach an fód don tionscadal in éineacht le Cathaoirleach Chomhairle Contae Chiarraí, an Clr. Michael O'Shea agus Stiúrthóir Bainistíochta Uisce Éireann, Gerry Grant ar an 26 Lúnasa 2016..

Oibreacha caipitiúla eile in 2016:

Uisce

Cuireadh tús le Ionad Cóireála Uisce an Neidín a thógáil (€4.5)

Cuireadh doiciméid chonartha le chéile d'Ionad Cóireála Uisce do Chéim an tSléibhe (€1m)

Gréasáin

Críochnaíodh foireann na Comhairle an obair ar phríomhphíobán uisce nua 7.25km a chur in áit an tseanchinn ón nGaorthadh go Méanas, Cill Orglan (2.5m)

Obair ag dul ar aghaidh ag foireann na Comhairle ar Oibreacha Éascaithe Príomhphíobán Aníos mar chuid de thionscadal an Ionad Cóireála Uisce Loch Catáin (€1.2m)

Cuireadh doiciméid chonartha le chéile do phríomhphíobán nua 5.85km a chur in ionad seanchinn lochtacha 100mm ar fud an chontae (€0.76m)

Thosaigh foireann na Comhairle ag obair ar phríomhphíobán nua 3.5km a chur in ionad an tseanchinn i nDoire, Lios Tuathail (€0.75m)

Cuireadh doiciméid chonartha le chéile chun ceangail nua a chur in áit na gceangal fada luaidhe i dTrá Lí (€0.25m)

Cuireadh doiciméid chonartha le chéile chun príomhphíobán nua a chur in áit na gceann lochtach iarainn i dTrá Lí (€4.15m)

Fuíolluisce

Críochnaíodh obair ar Ionaid Chóireála Uisce agus atreoraíodh sruthanna go dtí Béal Átha Longfoirt agus Tairbeart (€2.7m).

Críochnaíodh oibreacha uasghrádaithe ar Ionaid Chóireála Uisce i gCill Gharbháin (€160,000) agus Baile an Ridire (€166,000).

Cuireadh Ionad Cóireála Uisce Ard Fhearta trí chéim na tairisceana go bronnadh an chonartha i Samhain 2016 (€3.5m)

Críochnaíodh an t-athbhreithniú ar dhearadh Scéim Séarachais Chill Chuimín agus ullmhaíodh doiciméid phleanála lena gcur ar aghaidh do chead pleanála in 2017 (€2.5m)

Críochnaíodh an t-athbhreithniú ar dhearadh Scéim Séarachais Chaisleán na Mainge agus fuair Uisce Éireann cead pleanála chun dul ar aghaidh go dtí Céim an Doiciméid Conartha (€1.2m)

Críochnaíodh an chéim an talamh a fháil d'Ionad Cóireála Fuíolluisce na Fianaite agus ullmhaíodh doiciméid chonartha d'Uisce Éireann le cead a fháil tairiscintí tógála a lorg (€2.8m)

Scéimeanna Liosta Gníomhaithe Feabhsúcháin

Críochnaíodh uasghráduithe ar Ionaid Chóireála Uisce sa Ghleann, Baile an Sceilg, Cathair Dónall agus An Siopa Dubh.

Cuireadh tús le huasghráduithe ar Ionaid Chóireála Uisce i Neidín, an Teampall Nua (ag nascadh le Neidín), an Láithreach agus Loch Cárthaí.

Cuireadh dearaí chun cinn le haghaidh uasghráduithe ar Ionaid Chóireála Uisce ar Stad an tSléibhe agus Cill Gharbháin..

Mionchláir Chaipitiúla

I 2016, sheol Comhairle Contae Chiarraí 38 cás gnó (Coimre Gá Sócmhainní) chuig Uisce Éireann ag lorg mionoibreacha uasghrádaithe ar áiseanna agus sócmhainní uisce agus fuíolluisce. Cheadaigh Uisce Éireann 49 cás gnó in 2016 arbh fhiú €9.3m iad san iomlán. Ba in 2015 a tíolacadh cuid de na tionscadail a ceadaíodh in 2016. Cuireadh obair forbartha agus deartha chun cinn ar roinnt tionscadal ar fud an chontae in 2016 faoi fochláir mhionchaipitiúla éagsúla Uisce Éireann agus an phleanáil i gcomhair tionscadail sa todhchaí mar chuid d'fhorbairtí leanúnacha agus d'oibreacha feabhsúcháin.

Feabhsúcháin ar Ionad Cóireála Dramhuisce Bhaile an Ridire

Feabhsúcháin ar Ionad Cóireála Dramhuisce Bhéal Átha Longfoirt

Seirbhísí Dóiteáin Chiarraí ag tabhairt faoi thine aitinn

SEIRBHÍSÍ DÓITEÁIN / RIALÁIL FOIRGNIMH

Déileálann Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chiarraí le tinte agus éigeandáil eile i gCiarraí agus oibríonn i ndlúthpháirt le pobail áitiúla chun teachtaireachtaí ríthábhachtacha sábháilteachta sholáthar sa chomhrac in aghaidh dóiteán.

Tháinig laghdú beag ar oibríochtaí in 2016 ó 2015. Laghdaigh líon na dteagmhas ó 1,110 in 2015 go 958 in 2016 agus líon na slógaí ó 1,259 in 2015 go 1,138 in 2016.

I gcaitheamh 2016:

Laghdaigh líon na dteagmhas dóiteáin 10% ó 595 in 2015 go 531 in 2016

Laghdaigh líon na dteagmhas dóiteáin simné 12% ó 141 in 2015 go 123 in 2016

Laghdaigh líon na dóiteán aitinn 27% ó 223 in 2015 go 161 in 2016

Mhéadaigh líon na dteagmhas timpiste bóthair 12% ó 120 in 2015 go 135 in 2016

Leanadh d'fheachtas feasachta Sheirbhís Dóiteáin Chiarraí le cabhair a thabhairt chun líon na dtinte aitinn a laghdú. In 2016 deineadh é seo a éascú trí chomhoibriú idirghníomhaireachta agus idirchaidreamh rialta leis na páirtithe leasmhara amhail Teagasc, Cumann na bhFeirmeoirí, Coillte agus an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra

Seachtain Sábháilteachta ó Dhóiteán 2016 á cur chun cinn

PRÍOMHÉACHTAÍ 2016

Leanadh ar aghaidh le flít Sheirbhís Dóiteáin Chiarraí a uasghrádú i rith na bliana lena chinntiú go gcoimeádtar próifíl aoise an fhlít faoi bhun naoi mbliana agus gur lú ná 15 bliana saol oibre na bhfearas ar an líne thosaigh.

Faoin gClár Pobail Aláram Deataigh 2016, le cabhair ón RCPRÁ dáileadh 850 gnáthaláraim deataigh, i bpáirt le heagraíochtaí carthanacha, ar theaghlaigh i measc an phobail a bheadh leochaileach sna cúrsaí úd.

Leantar freisin den chlár bunscoileanna agus pacáistí um Shábháilteacht Tine agus teagasc ar an ábhar céanna á gcur

chun cinn ag an bhfoireann i measc scoláirí sa tríú rang i mbunscoileanna

D'óstaigh Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chiarraí Comhdháil Chumann na nOifigeach Dóiteáin san Óstán Malton i gCill Airne i mí Bhealtaine 2016.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ RIALAITHE TÓGÁLA

Leanann an Rannóg Rialaithe Tógála d'fheasacht níos mó ar na Rialacháin Tógála a chur chun cinn sa chontae Le:

Feiceálacht ar láithreáin tógála a chinntiú thar raon leathan geografach.

Cigireachtaí d'fhonn comhlíonadh Rialachán Tógála a chinntiú

Comhairle a thabhairt maidir le comhlíonadh Rialachán Tógála

Monatóireacht ar sholáthar rochtana do dhaoine faoi mhíchumas

Caomhnú breosla agus fuinnimh a chur chun cinn i ndáil le foirgnimh trí Dheimhniúcháin ar Rátáil Fuinnimh Foirgnimh (BER) a éileamh

Tháinig méadú ar an obair sa réimse seo in 2016 ó 2015:

Fuarthas 418 Fógra Tosaithe/Fógra 7 Lá in 2016 i ndáil le 461 foirgneamh

Dhein oifigigh cigireachtaí ar 37 nó 13.5% de na 281 foirgnimh nua a fógraíodh in 2016 agus deineadh 217 cigireacht rialaithe tógála san iomlán

Deonaíodh 141 Deimhniú Sábháilteachta ó Dhóiteán

Deonaíodh 83 Deimhniú Rochtana do Dhaoine Faoi Mhíchumas

COSAINT SHIBHIALTA CHIARRAÍ

Is seirbhís dara líne dheonach í Cosaint Shibhialta Chiarraí a thugann cúnamh don phobal agus do na seirbhísí éigeandála dara líne i gCiarraí. Tá sé d'aidhm léi seirbhís fhónta a chur ar fáil le baill ardoilte agus éifeachtacha a thugann tacaíocht luachmhar do na seirbhísí éigeandála agus don phobal.

Bhí an Chosaint Shibhialta i láthair ar 74 imeacht éagsúla ar fud an chontae in 2016. I measc na mórimeachtaí a thug Cosaint Shibhialta Chiarraí tacaíocht dóibh bhí:

Mórimeachtaí spóirt agus féilte lena n-áirítear, Rásaí Lios Tuathail, Maratón an Daingin, Aonach an Phoic, Féile Idirnáisiúnta Rós Thrá Lí agus Fleadh Cheoil Chiarraí agus Fleadh Cheoil na Mumhan.

Comóradh 1916 i mBaile Uí Chíosáin, an Bheannach, Ard Fhearta agus Dairbhre

Comhordú an Phlean Leighis do Rothaíocht Charthanach Mhórchuaird Chiarraí 2016: ghlac níos mó ná deich míle rothaí páirt san imeacht agus bhí 145 d'fhoireann leighis i láthair agus 18 n-otharcharr, trí ionad leighis agus 27 dochtúirí. D'úsáid an Chosaint Shibhialta córas cumarsáide satailít Tetra agus d'éirigh thar barr leis.

I measc éachtaí agus forbairtí eile 2016 bhí:

Athosclaíodh Ionad Chosaint Shibhialta Chill Orglan i Stáisiún Dóiteáin Chill Orglan

Oileadh agus cáilíodh triúr Freagarthóirí Uisce Thapa sa tSeirbhís Chúntach Dóiteáin

Fuair seisear ball oiliúint i dtiomáint eis-bhóthar ghairmiúil 4x4

Fuair beirt oiliúint mar Theagascóirí Ardtiomána (ADI)

Oiliúint in úsáid dífhibrileora do chlubanna CLG Na Gaeil agus Abhaistín de Staic agus deimhniúchán eisithe do na scoláirí

Oiliúint agus cúnamh tugtha do Ghrúpa Chéad Fhreagróirí Phobal an Churraichín

Cosaint Shibhialta ag déileáil le tuilte i ndeisceart Chiarraí

An leabharlann taistil in Abhainn an Scáil

LEABHARLANN CHIARRAÍ

Bhí athruithe suntasacha ar sheirbhísí Leabharlann Chiarraí in 2016 le ballraíocht saor in aisce, córas nua Bainistithe Cúrsaíochta Leabharlainne agus raon de sheirbhísí nua ar líne.

Tá naoi mbrainse lánaimseartha ag Leabharlann Chiarraí sa chontae – Baile an Bhuinneánaigh, Cathair Saidhbhín, Oileán Ciarraí, Daingean Uí Chúis, An Neidín, Cill Airne, Cill Orglan, Lios Tuathail agus Trá Lí. Bíonn dhá Leabharlann Taistil agus Roinn Staire Áitiúla is Cartlann ag oibriú ón gCeannáras Leabharlainne.

Tá ráchairt an-mhór fós ar na leabharlanna. Bhí iasachtaí 57% níos airde ná mar a bhí deich mbliana in 2006. In 2016 tógadh amach 644,376 earra ar iasacht ó Leabharlanna Chiarraí.

Is í an leabharlann i dTrá Lí an ceann is gnóthaí le 153,483 earra tógtha ar iasacht. Tógadh 42,786 earra amach sa Neidín agus 32,260 i mBaile an Bhuinneánaigh, ardú 14% ar fhigiúirí 2015 sa dá áit.

Tugadh 478,560 cuairt ar na leabharlanna, ardú 3% ar 2015. Tugadh formhór na gcuairteanna, 117,718, ar leabharlann Thrá Lí le Cill Airne sa dara háit le 74,139.

Ballraíocht saor in aisce

Straitéis náisiúnta do Leabharlanna: Le Deiseanna do Chách (2013-2017), deintear iarracht 'rochtain saor in aisce ar chroísheirbhísí a chur ar fáil faoi 2017'. I gcomhréir leis seo tá ballraíocht saor in aisce curtha ar fáil ag Leabharlann Chiarraí ón 1 Eanáir 2016.

Córas Nua Bainistithe Cúrsaíochta Leabharlainne

Cuireadh córas Bainistíochta Leabharlainne Sierra i bhfeidhm i gCiarraí ar an 12 Lúil mar chuid dá sheoladh náisiúnta. Gabhann raon buntáistí leis don úsáideoir leabharlainne, tá rogha ann suas le 12 earra a thógaint amach ag aon am ar leith [suas ó ocht], rochtain ar chatalóga na leabharlann atá páirteach agus seirbhís iarrtha leabhair náisiúnta saor in aisce agus seirbhís seachadta. Dhein foireann na leabharlainne an-bhainistiú ar an aistriú go dtí an córas nua.

Seirbhísí nua ar líne

Chuir Leabharlann Chiarraí leis an raon seirbhísí ar líne saor in aisce dá baill lena suíomh gréasáin, www.kerrylibrary.ie. Ina measc tá nuachtáin ar líne, irisleabhair dhigiteacha, r-leabhair, r-chlosleabhair, teangacha ar líne agus cúrsaí r-foghlama agus is mór an tairbhe iad do na seirbhísí don phobal. Tugadh treoir ar an gcóras nua don bhfoireann le seimineáir ghréasáin agus grúpsheisiúin oiliúna. Tá fás ag teacht i gcónaí ar an úsáid atáthar ag baint as agus tiocfaidh a thuilleadh de réir mar a théann an pobal i dtaithí air.

Forbairtí tábhachtacha in 2016:
Leithdháileadh €0.25m ar Leabharlann Chiarraí d'fhonn Leabharlann Taistil nua a cheannach in ionad an tseanchinn, mar chuid de chlár Infheistíochta Caipitiúil Leabharlainne 2016 - 2021 na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil..

Leis an maithiúnas ar fhíneálacha fuarthas thar n-ais dhá leabhar - ceann a tógadh amach 85 bliain ó shin agus ceann eile a tógadh amach i 1949:

Another late, late show at library

■ Book smashes record by returning 85 years after due date

IT'S HAPPENED AGAIN! A book due to be returned to the County Library in Tralee has turned up late - this time an amazing 85 years after the Return By date stamped inside the front cover.

Kerry's Eye: Nollaig 2016

Better late than never...

■ Reader returns library book - 67 years after due date!

THERE'S LATE AND there's really late - and then there's 24,000 days late. A Kerry book lover has broken all records at the County Library this week, after finally returning a book borrowed 67 years ago.

BY SHEILA GILLEECE

Staff at the library were stunned on Monday when *Ruby of a Thousand Dreams* made its way back to the shelves after an amnesty on overdue fines was announced.

The adventure novel was due to be returned on November 30th in 1949, but was handed in by a relative of the original borrower on Monday - almost exactly 67 years to the day later.

"It was a real surprise - it's definitely a record," said senior executive librarian, Norin O'Keeffe.

Overdue fines on the book added up to over €1,200 - but thanks to the amnesty, the borrower is completely off the hook.

▶ RETURN: PAGE 20

Kerry's Eye: Samhain 2016

An taispeántas 'The Sun is Rising for Ireland' i Leabharlann Chill Airne

Moladh Leabharlann Chiarraí go mór dá 'Bailiúchán Bréagán agus Acmhainní Céadfacha' ag Gradaim Rialtais Áitiúil 2016 na gComhlachas Tráchtála ag searmanas i mBaile Átha Cliath ar an 24 Samhain. Dearadh an tseirbhís, a oibríonn amach ó Leabharlann Oileán Ciarraí, chun cur le seirbhísí caighdeáin saoil do leanaí agus do dhaoine fásta ar fud a chontae agus chun tacaíocht a chur ar fáil na bréagáin agus na hacmhainní céadfacha trí chomhpháirtíochtaí gairmiúla idir Leabharlann Chiarraí agus gairmiúlaithe cúraim sláinte.

Ghlac breis is 1,000 leanaí i gCiarraí páirt i gclár Léitheoireachta Samhraidh do Leanaí 2016 - Réalta an tSamhraidh - a eagraíodh i ngach ceann de Leabharlanna Chiarraí agus i bhformhór na leabharlann ar fud na tíre. Ba chlár saor in aisce é Réalta an tSamhraidh a d'úsáid acmhainní na leabharlainne agus é oscailte do gach leanbh. Bhronn an Cathaoirleach gradaim cheantar Thrá Lí ar bhreis is 100 leanaí i Leabharlann Thrá Lí ar an 8 Deireadh Fómhair fad is a bronnadh na gradaim eile ag ócáidí sna leabharlanna áitiúla.

Bhí Seachtain Leabharlanna Éireann 2016 ar siúl ar fud na tíre ón Luan an 28 Samhain go dtí an Satharn 3 Nollaig. Bhí dhá phríomhthionscnamh ag Leabharlann Chiarraí, maithiúnas fíneálacha ar leabhair dhéanacha, agus imeachtaí oideachais d'úsáideoirí i ngach leabharlann d'fhonn acmhainní ar líne na leabharlainne a chur chun cinn.

Chríochnaigh Leabharlann Chiarraí an digitiú ar ocht gcinn eile de nuachtáin stairiúla Chiarraí - Kerry Reporter; Kerry Champion; Tralee Liberator; Kerry Press; Kerry Advocate; Kerry People; Kerry Evening Star agus an Kerry News. Tá 20 cinn de nuachtáin Chiarraí ar fáil anois sa bhformáid seo agus tá siad ar fáil lena gcuardach saor in aisce i ngach leabharlann.

Ghlac Leabharlann Chiarraí ról tábhachtach i gclár Dheich mBliana na gCuimhneachán sa chontae. Bhí mórthaispeántas intí 'Ciarraí 1916 ó na Cartlanna' i Leabharlann Thrá Lí i mí Aibreáin agus Bhealtaine. Chomh maith leis sin eagraíodh sraith léachtaí agus imeachtaí i leabharlanna éagsúla a fud an chontae agus tá achmhainní staire áitiúla agus na gcartlann atá ar fáil i gceanncheathrú na leabharlainn á n-úsáid i gcónaí ar mhaithe le taighde.

Grúpa Éagsúil Scríbhneoirí Thrá Lí i Leabharlann Thrá Lí an 10 Samhain á sheoladh

Foireann na Comhairle a fuair teastas (dioplóma) sa Ghaeilge i mí na Nollag 2016 ó Ollscoil Luimnigh

OIFIG NA GAEILGE

ACHT NA DTEANGACHA OIFIGIÚLA 2003

Tá Oifig na Gaeilge freagrach as tuairisciú don Choimisinéir Teanga maidir le cur i bhfeidhm ár n-oibleagáidí reachtúla faoin Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus maidir le cur i bhfeidhm Scéimeanna Gaeilge Chomhairle Contae Chiarraí ag rannóga uile na comhairle. Bíonn an oifig i dteagmháil leis an gCoimisinéir Teanga thar ceann Chomhairle Contae Chiarraí maidir le gearáin ón bpobal faoi neamhchomhlíonadh a dtiomantas teanga.

Bhunaigh an oifig Meitheal na Gaeilge, coiste a dheineann monatóireacht agus tuairisciú ar chur i bhfeidhm thiomantais na Comhairle faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 amhail rialacháin, Scéimeanna Gaeilge agus Orduithe Logainmneacha. Féachann an Meitheal ar bhealaí chun tacú le hAcht na Gaeltachta 2012 agus le Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge. Tugann Meitheal na Gaeilge tuairiscí rialta don bhFoireann Shinsearach Bainistíochta agus tuairiscí don Choimisinéir Teanga agus don Choiste um Polasaí Straitéiseach Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon agus Áineasa. Tháinig Meitheal na Gaeilge le chéile uair sa mhí i gcaitheamh 2016.

Bhunaigh Oifig na Gaeilge 'An Gréasán Tacaíochta', gréasán tacaíochta d'Oifigigh Ainmnithe Gaeilge Chomhairle Contae Chiarraí a thagann le chéile go rialta chun tacú leis an bhfoireann túslíne seirbhísí a sheachadadh don phobal as Gaeilge.

DEISEANNA AN GHAEILGE A ÚSÁID

Thug an Oifig maoiniú €5,000 d'fhéilte/imeachtaí as Gaeilge ar fud Chiarraí, Éigse na Brídeoige, Scoil Cheoil an Earraigh, An Fhuinneog is Gaelaí le linn Sheachtain na Gaeilge, Cibeal ar an Meal, Féile na Bealtaine, Ceardlann Filíochta ag Seachtain na Scríbhneoirí, Féile Peile na nÓg, Regatta Fionntrá, Féile an Phráta, Regatta Bhaile na nGall, Comóradh Thomáis Ághas 1916, Ceiliúradh an Bhlascaoid agus An Fhéile Bheag Filíochta.

In 2016, cuireadh taispeántas dátheangach 'An Ghaeilge agus 1916', a chuir Conradh na Gaeilge i dtoll a chéile, ar taispeáint i leabharlanna, scoileanna agus ag féilte ar fud Chiarraí don mbliain chomórtha thábhachtach sin. Thugamar tacaíocht do 'An Eilifint sa GPO', léiriú dátheangach ar an réabhlóid chultúrtha agus teangan in Éirinn a spreag Éirí Amach na Cásca i 1916. Bhí an léiriú seo lán go barra de bhlúiríní staire agus d'óráidí, amhráin agus d'fhilíocht atá oiriúnach do ghrúpaí drámaíochta agus do scoileanna lena chur i láthair ag féilte, imeachtaí nó fiú ag am lóin.

Deiseanna an Ghaeilge a fhoghlaim
D'fhorbair agus bhunaigh Oifig na Gaeilge cúrsaí TEG (Teastas Eorpach na Gaeilge) i nGaeltacht Chorca Dhuibhne, i bpáirt le Údarás na Gaeltachta, Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí, Oidhreacht Chorca Dhuibhne, Dún Chíomháin Ollscoil Chorcaí

agus Ollscoil Mhá Nuad. Fuair deichniúr rannpháirtithe Teastas Eorpach na Gaeilge ag leibhéal A2 agus B1.

D'fhorbair agus soláthair dhá chúrsa TEG don bhfoireann ina bhfuair 20 ball foirne Teastas Eorpach na Gaeilge ag leibhéal A1, A2 agus B1. D'eagraigh agus mhaoinigh an Oifig leis Teastas i nDioplóma sa Ghaeilge ó Ollscoil Luimnigh do 11 bhall foirne.

FÓRAM GAEILGE CHIARRAÍ

Tugadh tacaíocht rialta in 2016 do riar Fhóram Gaeilge Chiarraí, ardán do phobal labhartha na Gaeilge agus do phobail Ghaeltachta Chiarraí. Tá ról tábhachtach ag Fóram Gaeilge Chiarraí maidir le tacaíocht a thabhairt chun polasaithe Gaeilge a fhorbairt d'fhonn úsáid na Gaeilge a chur chun cinn i gCiarraí. Bhí an Fóram gníomhach i mbun comhairliúcháin phoiblí faoi Phlean Forbartha an Chontae agus faoin Straitéis Turasóireachta agus d'ainmnigh ionadaí teangan don Choiste um Polasaí Straitéiseach Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon & Áineasa. D'fhorbair Oifig na Gaeilge an suíomh gréasáin www.eolaire.ie i bpáirt le Fóram Gaeilge Chiarraí.

Imeachtaí Sheachtain na Gaeilge á seoladh

Teastas Eorpach na Gaeilge (dioplóma) á bhronnadh ar bhaill foirne

COSAINT COMHSHAOIL

Tá Rannóg na Seirbhísí Comhshaoil freagrach as comhshaol an chontae a chosaint tríd an iliomad rialachán, treoirlínte agus dlíthe a bhaineann le bainistiú dramhaíola, rialú ar thruailliú agus laghdú ar bhruscar, soláthar seirbhísí tréidliachta, cláir um fheasacht chomhshaoil, seirbhísí saotharlainne agus bainistiú tránna, a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú.

Lean an Roinn Cosaint Comhshaoil in 2016 dá ról tábhachtach ag cur leis an gcáil atá orainn mar thimpeallacht gléghlan cónaithe is cuairtíochta, rud atá ríthábhachtach ó thaobh ról an turasóireachta de sa gheileagar seo againne.

BAINISTIÚ DRAMHAÍOLA

Athchúrsáil Dramhaíola

I 2016 bhí áiseanna athchúrsála ag ceithre cinn de Stáisiúin Aistrithe Bruscair atá suite i gCill Airne, Baile an Mhuilinn, An Neidín, Cathair Saidhhín agus ag Ionad Athchúrsála and Dramhaíola Chorca Dhuibhne i Lios Póil chomh maith le han-chuid ionad beir chuige don ghloine, cruach agus do channaí alúmanaim ar fud an chontae

Glacadh le 2,490 tonna ábhar athchúrsála ag na hionaid úd agus ag an ngréasán beir chuige in 2016.

Tá 99 n-ionad Beir Chuige sa chontae. Ba iad foireann Chomhairle Contae Chiarraí a bhí ina bhfeighil agus freisin bhí 33 Grúpa pobail páirteach sa Scéim Is linn an tIonad Beir Chuige.

Dramhaíl a chur de Láimh

Fágadh 5,767 tonna fuílleach dramhaíola ag ár n-áiseanna dramhaíola le linn 2016 lena mbailiú ag tríu páirtí a roghnaíodh faoi phróiseas fála iomaíoch don aisghabháil agus cur de láimh. Próiseáladh 97,970 idirbheart dramhaíola le linn na tréimhse seo.

RIALÚ COMHSHAOIL

Monatóireacht agus Forfheidhmiú Rialacháin Bhruscair, Cáilíocht Uisce, Truailliú Aeir agus Gleo

Fuarthas 131 gearán faoi thruailliú uisce in 2016

Níor tharla aon mhóreachtra truaillithe ola in 2016

Fiosraíodh 45 tuairisc in 2016 faoi na hAchtanna um Thruailliú Aeir

Ag seo anailís ar thruailliú a tuairiscíodh le linn 2016::

Saghas Truailliú sa Tuairisc	Líon
Truailliú ó bhruscar	675
Truailliú ó ghleo	18
Truailliú uisce	131
Truailliú aeir	45
Iomlán	**869**

Leanadh de chur i bhfeidhm agus forfheidhmiú Phlean Bainistíochta Abhantrach na Sionainne agus Abhantracha an Iardheiscirt (a glacadh i gcomhréir le Creat-treoir Uisce an AE) ar feadh na bliana bunaithe ar na tosaíochtaí atá leagtha amach sna pleananna.

PLEAN CIGIREACHTA NÁISIÚNTA AR CHÓRAIS CHÓIREÁLA FUÍOLLUSCE TÍ

Tá Comhairle Contae Chiarraí freagrach as cigireacht ar Chórais Chóireála Fuíolluisce Tí sa Chontae faoi Phlean Cigireacht Náisiúnta na Gníomhaireachta um Chosaint Comhshaoil. Tharla 67 dá leithéid de chigireachtaí le linn 2016 de réir na gcritéar roghnaithe a leagadh síos ag an RCPRÁ.

PLEAN BAINISTITHE BRUSCAIR 2017-2019

Ullmhaíodh Plean Bainistithe Bruscair nua in 2016 don tréimhse 2017- 2019 i gcomhréir le halt 10 den Acht um Thruailliú ó Bhruscar 1997.

Sa phlean tá athbhreithniú ar an mbainistiú bruscair sa chontae sa trí bliana imithe tharainn. Cuirtear béim sa phlean ar an iliomad rudaí atá bainte amach sa chontae go háirithe na gradaim éagsúla a buadh i gcomórtas na mBailte Slachtmhara, comhoibriú gnóthaí, grúpaí pobail agus Chomhairle Contae Chiarraí agus iad ag obair i bpáirt lena chéile le linn Sheachtain Ghlanta an Chontae agus le linn an Ghlantacháin an Earraigh bliantúil go háirithe.

Sa phlean leagtar amach na príomhdhúshláin atá amach romhainn sa chontae:

Dumpáil mhídheathach faoin tuath agus sna portaigh, cois sléibhe, sna haibhnte agus sna coillte

Caitheamh bruscair ar thaobh an bhóthair ag tiománaithe agus coisithe

Salú ag madraí ar bhealaí siúil agus in eastáit tithíochta

An fás atá ag teacht ar bhruscar a chaitear ar an talamh taobh amuigh d'ionaid mhearbhia agus ionaid eile dá saghas

Bruscar ó bhunanna toitíní agus guma coganta

Chun dul i ngleic leis an fadhbanna seo tá roinnt príomhchuspóirí luaite sa phlean:

Oideachas a chur ar dhaoine agus feasacht an phobail a ardú

Cosc agus smacht ar bhruscar

Forfheidhmiú

Comhpháirtíochtaí a fhorbairt

Athchúrsáil agus aisghabháil a chur chun cinn

PLEAN BAINISTITHE DRAMHAÍOLA RÉIGIÚN AN DEISCIRT 2015-2021

Tá Plean Bainistithe Dramhaíola Réigiún an Deiscirt 2015-2021 dírithe ar chosc agus bainistiú sábháilte agus inbhuanaithe ar dhramhaíl sa réigiún. I measc na bpríomhtháscairí feidhmíochta ina thuarascáil bhliantúil do 2016 tá roinnt comparáidí ann idir cleachtais bainistithe dramhaíola ar fud an réigiúin, mar shampla, idir 2012 agus 2014 thit an ráta diúscartha i líonadh talún ó thithe cónaithe ó 37% go 25%.

Torthaí dearfacha eile ba ea gur tháinig feabhas ar an ráta athchúrsála agus aisghabhála ó 63% in 2012 go 75% in 2014. Nochtadh sa tuarascáil gur tháinig méadú ar mhéid bliantúil dramhaíola tí a tháirgeann gach duine ó 295kg go 299kg idir 2012 agus 2014. Ba é an meánmhéid dramhaíola tí i ngach tigh cónaithe in 2014 ná 807kg.

Ar na príomhthorthaí eile sa tuarascáil bhí:

Tá an aisghabháil ar dhramhaíl fearais leictreachais agus leictreonaigh sa réigiún anois ag leibhéal atá a dhá oiread níos airde ná sprioc íosta an AE de 4kg an áitritheoir.

Tá 67% de thithe cónaithe cláraithe anois do sheirbhís bailithe dramhaíola

Tá araid orgánach ag 45% de thithe cónaithe a úsáideann an tseirbhís bailithe.

ÚDARÁIS RÉIGIÚNACHA TOSAIGH UM FHORFHEIDHMIÚ DRAMHAÍOLA

I dtreo dheireadh na bliana 2015 chuir an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil in iúl gur bunaíodh Údaráis Réigiúnach um Fhorfheidhmiú Dramhaíola do na trí cinn de Réigiúin Bainistithe Dramhaíola sa tír. Is í Comhairle Contae Chorcaí an Ceannúdarás Réigiúnach um Fhorfheidhmiú Dramhaíola do Réigiún an Deiscirt mar a bhfuil Ciarraí.

Beidh na Ceannúdarás nua Réigiúnach um Fhorfheidhmiú Dramhaíola (WERLA) freagrach as forfheidhmiú a chomhordú sna réigiúin, tosaíochtaí agus cuspóirí comónta a bhunú agus leanúnachas a chinntiú thar na trí cinn de réigiúin um pleanáil bainistithe dramhaíola atá anois ann agus ag an am céanna go mbeidh pearsanra údaráis áitiúil ann i gcónaí mar chéad fhreagróirí ar an talamh chun déileáil le sáruithe ar an reachtaíocht maidir le dramhaíl. Bhí na húdaráis áitiúla seo ag dul i dtaithí air seo i rith 2016.

Ceann de na 14 Brat Gorm i gCiarraí á ardú i mBaile an Bhuinneánaigh i mí an Mheithimh

TRÁNNA BRAIT GHOIRM

D'éirigh go breá linn anso i 2016 agus 14 Brat Gorm anois againn sa chontae. Choinnigh na tránna seo a leanas a stádas brait ghoirm: Baile an Sceilg, An Fhianait, Baile an Bhuinneánaigh Theas & Thuaidh, Inse, Na Cealla, Baile Uí Thaidhg, An Machaire Beag, Trá na Beannaí, Doire Fhionáin, Ceann Trá, An Trá Bhán (Cathair Saidhbhín). D'éirigh le Ros Beithe agus Muiríne na Fianaite an Brat Gorm a fháil ar ais in 2016.

Chun stádas Brait Ghoirm a bhronnann an Taisce a ghnóthú caithfidh gach trá agus muiríne dianchritéir a chomhlíonadh i réimsí Oideachais Comhshaoil agus Soláthair Feasachta, Cáilíochta Uisce, Bainistithe Comhshaoil agus Sábháilteachta agus Seirbhísí.

TORTHAÍ UISCE SNÁMHA 2016

Thug an Ghníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil rangú mar "ar fheabhas" do na 15 cheantar snámha sa Chontae, ina bhfuil tránna Brait Ghoirm freisin. Is fiú a lua go bhfuil na caighdeáin nua a tugadh isteach in 2014 a dhá oiread níos déine ná mar a bhíodh agus ba ghaisce an méid sin a bhaint amach. Le linn shéasúr snámha 2016 (a ainmnítear mar an tréimhse idir 1 Meitheamh agus 15 Meán Fómhair), mar chuid den rangú seo tógadh 290 sampla lena measúnu do na paraiméadair mhicribhitheolaíochta agus fhisiciceimiceacha i Saotharlann Chomhairle Contae Chiarraí. Ina dhiaidh sin seoladh an tuairisc chuig an Ghníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil.

AN TSEIRBHÍS TRÉIDLIACHTA

Lean na Seirbhísí Tréidliachta in 2016 den Chomhaontú Leibhéil Seirbhíse le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann a chur i bhfeidhm, ag cheadú agus ag maoirsiú 15 sheamlas agus 16 déantús beaga feola sa chontae. Deintear cigireacht tréidliachta roimis agus tar éis maraithe agus bíonn an caighdeán an-ard i gcónaí. Cuireann mórán de na táirgeoirí ceirde seo go mór le saol eacnamaíoch, sóisialta agus turasóireachta an réigiúin agus cuireann fostaíocht ar fáil agus cuireann le luach táirgí ó fhoinsí áitiúla. Áis iontach is ea na seamlais úd d'fheirmeoirí ag a mbíonn saghas áirithe uaineoil throm búistéara agus bodóg thraidisiúnta nach mbíonn ag na heasportálaithe móra. Aithníonn Comhairle Contae Chiarraí ról tábhachtach na seamlas úd sa bhfeirmeoireacht.

RIALÚ MADRAÍ

Tá an tseirbhís Rialú Madraí ar na seirbhísí is fearr riartha sa tír. Bíonn cur chuige dearfach ag Comhairle Contae Chiarraí trínár suíomh gréasáin agus i gcomhar le heagraíocht áitiúil um leas ainmhithe ó thaobh bailte do mhadraí ar strae. Faoi dheireadh na bliana 2016 bhí 16,994 ceadúnas madraí sa chontae arb é an líon is airde pro-rata in Éirinn.

AN TSAOTHARLANN

Is é ról na saotharlainne ná monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht uisce inólta, aibhneacha, lochanna, uisce snámha, diúscairt fuíolluisce agus diúscairt tionsclaíoch ceadaithe sa chontae.

Bhronn Bord Náisúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB) an creidiúnú ISO17025 ar an saotharlann mí na Nollag 2015, dá hanailís mhicribhitheolaíochta agus cheimiceach agus paraiméadair mhicribhitheolaíochta sa bhfíoruisce agus san uisce óil. Tá an tsaotharlann tar éis creidiúnú a lorg i ndáil leis na paraiméadair straitéiseacha bhreise don uisce óil agus snámha.

Is caighdeán idirnáisiúnta bainistíochta do shaotharlanna é ISO 17025 a bhfuil éileamh an-mhór air. Aitheantas foirmiúil is ea an creidiúnú úd ar sheirbhís ardchaighdeáin ag Comhairle Contae Chiarraí a chomhlíonann riachtanais rialála agus dea-chleachtais tionscail.

Le linn 2016 thóg an tSaotharlann thart ar 4,589 sampla agus dhein anailís ar nach mór 50,000 triail, léirítear iad siúd sa chairt anseo thíos:

GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSTÁLA INTÍ 2016



ENVIRONMENTAL PROTECTION

Maidir le feasacht comhshaoil lean Comhairle Contae Chiarraí de chlár cuimsitheach gníomhaíochtaí a chuireann an pobal ar an eolas faoi dhea-chleachtais a raghaidh i bhfeidhm ar bhailiú dramhaíola, bruscar, caomhnú uisce agus dramhaíl bia.

Is linn an Bóthar seo – 10 ngrúpa dheonacha páirteach

Is linn an tIonad Beir Chuige – 33 ngrúpa dheonacha páirteach

Feachtas Glantachán Earraigh – 314 grúpa deonach páirteach sa bhfeachtas agus bailíodh 103.20 tonna bruscair le linn na tréimhse glantacháin

Clár Scoileanna Glasa, 159 scoil páirteach sa Chlár i 2016 agus Brat Glas don bhfeabhas comhshaoil anois faoi dheireadh 2016 ag 130 scoil.

AISTRIÚ CHIARRAÍ

Tá sé mar aidhm le hAistriú Chiarraí feasacht agus líonraí a chruthú lena chinntiú go mbeidh inbhuanaitheacht áitiúil ag croílár gach gnímh agus polasaí a dheintear ag an leibhéal áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Is é cuspóir an ghrúpa athruithe a bhrostú ar aghaidh trí ionspioráid agus tacaíocht a thabhairt dár bpobail agus iad a spreagadh agus a oiliúint agus líonrú a chur ar fáil dóibh agus ansin a bhfís den todhchaí atá ag teastáil uathu a chur chun feidhme. Má tá breis eolais uait féach www.transitionkerry.org

Bhí clár imeachtaí an-ghnóthach ag Aistriú Chiarraí i rith 2016 lena n-áirítear an tacaíocht leanúnach a thugtar do Chlár Garraithe Scóir Thrá Lí agus Comharchumann Fuinnimh Inbhuanaithe Chiarraí. I measc bhuaicphointí 2016 bhí:

Earrach 2016 - Clár Oideachais - Seasmhacht Pobail a thógáil i gCill Airne

Márta - Bealtaine 2016 - Tionscadal Pobail Úlloird Torthaí agus Cnónna

Bealtaine 2016 - Taispeáint Scannáin: 'This Changes Everything'

Meitheamh 2016 - Sráidbhaile Inbhuanaithe ag Féile na mBláth

Meán Fómhair 2016 - Sráidbhaile Aistrithe ag Féile Bhia Thrá Lí

Deireadh Fómhair 2016 - Caint phoiblí ar an athrú aeráide 'The Burning Question'

Samhain 2016 - Cruinnithe Poiblí - 'Feeding the Kingdom'

Samhain 2016 - Caint ar Bheacha i Siamsa Tíre - Plean Náisiúnta do Phailneoirí

Nollaig 2016 - Imeacht poiblí - Cnuasach Séasúrach

SCOILEANNA GLASA

In 2016 d'oibrigh Comhairle Contae Chiarraí le naoi scoil a fuair a gcéad bhrat don mhódúl Bruscair agus Dramhaíola agus le 44 scoil a raibh ceann de na mhódúil scoileanna glasa seo a leanas á athnuachan acu - fuinneamh, uisce, iompar inbhuanaithe, bithéagsúlacht agus saoránacht na cruinne.

Gradaim na mBailte Slachtmhara sa Helix I mBaile Átha Cliath

BAILTE SLACHTMHARA

Bronnadh cúig bhonn óir ar Thrá Lí, Cill Airne, Lios Tuathail, Neidín agus an tSnaidhm ag gradaim náisiúnta na mBailte Slachtmhara 2016 agus ainmníodh Lios Tuathail ina Bhaile Beag is Slachtmhaire in Éirinn. Fuair Baile an Ridire agus an Caladh duaiseanna cré-umha. B'éacht den scoth é seo do gach éinne a bhí páirteach agus is léiriú é ar na hiarrachtaí ollmhóra a dheineann coistí na mbailte slachtmhara fud fad an chontae agus tuairiscí maithe faighte ag gach aon cheann acu ó na breithimh in 2016.

Tionóladh seimineár i Márta 2016 do na grúpaí bailte slachtmhara ar fad i gCiarraí agus phléigh cainteoirí le ceisteanna éagsúla. Ba dheis líonraithe é freisin do ghrúpaí chun bualadh le chéile agus a gcuid eispéireas a roinnt
.

LÁ GLANTA AN CHONTAE

Ba í 2016 an cúigiú bliain de Ghlanadh an Chontae agus ghlac grúpaí deonach páirt lena gceantar féin a fhágaint breá maisiúil néata. Bhailigh 7,000 duine 3,500 mála bruscair ar fud an chontae.

COMHROINNT BIA CHIARRAÍ

Mar bhaill de Chomhroinnt Bia Chiarraí dhein Comhairle Contae Chiarraí agus a comhpháirtithe maoirsiú ar naoi dtonna d'fharasbarr bia a bhailiú ó sholáthraithe agus ó ollmhargaí agus í a athdháileadh ar charthanais i gCiarraí.

LÍONRÚ

D'fhreastail an tAonad Feasachta Comhshaoil ar roinnt cruinnithe líonraithe ag leibhéal réigiúnach agus náisiúnta. Ina meas bhí cruinnithe ráithe le hOifig Dramhaíola Réigiúnach an Deiscirt, dhá chruinniú leis an Roinn Tithíochta, Pleanála, Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus cruinnithe rialta leis an Líonra um Chosc na nÚdarás Áitiúil a chomhordaíonn an Ghníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil.

NA MEÁIN CHUMARSÁIDE

Tá alt seachtainiúil ag an Oifigeach Feasachta Comhshaoil sa Kerryman agus bíonn sé le clos go minic ar Raidió Chiarraí agus ar Raidió na Gaeltachta.

Martin O'Donoghue
Stiúrthóir Seirbhisí (Gníomhach)

STIÚRTHÓIREACHT

SEIRBHÍSÍ TITHÍOCHTA AGUS CORPARÁIDEACHA

TACAÍOCHT TITHÍOCHTA AGUS SHÓISIALTA

SEIRBHÍSÍ CHORPARÁIDEACHA

ACMHAINNÍ DAONNA

INIÚCHADH INMHEÁNACH

TITHÍOCHT AGUS TACAÍOCHT SHÓISIALTA

Is é is cuspóir don Rannóg Tithíochta ná uasmhéadú a dhéanamh ar an gcóiríocht oiriúnach a chuirtear ar fáil dóibhsean nach bhfuil in ann cóiríocht oiriúnach a fháil dóibh féin, ag baint úsáid as na roghanna éagsúla tithíochta sóisialta atá ann agus stoc tithíochta Chomhairle Contae Chiarraí a bhainistiú agus a chothabháil agus forbairt pobal inbhuanaithe a éascú.

I rith 2016 mhéadaigh ar éileamh is ar sholáthar i réimse Tacaíochta Tithíochta agus Sóisialta. Deineadh athbhreithniú ón mbonn suas ar an Rannóg Tithíochta as a n-éirigh athstruchtúrú ar an seachadadh seirbhíse i dtrí phríomhréimse - Bainistíocht Sócmhainní, Seirbhísí do Chustaiméirí agus Seirbhísí Tacaíochta Sóisialta. Táthar ag súil go dtiocfaidh éifeachtúlachtaí agus seirbhís fheabhsaithe do chustaiméirí as seo go ceann roinnt blianta.

STOC TITHÍOCHTA

Tá stoc tithíochta ar cíos ag an gcomhairle de 4,026 aonad mar a shonraítear thíos. Stoc mór tithíochta is ea é seo lena bhainistiú agus a chothabháil. I rith na bliana 2016 fuarthas 4,141 iarratas ar fad agus freagraíodh do riachtanais 96% acu faoi dheireadh na bliana. Ag seo rangú na n-iarratas thar na ceithre Cheantar Bhardasacha:

CEANTAR BARDASACH	% DEN STOC TITHÍOCHTA INA IOMLÁINE	% D'IARRATAIS AR CHOTHABHÁIL TITHÍOCHTA
THEAS & THIAR	25%	26%
CILL ÁIRNE	18%	20%
LIOS TUATHAIL	22%	19%
TRÁ LÍ	35%	35%
IOMLÁN	100%	100%

IN 2016
FUARTHAS



4,141

IARRATAS AR CHOTHABHÁIL AR FAD

AGUS FREAGRAÍODH DO RIACHTANAIS

96%

ACU FAOI DHEIREADH NA BLIANA

TUGADH

410

LEITHDHÁILEADH DEONTAIS LE HAGHAIDH OIRIÚNAITHE TITHÍOCHTA DO DHAOINE SCOTHAOSTA AGUS DO DHAOINE FAOI MHÍCHUMAS

804

CIGIREACHT DÉANTA AR ÁITRIBH AR CÍOS AS A D'EASCAIR

1,105

CIGIREACHT SAN IOMLÁN

462

DÁILEADH TITHÍOCHTA LEIS NA ROGHANNA ÉAGSÚLA TITHÍOCHTA SÓISIALTA

DEINEADH

446

OIBREACHA FEABHSÚCHÁIN MAIDIR LE HÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH IN 2016

MEASÚNÚ AR RIACHTANAIS TITHÍOCHTA 2016

Deineadh measúnú ar riachtanais tithíochta i Meán Fómhair 2016 mar iarracht a chinntiú go ndéanfaí faisnéis gach iarratasóra a nuashonrú. San iomlán deineadh measúnú ar 5,541 líon tí. Eisíodh agus próiseáladh 8,336 litir (meabhrúcháin agus litreacha leantacha san áireamh) mar chuid den mheasúnú seo. Bhí 2,319 glaoch teileafóin agus seiceálacha ar an ríomhaire.

Ba é líon na n-iarratasóirí cáilithe ar an liosta tithíocht ag deireadh na bliana ná 4,177 líon tí. Fuarthas 607 iarratas nua ar thithíocht in 2016. Líon tí ina bhfuil duine singil is ea an cineál líon tí is líonmhaire ar an liosta (50%) agus ansin duine fásta singil le leanbh nó le leanaí (22%) agus an 30% eile déanta suas de bheirt duine fásta nó níos mó le leanaí nó gan leanaí.

27%

Tá Ceantar Roghnach ag 27% d'iarratasóirí i
gCB Chill Airne

18%

Tá Ceantar Roghnach ag 18% d'iarratasóirí i
gCB Chiarraí Theas & Thiar

42%

Tá Ceantar Roghnach ag 42% d'iarratasóirí i
gCB Thrá Lí

13%

Tá Ceantar Roghnach ag 13% d'iarratasóirí i
gCB Lios Tuathail

Maidir le próifíl aois na bpríomhiarratasóirí cáilithe bíonn a bhformhór san aoisghrúpa 25-40 (50%) agus bíonn 7% os cionn 60 bliain d'aois. Sin patrún rialta le tamall de bhlianta anuas.

Sa lá atá inniu ann tá claonadh ann go bhfreastalaítear ar thithíocht shóisialta le roghanna éagsúla sóisialta. Athrú mór air seo in 2016 ba ea seoladh Scéim Íocaíochta Cúnaimh Tithíochta.

Cuireann an Rannóg Tithíochta tacaíochtaí pobail agus forbartha ar fáil chomh maith le seirbhísí bainistíochta tionóntachtaí chun cabhrú le tionóntaithe laistigh dá bpobal. Leanann an Rannóg freisin de bheith chaidreamh a chothú le tionóntaithe agus le hiasachtaithe údaráis áitiúil maidir le fiacha réiteach agus an Próiseas Réitithe d'Fhiacha Morgáiste.

DÁILEADH TITHÍOCHTA

Dháiil Comhairle Contae Chiarraí 462 dháileadh tithíochta in 2016 leis na roghanna éagsúla atá ar fáil maidir le tithíocht shóisialta.

CLÁR TITHÍOCHTA 2015 - 2017

Go luath in 2015, ceadaíodh pacáiste infheistíochta €62m chun Tithíocht Shóisialta a sholáthar i gCiarraí go dtí deireadh na bliana 2017. Sa phacáiste seo tá maoiniú caipitiúil agus reatha a chlúdaíonn forbairt scéimeanna caipitiúla ag an údaras áitúil féin, tithe a cheannach, réadmhaointe a fháil trí na scéimeanna RAS agus scéimeanna léasa maraon le soláthar ó na Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta.

Ar an iomlán beidh 1,058 aonad cóiríochta sa chlár caipitiúil reatha is iad á soláthar trí na modhanna éagsúla a luaitear anseo. Deineadh dul chun cinn in 2016 i roinnt réimsí:

Clár Ceannaigh Tí

Cheannaigh an Chomhairle 57 tigh faoi dheireadh mí na Nollag 2016 mar chuid den gClár Tógála agus Fála Tithíochta 2015 – 2017, sháraigh se sin an sprioc 50 tigh a bhí againn. Ag seo rangú thar na ceithre Cheantar Bhardasacha: 17 tigh i dTrá Lí, 13 i gCill Airne, 14 i gCiarraí Theas & Thiar agus 13 i Lios Tuathail.

Clár Folús

In 2016, maoiníodh oibríocha ar 125 thigh tríd an gClár Folús. Is í aidhm an chláir ná áitribh fholmha a aischóiriú d'iarrthóirí cáilithe ar an liosta againn. Ar an gcuma san éascaíodh 125 áitreabh fholmha a aischóiriú is iad anois éifeachtach ó thaobh fuinnimh de agus oiriúnach le ligean arís d'iarrthóirí cáilithe.

BEARTA ÉIFEACHTÚLACHTA FUINNIMH

Dhírigh Comhairle Contae Chiarraí arís ar aischóiriú ar insliú agus bearta eile éifeachtúlachta fuinnimh ar sheanstoc an údaráis áitiúil trí mhaoniú ón Roinn Comhshaol, Pobail agus Rialtais Áitiúil a úsáid. Is mór an buntáiste é sin dár dtionóntaithe ó thaobh teasa agus fuinnimh de sa bhaile agus tithe níos éifeachtúla anois acu. Dhein an Chomhairle a leithéid d'oibreacha éifeachtúlachta fuinnimh ar 446 tigh ar fud na gceithre Cheantar Bardasach, feabhsaíodh insliú an díon, na bhfallaí agus na cuais sna tithe agus feabhas dá réir curtha ar éifeachtúlacht agus déanamh an tí Comhairle sin. Ar an iomlán caitheadh €449,587 de mhaoiniú ón Roinn. Ag seo rangú na n-iarratas thar na 4 Cheantar Bhardasacha:

THEAS agus THIAR	182	THIGH
CILL AIRNE	94	THIGH
LIOS TUATHAIL	67	THIGH
TRÁ LÍ	103	THIGH

DEONTAIS TITHÍOCHTA

In 2016 tugadh 410 leithdháileadh deontais faoi na Scéimeanna Deontais Oiriúnaithe Tithíochta do Dhaoine Scothaosta agus do Dhaoine faoi Mhíchumas arbh fhiú €1.929m san iomlán iad. Fuair an Chomhairle 474 iarratas ar dheontas in 2016 ar léiriú é den ráta ceadaithe 86%. Deintear na 410 deontas a bhriseadh síos i dtrí chineál deontais mar seo a leanas:

Deontais Áiseanna Soghluaisteachta - 143 eisithe - €0.675m

Cúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta - 176 eisithe - €0.502m

Deontais Oiriúnaithe Tithíochta - 91 eisithe - €0.751m.

Sháraigh an t-éileamh ar an scéim seo an méid maoinithe a bhí ar fáil agus bhí gá le córas tosaíochta a chur i bhfeidhm. Is mór na buntáistí a ghabhann leis an gclár seo ó thaobh cúinsí maireachtana do sheandaoine a cháilíonn agus d'aon duine de líon tí atá faoi mhíchumas inár bpobal agus cuireann sé borradh freisin faoi gnóthaí agus faoi fhostaíocht do cheardaithe.

OIBREACHA OIRIÚNAITHE

Deineadh obair ar 28 réadmhaoin amhail seomraí folctha a chur in oiriúint, ardaitheoirí staighre, rampaí, in 2016 ar chostas iomlán €132,482. Bua mór is ea an maoiniú úd a ligeann do thionóntaithe fanacht ina dtithe féin ach cúpla mionathrú a dhéanamh.

AN SCÉIM UM CHÓIRÍOCHT AR CÍOS (RAS)/LÉASÚ SÓISIALTA

Bhí rath ar oibriú na Scéime RAS in 2016 agus díríodh orthu siúd atá cáilithe agus ag fáil forlíonadh cíosa ar bhonn fadtéarmach. Ba é 754 aonad an sprioc faoin RAS agus scéimeanna Léasaithe agus don tréimhse 2015-2017 agus faoi dheireadh 2016 bhí 416 aonad arna seachadadh ag Comhairle Contae Chiarraí. Tá breis is 900 conradh gníomhach RAS againn agus iad ag freagairt do ghéargá mórán daoine a bhfuil tithíocht uathu.

STRAITÉIS NÁISIÚNTA TITHÍOCHTA DO DHAOINE FAOI MHÍCHUMAS 2011-2020

Bunaíodh Grúpa Stiúrtha um Thithíocht agus Míchumas do Chontae Chiarraí in 2014. Tá sé mar aidhm ag an ngrúpa freagairt ar bhonn tráthúil agus comhtháite do riachtanais tithíochta éinne atá faoi mhíchumas fisiciúil, meabhrach, intinne nó céadfach trí na heagraíochtaí idir reachtúil is deonach bhíonn atá ag plé le hearnáil an mhíchumais i gCiarraí.

Tháinig an Grúpa Stiúrtha um Thithíocht agus Míchumas le chéile ceithre huaire in 2016. Deineadh an Plean Straitéiseach um Thithíocht do Dhaoine faoi Mhíchumas a thabhairt suas chun dáta agus tá spriocanna seachadta ann anois. Cuirfear an plean straitéiseach sin chun cinn leis na páirtithe leasmhara le linn 2017.

CLÁR UM CHÓIRÍOCHT DON LUCHT TAISTIL

Le linn 2015 dhírigh an clár um chóiríocht don lucht taistil ar na háiseanna ar láithreáin stad Chomhairle Contae Chiarraí a fheabhsú. In 2016 réitíodh na fadhbanna a aithníodh. Chomh maith le monatóireacht a dhéanamh ar shábháilteacht dóiteáin ar láithreáin stad deintear athbhreithniú uirthi ag cruinnithe rialta den Choiste Comhairliúcháin maidir le Cóiríocht don Lucht Taistil Áitiúil.

Luann Atógáil Éireann arís an tiomantas go gcuireann údaráis tithíochta Cóiríocht Sonrach don Lucht Taistil ar fáil bunaithe ar Chláir Chóiríochta don Lucht Taistil ina gceantair. Ghlac Comhairle Contae Chiarraí an babhta reatha den Chlár Cóiríochta don Lucht Taistil in Aibreán 2014 le clár seolta cúig bliana a ritheann ó 2014 go 2018. Ó thús feidhmithe an phlean cuireadh tacaíochtaí nua tithíochta sóisialta i bhfeidhm ina bhfuil roghanna maidir le fáil agus léasú.

In 2016 deineadh athbhreithniú lár téarma ar an gClár um Chóiríocht don Lucht Taistil agus díríodh ar an líon teaghlach ón Lucht Taistil a bhí ar an liosta tithíochta, ar thorthaí an Mheasúnaithe ar Riachtanais Tithíochta agus ar riachtanais maidir leis an Scéim Grúpthithíochta. Tá Comhairle Contae Chiarraí d'oibriú leis an gCoiste Comhairliúcháin maidir le Cóiríocht don Lucht Taistil Áitiúil, teaghlaigh den lucht taistil, an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus leis an bpobal i gcoitinne chun tithíocht a chur ar fáil don lucht taistil i gcomhréir leis an gClár um Chóiríocht don Lucht Taistil.

CLÁR UM ATHLONNÚ TEIFEACH

Glacann Comhairle Contae Chiarraí páirt i gClár um Athlonnú Teifeach na Roinne Dlí agus Cirt. Is é cuspóir an chláir go háitiúil ná a chinntiú go gcuirtear teifigh ón tSiria agus ón Iaráic a thagann go Ciarraí fúthu sa phobal agus go mbíonn teacht acu ar sheirbhísí agus go gcabhraítear leo caidreamh a chothú leis an bpobal ina bhfuil siad lonnaithe.

In 2016 lonnaíodh 19 dteaghlach teifeach i gCiarraí ina raibh 44 leanaí faoi bhun 18 mbliana d'aois. Lonnaíodh na teaghlaigh i dTrá Lí, Cill Airne agus i gCill Orglan. D'oibrigh an tOibrí Tacaíochta Athlonnaithe chun a chinntiú go mbíonn teacht ag teifigh ar sheirbhísí ar bhealach cuí.

Oibríonn grúpa idirghníomhaireachta ar a bhfuil an Chomhairle, an FSS, Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí, an Garda Síochána agus an Roinn Coimirce Sóisialta le teaghlaigh atá tar éis socrú síos i gCiarraí. Bunaíodh roinnt foghrúpaí chun díriú isteach ar réimsí tábhachtacha amhail oideachas agus cuimsiú. Deineadh a lán de na teaghlaigh a chur i dteangmháil le seirbhísí áitiúla, Seirbhísí Fostaíochta Áitiúla, cuideachtaí forbartha áitiúla, an Oifig Fiontair Áitiúil agus grúpaí deonacha.

SEIRBHÍSÍ DO DHAOINE GAN DÍDEAN

Leanann an Chomhairle de chúnamh a thabhairt do dhaoine gan dídean maidir le cóiríocht tríd an Ionad Eolais do Dhaoine gan Dídean agus trí raon eile cóiríochta a chur ar fáil. In 2016 tháinig 1,020 duine go dtí an tIonad ag lorg dídine - ina measc sin bhí 144 aonad teaghlaigh ar ardú 64% ar 2015.

Tá cuid dá réadmhaoin ainmnithe ag Comhairle Contae Chiarraí ar fud an chontae mar áitribh shealadacha do dhaoine gan dídean - ní bheidh na háitribh seo in úsáid ach mar bheart gearrthéarmach do theaghlaigh go háirithe agus dóibhsean atá i gcóiríocht fhadtéarma ar feadh roinnt blianta ag fanacht le cóiríocht bhuan a aimsiú.

Tá 14 leaba in Arlington Lodge, Trá Lí, a cuireadh ar fáil trí Thionscnaimh NOVAS agus naoi leaba ar Bhóthar Mhucrois, Cill Airne a úsáidtear mar chóiríocht éigeandála. Tá áis le tacaíocht fhadtéarmach seacht leaba i gCnoc Lí, Trá Lí.

Tháinig an Fóram Idirghníomhaireachta um Dhaoine gan Dídean le chéile gach ráithe agus bhí cruinniú den Fhoireann Gníomhaíochta um Dhaoine gan Dídean.

TITHÍOCHT DHEONACH

In 2016 bhí an Rannóg Tithíochta ag saothrú le comhlachtaí tithíochta deonaí agus deimhníodh seacht n-aonad tithíochta d'iarrthóiri cáilithe, cúig cinn i gCill Orglan, ceann i dTrá Lí agus ceann i gCill Airne.

CAIGHDEÁIN SAN EARNÁIL PHRÍOBHÁIDEACH

Lean an Chomhairle de chaighdeáin san earnáil phríobháideach cóiríochta ar cíos a fhorfheidhmiú agus deineadh 804 áitreabh, ba é sin 1,105 cigireacht agus athchigireacht san iomlán in 2016.

ÍOCAÍOCHT CÚNAIMH TITHÍOCHTA (HAP)

Tugadh isteach scéim nua um Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta i gCiarraí in 2016. Leis an íocaíocht seo beidh na húdaráis áitiúla ábalta anois cúnamh tithíochta a chur ar fáil do theaghlaigh a cháilíonn do thacaíocht tithíochta sóisialta, daoine a fhaigheann Forlíonadh Cíosa go fadtéarmach san áireamh. Tosnaíodh leis an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta i gCiarraí ar an 1 Nollaig 2016. Fuarthas líon mór fiosraithe ón bpobal i mí na Nollag agus eisíodh 33 iarratas agus cláraíodh ochtar faighteoirí d'Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta faoi dheireadh na bliana.

SEIRBHÍSÍ DO CHUSTAIMÉIRÍ

D'fhonn leibhéal na seirbhísí do chustaiméirí agus d'ionadaithe poiblí a sheachadtar a fheabhsú deineadh roinnt athruithe in 2016.

Tá oifigeach ar leith arna shannadh a phléifidh go cuí le comhairleoirí agus le hionadaithe poiblí.

Tá liosta teanmhálaithe tugtha do gach comhairleoir ar a bhfuil na seirbhísí a chuireann an Rannóg Tithíochta ar fáil agus pointe teangmhála do gach seirbhís.

Tá liosta déanta de theangmhálaithe teileafóin/ríomhphoist le freastal ar gach réimse seirbhíse laistigh den Rannóg Tithíochta.

Neartaíodh foireann na seirbhísí do chustaiméirí le go mbeidh siad níos fearr in ann seirbhísí a sheachadadh d'ionadaithe poiblí agus don phobal i gcoitinne. Ar an meán glaonn 100 duine ar an gcuntar poiblí agus tagann ardú mór air sin tráth a mbíonn athbhreithnithe cíosa, measúnaithe ar riachtanais tithíochta ar siúl agus ag amanna áirithe eile leis.

SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

Cuireann Rannóg na Seirbhísí Corparáideacha tacaíocht riaracháin ar fáil ag cruinnithe den Chomhairle Iomlán agus do na ceithre Cheantar Bhardasacha agus tá roinnt aonad gnó sa Rannóg freisin - Cumarsáid, Caidreamh le Custaiméirí, Saoráil Faisnéise, Clár na dToghthóirí agus Bainistíocht Áiseanna.

Is féidir sonraí chruinnithe na Comhairle na gCeantar Bardasach in 2016 a fháil ar (lth. 8)

An tAthchomhaireamh i dToghcheantar Lios Tuathail i mí Feabhra

COMHAIREAMH ARÍS I DTOGHCHEANTAR LIOS TUATHAIL

Feabhra 2016 dhein Comhairle Contae Chiarraí athchomhaireamh iomlán ar na vótaí a caitheadh i dToghcheantar Lios Tuathail sna toghcháin áitiúla in 2014.

D'éirigh an t-athchomhaireamh as agóid dhlíthiúil in aghaidh thoradh bunaidh an vóta a thionscain duine de na hiarrthóirí, Dan Kiely, agus cuireadh ar siúl é tar éis chinneadh na Cúirte Uachtaraí a cheangail nár mhór, ag féachaint d'fhorálacha Alt 8 den Acht um Thoghcháin Áitiúla (Achainíocha agus Dícháilíochtaí), 1974, na vótaí don toghchán áitiúil do Lios Tuathail, a bhí ar siúl ar an 23 Bealtaine 2014, a athchomhaireamh as an nua.

Faoi threoir ón gCeann Comhairimh, Charlie O'Sullivan, cuireadh an t-athchomhaireamh ar siúl in Ionad CLG na Mistéalach i dTrá Lí ar an 10 Feabhra 2016. Coimeádadh na páipéir bhallóid, agus doiciméid bainteach leo, i naoi mbosca séalaithe ón uair a fógraíodh toradh bunaidh an toghcháin.

I ndiaidh dheireadh an athchomhairimh, chuaigh an Ceann Comhairimh os comhair an Bhreithimh Tom O'Donnell i gCúirt Chuarda Luimnigh. Dhein an Breitheamh O'Donnell ordú ag dearbhú thoradh an vóta agus dhearbhaigh sé na hiarrthóirí a toghadh do Thoghcheantar Lios Tuathail.

Níor eascair athrú ar bith as an Athchomhaireamh. Dá réir sin, deimhníodh na hiarrthóirí seo a leanas a bheith tofa do Thoghcheantar Lios Tuathail (Ceantar Bardasach Lios Tuathail anois):

Cllr Robert Beasley
'Púicín', Bóthar an Dúna, Baile an Bhuinneánaigh
Sinn Féin

Cllr Mike Kennelly
Cúl an Chláraigh,
Lios Tuathail
Fine Gael

Cllr Aoife Thornton
Fionnúig, Leic Snámha
Fine Gael

Cllr John Brassil
An Phríomhshráid, Baile Uí Thaidhg, Co. Chiarraí
Fianna Fáil

Cllr Jimmy Moloney
11 Cherrytree Drive,
Lios Tuathail
Fianna Fáil

Cllr Dianne Nolan
47 Faiche An Dromainn,
Lios Tuathail
Sinn Féin

Cllr Liam Purtill
An Phríomhshráid,
Béal Átha Longfoirt
Fine Gael

NA MEÁIN AGUS CUMARSÁID

In 2016 lean Aonad na Meán agus Cumarsáide de bheith ag plé leis an gcumarsáid sheachtrach, trí na meáin chumarsáide áitiúla agus náisiúnta don chuid is mó, agus ó am go chéile, sna meáin idirnáisiúnta. Tá caidreamh láidir ag an aonad i gcónaí le hiriseoirí, go háirithe sna meáin chumarsáide áitiúla agus freagraítear ceisteanna dóibh gach lá. D'eisigh an tAonad roinnt preaseisiúintí agus faisnéis faoi imeachtaí agus tionscadail ina raibh an Chomhairle páirteach i gcaitheamh na bliana agus chabhraigh le feachtais phoiblíochta agus seoltaí polasaí a eagrú.

Deineann Aonad na Meán agus Cumarsáide maoirseacht ar chaidreamh sna meáin shóisialta ag an gComhairle agus cinntíonn go bhfuil láithreacht láidir aici iontu agus go gcothaítear bealaí cumarsáide leis na meáin, le custaiméirí agus leis an bpobal trí chéile.

In 2016 lean an tAonad d'oibriú go dlúth le gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí eile ar chúraimí a bhaineann le ceachtar acu ó thaobh na cumarsáide de.

SAORÁIL FAISNÉISE

Pléann an tAonad um Shaoráil Faisnéis le hiarratais ó bhaill phobail, iriseoirí agus ó eagraíochtaí ar thaifid a choimeádann Comhairle Contae Chiarraí. Is comhlacht poiblí í Comhairle Contae Chiarraí atá faoi réir ag forálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014, a cheadaíonn rochtain ar thaifid áirithe a choimeádann an t-údarás áitiúil faoi réir roinnt eisceachtaí.

In 2016 fuair Comhairle Contae Chiarraí 94 iarratas ar Shaoráil Faisnéise, 86 díobhsan ba thaifid neamhphearsanta a bhí á lorg, sé cinn díobh ba thaifid phearsanta a bhí á lorg agus dhá cheann díobh tarraingíodh siar iad agus déileáladh leo taobh amuigh den rannóg. Fuarthas 21 iarratas ó iriseoirí agus trí cinn ó bhaill den Oireachtas. Deineadh achomharc chun an Coimisinéir um Shaoráil Faisnéise in aghaidh cinneadh amháin agus thug an Coimisinéir ordú go gcuirfí próiseas nua déanta cinnidh i bhfeidhm.

CAIDREAMH LE CUSTAIMÉIRÍ

Is mór ag Comhairle Contae Chiarraí dea-chaidreamh a bheith ann le custaiméirí agus cuireann fáilte roimh aiseolas agus tuairimí ó chustaiméirí agus ón bpobal. Déileálann Rannóg na Seirbhísí Corparáideacha le gearáin ó chustaiméirí. Déileálann an Rannóg freisin le gearáin a dheintear le hOifig an Ombudsman. I Meán Fómhair 2016 d'óstaigh Comhairle Contae Chiarraí seimineár leis an Ombudsman i dTrá Lí inar thug sé cuntas ar obair na hoifige sin agus pléadh na cásanna ba mhó a bhaineann leis an gComhairle.

BAINISTIÚ ÁISEANNA

Oibríonn, bainistíonn agus coimeádann an tAonad um Bainistiú Áiseanna punann de bhreis is 40 áis corparáideach ar fud Chiarraí, lena n-áirítear Foirgnimh Chorparáideacha, Oifigí Ceantar Bardasach, Oifigí Ceantair, leabharlanna, tithe cúirte agus áitribh ar léas.

Chuir an t-aonad na tionscadail seo i gcrích in 2016:

- Leagadh foirgneamh Neodata i Lios Tuathail
- Ceannaíodh iar-fhoirgneamh EIR sa Daingean chun freastal ar Oifig Ceantair an Daingin
- Oibreacha feabhsúcháin ar an Ionad Cultúir i gCill Airne
- Cuireadh sconsa leictreach idir Reilig na Rátha agus tailte na comhairle sa Ráth Teas, Trá Lí
- Suiteáladh Córas Sábhála ó Thitim in Aonad Filestores i Móin an Bhaile, Trá Lí
- Oibreacha Tiontúcháin Coire Téite Ola go Gáis sa Cheanncheathrú Cosanta Sibhialta
- Soláthraíodh cuideachta bhainistíochta d'Ionad Spóirt agus Áineasa Chill Airne
- Oibreacha uasghrádaithe ar an soilsiú i Halla na Linne Snámha in Ionad Spóirt agus Áineasa Chill Airne
- Suiteáladh PV Gréine i Halla Cuimhneacháin Thomáis Ághas, Trá Lí
- Oibreacha athchóirithe ar an Oifig Oibríochtaí, Sláinte agus Sábháilteachta in Áras an Chontae

Cuireadh tús le hAthchóiriú Halla Baile Chill Airne

Lárú leanúnach ar an gCóras Rialaithe Rochtana

Lean an tAonad um Bainistiú Áiseanna d'úsáid a bhaint as córas conarthaí agus creataí Oifig Soláthair an Rialtais chun airgead a spáráil nuair a cheannaítear stáiseanóireacht, páipéar, soláthairtí oifige agus glantacháin agus lean freisin de réimsí a aithint ina bhféadfaí costais reatha agus oibríochta na n-áiseanna corparáideacha a laghdú.

CLÁR NA DTOGHTHÓIRÍ

Tá Comhairle Contae Chiarraí freagrach as Clár na dToghthóirí a chur le chéile agus fhoilsiú don chontae gach bliain laistigh de na frámaí ama reachtúla. In 2016 bhí thart ar 116,000 duine aonair cláraithe chun vótáil i gCiarraí.

ACMHAINNÍ DAONNA

Líon na bhfostaithe ar an 31 Nollaig 2016			
Bainistíocht/Riarachán	457		
Innealtóireacht/Teicniúil	220		
Oibríochtaí/Lasmuigh	714		
Iomlán	**1,391**		

Briseadh Síos ó thaobh inscne ar an 31 Nollaig 2016			
	Fireann	Baineann	Iomlán
Bainistíocht/Riarachán	98	359	457
Innealtóireacht/Teicniúil	184	36	220
Oibríochtaí/Lasmuigh	641	73	714
Iomlán	**923**	**468**	**1,391**

STAITISTICÍ COMÓRTAIS

Number of employees at 31st December 2016	
Líon comórtas a cuireadh ar siúl in 2016	33
Líon iomlán na n-iarratas a fuarthas	1,070
Iarratasóirí fir	710
Iarratasóirí mná	306

SOCRÚCHÁIN TRÍÚ LEIBHÉAL

Lean an Chomhairle dá ceangal le cláir um shocrúcháin tríú leibhéal agus éascaíodh naoi socrúchán.

FORBAIRTÍ TÁBHACHTACHA IN 2016

Leantar den Chlár Bainistithe Tinrimh chun cur le héifeachtúlacht maidir le tinreamh na foirne sa láthair oibre.

Forbairt leanúnach agus cur i bhfeidhm ar an gClár Tacaíocht Eagrúcháin chun leas na foirne a fheabhsú agus chun cloí leis an reachtaíocht.

Forbairt leanúnach ar an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS), go háitiúil agus mar cheann de na húdaráis ceannais sa tír.

Na riachtanais chúlghabhálacha ghrinnfhiosrúcháin faoin Acht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin 2012 (Leanaí agus Daoine Soghonta) a chur i bhfeidhm - tosaíodh ar in 2016.

Leanadh de pholasaithe agus nósanna imeachta cosanta leanaí a fhorbairt chun a chinntiú go gcloítear leis an reachtaíocht maidir le cosaint leanaí agus leis an treoir náisiúnta maidir le cosaint agus leas leanaí.

OILIÚINT AGUS FORBAIRT

Sa Roinn Oiliúna eagraítear réimse leathan clár oiliúna lena chinntiú gur féidir leis an bhfoireann a gcuid dualgas a chomhlíonadh ar bhonn muiníneach éifeachtach i dtimpeallacht shábháilte. Is sna catagóirí seo a leanas a roinntear an oiliúint:

Oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta (éigeantach)

Scileanna Gnó/Bainistíochta

Eolas, scileanna agus inniúlacht sonrach don bpost

Forbairt Phearsanta

Oiliúint a tugadh i rith na bliana:

Oiliúint i scileanna TF

Oiliúint soláthair

Cosaint Leanaí

Oiliúint maidir le Cosaint Sonraí

Oiliúint CPC Tiománaithe/Oibreoirí Innealra

Garchabhair

Oiliúint Uisce Éireann

Oiliúint Seirbhísí Comhshaoil

Safepass

Láimhsiú Sábháilte

Lotnaidicídí

Sábh slabhrach

Oiliúint Seirbhísí Dóiteáin

Cóiriú Dromchla

Oiliúint CSCS

GNÓ SA PHOBAL ÉIREANN

Lean an Chomhairle de pháirt a ghlacadh i gClár Comhpháirtíochta Gnó na Scoileanna de chuid Gnó sa Phobal Éireann. Ag obair i bpáirt le Scoil Chuimsitheach an Tóchair, chabhraigh an idirghníomhaíocht a cothaíodh leis an scoil chun treoir a thabhairt do na scoláirí ionas go mbeidís réidh le dul ar aghaidh i réimse an bhreisoideachais agus i saol na hoibre.

TIONSCNAIMH GHNÍOMHACHTAITHE FAOI CHINNIREACHT AN RIALTAIS

Tairseach

Chríochnaigh Comhairle Contae Chiarraí na socrúcháin phoist do 70 rannpháirtí sa Scéim Tairsí. Ghnóthaigh roinnt daoine a ghlac páirt sa scéim fostaíocht le Comhairle Contae Chiarraí.

Aithníonn Comhairle Contae Chiarraí tacaíocht an Bhoird Eisíocaíochtaí Chiste na gCuntas Díomhaoin i ndáil le hoibríocht na Scéime Tairsí.

Clár an Údaráis Áitiúil um Earcaíocht Chéimithe

Tá ceithre shocrú i gComhairle Contae Chiarraí faoi láthair faoin scéim náisiúnta seo. Fostaítear céimithe i réimsí speisialtachta ar chonarthaí dhá bhliain chun taithí praiticiúil a thabhairt dóibh ina réimse féin. D'fhostaigh Comhairle Contae Chiarraí céimithe le hobair i bhForbairt Eacnamaíoch Fiontair agus Gnó, Straitéis Nuála agus Bainistiú Athruithe agus Bainistiú Acmhainní Daonna.

INIÚCHADH INMHEÁNACH

Feidhm neamhspleách measúnaithe is ea Iniúchadh Inmheánach a dheineann athbhreithniú ar an gcóras rialaithe inmheánach laistigh de Chomhairle Contae Chiarraí. Le linn 2016 dhein an tIniúchadh Inmheánach roinnt iniúchtaí agus tuairiscíodh torthaí agus moltaí gach iniúchta don bhainistíocht agus don Choiste Iniúchta. Dhein an t-aonad iniúchtaí leantacha freisin chun measúnú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na moltaí ó iniúchtaí a deineadh cheana.

COISTE INIÚCHTA

Tá sé mar aidhm ag an gCoiste Iniúchta forbairtí maidir le dea-chleachtas a chothú maidir le feidhmiú iniúchadh inmheánach Chomhairle Contae Chiarraí. Ceadaíonn an Coiste an Plean Straitéiseach um Iniúchadh Inmheánach, Plean an Iniúchta Inmheánaigh bliantúil agus an Chairt Iniúchta Inmheánaigh. Athbhreithníonn an Coiste tuairiscí an Iniúchta Inmheánaigh agus deineann monatóireacht ar chur i bhfeidhm na moltaí.

I gcaitheamh 2016, tháinig an Coiste Iniúchta le chéile cúig huaire. Ar an gcoiste tá beirt bhall thofa agus triúr ball sheachtracha.

AN TINIÚCHÓIR RIALTAIS ÁITIÚIL

Tá obair an Iniúchóra Rialtais Áitiúil dírithe go príomha ar dhóthain fianaise a fháil chun tuairim a nochtadh ar Ráitis Airgeadais Bhliantúla Chomhairle Contae Chiarraí. Comhoibríonn an tIniúchadh Inmheánach leis an Iniúchóir Rialtais Áitiúil lena chinntiú go mbaintear amach an clúdach iniúchta is mó dar féidir sa chomhthéacs seo. Cuireann an tIniúchóir Rialtais Áitiúil le chéile an Tuarascáil Iniúchóra.

Angela McAllen
Ceann Airgeadais

STIÚRTHÓIREACHT

AIRGEADAIS

AONAID GHNÓ

AIRGEADAS

TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE

LÁRIONAD SOLÁTHAIR
OIBRÍOCHTA RIALTAIS ÁITIÚIL

AIRGEADAS

Tá an Rannóg Airgeadais freagrach as airgeadas na Comhairle a rialú is a bhainistiú, idir ioncam agus caipiteal. Forbraítear agus feidhmítear polasaí airgeadais, nósanna imeachta agus struchtúir do Chomhairle Contae Chiarraí agus tugtar seirbhísí tacaíochta don eagraíocht. Eisítear na tuairiscí reachtúla mar Bhuiséad agus Ráiteas Bliantúil Airgeadais agus cloítear le riachtanais tuairisce ráithe an Aontais Eorpaigh/an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta agus na Roinne Airgeadais.

Agus an Buiséad á bhainistiú i rith na bliana, deineann an Chomhairle iarracht seasmhacht airgeadais agus trédhearcacht ar fud na heagraíochta a bhuanú trí phróisis mhaithe bhuiséadacha, bainistiú ciste agus ioncaim, soláthar agus rialú maith.

Le linn 2016 dhein Comhairle Contae Chiarraí bainistiú éifeachtach ar ár mbonn acmhainní in ainneoin a lán dúshlán a bheith romhainn amach. Coimeádadh smacht go ciallmhar ar chaiteachas idir Ioncam agus Caipiteal agus neartaíodh bearta chun fiacha a bhainistiú chun uasmhéid ioncaim a bhaint amach chomh fada agus ab fhéidir. Leis an mbainistiú éifeachtúil seo ar acmhainní bhíothas in ann leanúint de sheirbhísí áitiúla na Comhairle a sholáthar i gcónaí.

Ba é €83,445 an Barrachas Ioncaim don mbliain 2016. Ba é €6,355,213 an cúlchiste ioncaim carnach ag deireadh na bliana 2016. Léiriú an-mhaith is ea an cúlchiste ioncaim carnach ar obair na mball tofa agus ar dhícheall fhoireann Chomhairle Contae Chiarraí an leas is fearr a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil, luach maith ar airgead a ghnóthú, an t-ioncam a uasmhéadú agus éifeachtúlachtaí foriomlána a mhéadú thar scata de bhliantaibh anuas.

Tá cúraimí leanúnacha ag an gComhairle, agus beidh amach anseo, maidir le dliteanais shuntasacha airgeadais. Tá infheistíocht ag teastáil chun an Plean Gníomhaíochta don Fhostaíocht, an Plean Eacnamaíoch agus Pobail Áitiúil agus an Straitéis Turasóireachta a sheachadadh a mbeidh maoiniú ónár n-acmhainní féin de dhíth dóibh chun aon chúnamh deontais dá bhfaightear a mheaitseáil. Chomh maith leis sin beidh infheistíocht chaipitil ag teastáil freisin d'fhonn Páirc Theicneolaíochta Thrá Lí a cheannach agus chun leanúint de thionscadail na mBealaí Glasa agus Taistil Níos Cliste ar fud an chontae.
Ní mór féachaint ar an infheistíocht seo i gcomhthéacs na ndúshlán mór atá ann maidir le hioncam a bhailiú agus sruthanna ioncaim a bheith ag laghdú.

Dhein Comhairle Contae Chiarraí roinnt beart in 2016 chun an caitheamh laethúil ar oibríochtaí a chur in oiriúint don chlár infheistíochta caipitiúil leis an maoiniú agus leis na hacmhainní atá ar fáil. Is cuid lárnach de sheirbhísí Chomhairle Contae Chiarraí é an cuspóir atá againn tacaíocht a thabhairt do ghnóthaí agus do theaghlaigh trí sheirbhísí d'ardcháilíocht a sholáthar laistigh de na srianta reatha airgeadais.



IS IAD NA PRÍOMHAONAID I RANNÓG AN AIRGEADAIS:

An tAonad Árachais

Go príomha tá Dliteanas Poiblí, Dliteanas Fostaitheora, Árachas Dóiteáin agus Mótair. Cinntítear go mbíonn clúdach mar is cuí ag Comhairle Contae Chiarraí agus go gcloítear le dea-chleachtais um Bainistiú Riosca trí mhonatóireacht agus tuairisciú ar thimpistí.

Meitheal Tionscnaimh FMS

Tá an t-aonad seo freagrach as Córais agus Feabhsúcháin Airgeadais Náisiúnta agus Áitiúla a fheidhmiú, agus oiliúint agus tacaíocht a thabhairt dóibh.

An tAonad Ioncaim

Pléitear go príomha le rátaí tráchtála, NPPR, tobhaigh forbartha agus aon mhuirir eile atá le híoc le Comhairle Contae Chiarraí.

An tAonad Párolla

Mar chuid de na tionscnaimh um Sheirbhísí i bPáirt san earnáil Údaráis Áitiúil, bunaíodh an tIonad Aoisliúntais agus Seirbhísí Párolla agus Pinsin i bPáirt laistigh de Chomhairle Contae Laoise (MYPAY). Ón 1 Deireadh Fómhair 2015 ar aghaidh is ansiúd a dheintear íocaíochtaí párolla Chomhairle Contae Chiarraí a phróiseáil d'fhostaithe, lucht pinsin agus comhairleoirí i gcomhar leis an aonad Párolla de chuid Chomhairle Contae Chiarraí.

Aonad na gCuntas Iníoctha

Dearbhaíonn an rannóg chuí na sonraisc agus seoltar ar aghaidh iad chuig Aonad na gCuntas Iníoctha lena bpróiseáil. Tá nósanna imeachta lena chinntiú go gcloítear leis an Acht um Íoc Pras Cuntas 1997 agus le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála) 2012. Chomhlíon Comhairle Contae Chiarraí go hiomlán an reachtaíocht i ndáil le híocaíochtaí déanacha le linn 2016.

An tAonad Tacaíocht FMS

Stiúrann an tAonad seo an Córas Bainistíochta Airgeadais (Agresso) atá i bhfeidhm go forleathan sa Chomhairle. Tugtar tacaíocht agus oiliúint don bhfoireann agus tá rialacháin i bhfeidhm ar mhaithe le slándáil a bhuanú.

An tAonad Bainistithe Airgeadais

Ar phríomhchúraim an aonaid tá bainistiú ciste, imréiteach bainc, bainistíocht féichiúnaithe, monatóireacht ar an gcuntas Caipitil, an Clár Sócmhainní a bhainistiú agus a chinntiú go dtarraingítear síos deontais. Tugtar eolas agus tuairiscí bainistíochta freisin le go ndéantar an buiséad a bhainistiú go héifeachtach.

An tAonad Mótarchánach

Is í Comhairle Contae Chiarraí a riarann mótarcháin laistigh dá limistéar feidhmeach thar ceann na Roinne Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

Lárionad Soláthair Oibríochta Rialtais Áitiúil

Tá an Lárionad Soláthair Oibríochta Rialtais Áitiúil i gCill Airne freagrach as gléasra ar cíos agus mionoibreacha a fháil don earnáil phoiblí trí chéile.

Feidhmíonn sé mar chomhlacht lárnach ceannaigh faoi scáth Chomhairle Contae Chiarraí agus deineann comhordú ar chreataí soláthair/seirbhísí/oibreacha chatagóirí caiteachais a bhaineann le Gléasra ar Cíos agus Mionoibreacha agus é freagrach as na catagóirí seo agus aon bhogearraí soláthair lena mbaineann a fhorbairt.

Sna táblaí agus na píchairteacha anseo thíos léirítear staid airgeadais na Comhairle agus tá anailís ar chaiteachas agus ioncam na bliana. Is féidir a rá go bhfuil stádas reatha sásúil airgeadais ag an gComhairle ar dháta 31 Nollaig, 2016.

RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH

(RÁITEAS CUNTAIS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS) DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2016

Sa Ráiteas Cuntais ar Ioncam Cuimsitheach tugtar le chéile an teacht isteach ar fad a bhaineann le hioncam agus caiteachas. Taispeántar freisin an barrachas/easnamh ar fad don mbliain.

Caiteachas de réir Rannóige	Glan Caiteachas 2016	Ioncam 2016	Caiteachas 2016	Caiteachas 2015
Tithíocht agus Tithíocht	22,122,929	22,865,480	(742,551)	(125,365)
Bóithre, Iompar & Sábháilteacht	35,986,132	25,978,819	10,007,313	11,344,531
Seirbhísí Uisce	14,577,922	13,791,239	786,683	754,332
Bainistíocht Forbartha	10,531,796	4,411,247	6,120,549	6,993,281
Seirbhísí Comhshaoil	16,571,015	3,428,803	13,142,212	12,861,236
Áineas & Áiseanna	7,472,182	542,263	6,929,919	6,317,652
Talmhaíocht. Oideachas, Sláinte & Leas	2,302,159	1,750,610	551,549	384,987
Seirbhísí Éagsúla	17,478,623	7,654,027	9,824,596	11,299,778
Caiteachas/Ioncam Iomlán	**127,042,758**	**80,422,488**		
Costas glan na Rannóige le maoiniú ó Rátaí agus ón gCáin Mhaoine Áitiúil			46,620,270	49,830,432
Rátaí			41,062,725	41,264,285
Cáin Mhaoine Áitiúil			11,659,186	11,659,186
Asbhaint a Bhaineann le Pinsean			1,872,434	2,553,300
Barrachas/(Easnamh) don mbliain roimh Aistriú			**7,974,075**	**5,646,339**
Aistrithe ó/(go) Cúlchistí			(7,890,597)	(5,558,580)
Barrachas/(Easnamh) Foriomlán don mBliain 16			**83,478**	**87,758**
Cúlchiste Ginearálta ar dháta 1 Eanáir 2016			6,271,768	6,184,008
Cúlchiste Ginearálta ar dháta 31 Nollaig 2016			**6,355,246**	**6,271,768**

RÁITEAS AR STAID AIRGEADAIS

(CLÁR COMHARDAITHE) AR DHÁTA 31 NOLLAIG 2016

	2016 €	2015 €
Sócmhainní Seasta		
Oibríochtúil	711,312,947	702,162,746
Bonneagar	2,789,169,170	2,788,355,810
Pobal	12,420,893	13,098,554
Neamhoibríochtúil	4,337,451	5,188,467
	3,517,240,461	**3,508,805,577**

Obair idir Lámha agus Réamhspeansais	**6,488,401**	**5,122,710**
Féichiúnaithe Fadtéarmacha	**40,616,617**	**43,640,445**
Sócmhainní Reatha		
Stoc	967,893	986,651
Féichiúnaithe Trádála & Réamhíocaíochtaí	13,112,476	8,608,535
Infheistíochtaí Bainc	85,239,652	80,815,938
Airgead sa Bhanc	-	-
Airgead faoi Bhealach	851,003	869,037
	100,171,024	**91,280,161**
Dliteanais Reatha		
Rótharraingt Bhainc	1,581,576	395,229
Creidiúnaithe & Fabhruithe	36,895,574	34,539,162
Léasanna Airgeadais	15,455	30,660
	38,492,605	**34,965,051**
Sócmhainní Reatha Glan / (Dliteanais)	**61,678,419**	**56,315,110**
Creidiúnaithe (Méideanna níos mó ná bliain amháin)		
Iasachtaí Iníochtha	78,148,225	81,833,380
Léasanna Airgeadais	-	16,710
Taiscí In-aisíoctha	2,262,939	3,003,598
Eile	527,992	801,961
	80,939,156	**85,655,649**
Sócmhainní / (Dliteanais) Glana	**3,545,084,742**	**3,528,228,193**
Arb iad		
Caipitliú	3,517,240,461	3,508,805,577
Ioncam - Obair idir Lámha	6,134,903	4,833,125
Cúlchiste Ioncaim Sonrach	-	7,478,14
Cúlchiste Ioncaim Ginearálta	6,355,246	6,271,768
Iarmhéideanna Eile	15,354,132	839,589
Cúlchistí Iomlána	**3,545,084,742**	**3,528,228,193**

TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE AGUS CHUMARSÁIDEY

CÓRAIS FAISNÉISE GNÓ

Sholáthair an fhoireann forbartha bogearraí roinnt creataí ar líne nua agus feabhsúcháin ar an gcóras www.SupplyGov.ie atá ag croí na seirbhíse comhroinnte soláthair, an Lárionad Soláthair Oibríochta Rialtais Áitiúil (LGOPC).

Cuireadh córas nua náisiúnta leabharlainne i bhfeidhm i leabharlanna Chiarraí mar chuid de thionscadal earnála. Tugadh faoi roinnt tionscadal suntasach i réimsí Dóiteáin, Uisce, Seirbhísí, Tithíochta agus Seirbhísí Corparáideacha d'fhonn córais ghnó a chur i bhfeidhm nó a uasghrádú.

COSAINT SONRAÍN

D'fhonn aird a tharraingt ar cheisteanna príobháideachta agus slándála, chuir an tseirbhís TF roinnt ceardlann ar Chosaint Sonraí do bhainistíocht agus d'fhoireann na Comhairle in 2016.

BAINISTÍOCHT BHONNEAGAIR AGUS TEICNEOLAÍOCHTA

Leanadh den phróiseas maidir le stoc nua ríomhairí a chur in ionad an tseanstoic a rith an córas oibríochta Windows XP i rith 2016 nuair a cuireadh 175 PC nua in áit na seanchinn. Cuireadh tús freisin le clár mór oibre chun córas nua a chur in ionad Citrix Farm chomh maith le huasghráduithe ar na Filestores. Deineadh uasghrádú ar bhreis is 20 líne ghréasáin chun na seirbhísí Leathanbhanda e-Fibre agus teicneolaíochtaí eile a úsáid.

DEASC TACAÍOCHTA NA SEIRBHÍSE TF

Tacaítear le TEC ar bhreis is 900 ríomhaire deisce, ríomhaire glúine, taibléad agus fón cliste ar os cionn 60 láthair sa Chontae. In 2016, pléadh le breis is 5,000 glaoch ar thacaíocht sa Chóras lárnach Deasc Seirbhíse.

SLÁNDÁIL

Cuireadh béim ar leith ar an tslándáil in 2016 agus cuireadh le chéile roinnt polasaithe nua chun an tslándáil faisnéise a chur chun cinn san eagraíocht agus d'eascair roinn tionscadal as sin a bhaineann le cúrsaí slándála.

SUÍOMHANNA GRÉASÁIN

Tá beagnach 20 suíomh gréasáin á gcothabháil agus á nuashonrú ag Comhairle Contae Chiarraí. Tá príomhshuíomh na Comhairle, www.kerrycoco.ie, agus roinnt eile amhail, Foláirimh, Cultúr Chiarraí, Seirbhísí Dóiteáin, Oifig Fiontair Áitiúil agus an suíomh d'Oileán na nGéanna i dTrá Lí. Tugtar tacaíocht freisin do shuíomhanna eile amhail suíomh gréasáin Pháirtíocht Spóirt agus Áineasa Chiarraí. Ceann de na rudaí ba mhó a deineadh i gcaitheamh na bliana ba ea www.Kerry2016.ie, suíomh gréasáin ar a bhfuil eolas faoi imeachtaí comórtha na bliana.

INNEACHAR AR LÍNE AGUS NA MEÁIN SHÓISIALTA

Bhí breis is milliún cuairt ar shuíomhanna gréasáin na Comhairle in 2016. Tháinig méadú ar líon ár lucht leanúna ar Twitter go breis is 7,500. Bhí lucht leanúna de bhreis is 5,500 duine ar shuíomh Facebook Chomhairle Contae Chiarraí in 2016. D'úsáid an tAonad Cumarsáide Twitter agus Facebook do mhíreanna nuachta, fógraí, foláirimh aimsire, imeachtaí agus seoltaí, dálaí agus dúnadh bóthair, cealú seirbhíse uisce agus fógraí eile.

Deineadh roinnt cruinnithe den Chomhairle ar nós Fáiltithe Cathartha agus léiriúcháin a shruthú beo in 2016 ar chainéal YouTube na Comhairle. Deineadh sruthú beo ar dhá imeacht comórtha 1916 - an comóradh ar ché Bhaile Uí Chíosáin (ar Periscope) agus cuairt an Uachtaráin ar Phíomh-Mhúsaem an Chontae tar éis an chomórtha ar Thrá na Beannaí.

Charlie O'Sullivan
Stiúrthóir Seirbhisí

STIÚRTHÓIREACHT

OIBRÍOCHTAÍ, SÁBHÁILTEACHTA AGUS BONNEAGAIR

OIBRÍOCHTAÍ

BONNEAGAR CAIPITIL

OIFIG CHIARRAÍ UM DHEARADH BÓITHRE NÁISIÚNTA

Conarthaí d'fheabhsúcháin bhóthair an N86 á síniú

OIBRÍOCHTAÍ

Tá an Stiúrthóireacht Oibríochtaí freagrach go príomha as:

4,881km de ghréasán bóithre an chontae a fheabhsú agus a chothabháil.

An stoc de 4,026 tigh sóisialta a chothabháil is a dheisiú agus a chinntiú go mbeirtear áitribh fholmha go caighdeán cuí sula n-athligtear iad

An bonneagar soilsithe phoiblí a chothabháil

Céanna, calafoirt, páirceanna agus spásanna oscailte, tránna, reiligí agus áiseanna poiblí a chothabháil

Tionscadail ar leith bonneagair bóithre a dhearadh, a phleanáil, a sholáthar agus a fhorbairt

Eastáit a ghlacadh ar láimh

Sláinte chorparáideach agus sábháilteacht agus sábháilteacht ar bhóithre a bhainistiú

Feidhmeanna rialála amhail forfheidhmiú pleanála, eastáit tithíochta gan chríochnú, struchtúir bhaolacha a bhainistiú, bainistiú tráchta, luasteorainneacha a chur i bhfeidhm

Ceadanna agus ceadúnais a eisiúint

Freagairtaí éigeandála le linn síne a sholáthar is a fheidhmiú

Is ag leibhéal an Cheantair Bhardasaigh a sheachadtar na seirbhísí oibríochta don chuid is mó is iad Innealtóir an Cheantair Bhardasaigh agus foireann na n-ocht n-Ionad Seirbhísí Ceantair a bhainistíonn an soláthar i dTrá Lí, Cill Airne, Lios Tuathail, Oileán Ciarraí, Daingean Uí Chúis, Cathair Saidhbhín agus an Neidín.

AN TAONAD BONNEAGAIR CAIPITIL

Bunaíodh an tAonad Bonneagair Caipitil in 2014 chun forbairt ar an mbonneagar agus infheistíocht straitéiseach a bhrú ar aghaidh, forbairt shóisialta agus eacnamaíoch an chontae a chur chun cinn, lena n-áirítear na tiomantais faoin gclár Atógáil Éireann, agus an tionscnamh 'Taisteal Níos Cliste' agus 'Bailte Taistil Gníomhacha' agus chun ár bpríomhtháirgí turasóireachta a fhorbairt.

OIFIG CHIARRAÍ UM DHEARADH BÓITHRE NÁISIÚNTA

Tá Oifig Chiarraí um Dhearadh Bóithre Náisiúnta, a bunaíodh i lár na 1990idí agus atá lonnaithe in Oileán Ciarraí, freagrach as conarthaí a dhearadh agus a sholáthar do mhórscéimeanna bóithre i gCiarraí agus sa tír ar fad. Tá Bóthar Faoisimh Thrá Lí Thuaidh á fhorbairt ag an aonad agus táthar ag féachaint ar indéantacht Chalafort na Fianaite a leathnú.

4,481

CILIMÉADAR

DE BHÓITHRE NÁISIÚNTA, RÉIGIÚNACHA AGUS ÁITIÚLA I GCIARRAÍ

INFHEISTÍOCHT

30.58

MILLIÚN

I BPLEANÁIL, DEARADH, FORBAIRT AGUS COTHABHÁIL GHRÉASÁN BÓITHRE AN CHONTAE





161

CILIMÉADAR

D'FHEABHSÚCHÁIN BÓITHRE IN 2016

9

N-EASTÁT TITHÍOCHTA TÓGTHA AR LÁIMH IN 2016

INFHEISTÍOCHT

€239,952

IN OIBREACHA ATHSHLÁNAITHE DROICHID

FUAIR

534

TIGH FEABHSÚCHÁIN UASGHRÁDAITHE FUINNIMH

FORBAIRTÍ MÓRA IN 2016

In 2016 dhein an Stiúrthóireacht Oibríochtaí maoirseacht ar dhearadh agus soláthar mórthionscadail chaipitiúla faoi scáth an Phlean Eacnamaíoch agus Pobail a ghlac Comhairle Contae Chiarraí, ina measc:

Tugadh tacaíocht don Stiúrthóireacht Tithíochta maidir le dearadh agus ullmhú na ndoiciméad do chonarthaí do thithe sóisialta a thógáil faoi chlár Atógáil Éireann an rialtais.

Tiomáineadh chun cinn an aighneacht maidir leis an bpróiseas d'Ordú Ceannaigh Éigeantaigh (CPO) agus an Measúnú Tionchair Timpeallachta do Bhealach Glas Chiarraí Theas.

Tiomáineadh chun cinn athfhorbairt an Mheal agus Shráid Deiní i dTrá Lí faoi Thionscadal Taistil Ghníomhaigh Thrá Lí.

DROCHAIMSIR

I dtreo dheireadh na bliana 2015 agus go luath in 2016 bhuail drochstoirmeacha an contae agus ba ghá an Plean Práinnfhreagartha do Dhrochaimsir a ghníomhú le dul i ngleic leis na tuilte móra a dhein mórán damáiste do thithe agus do mhaoin agus don mbonneagar. I ndiaidh athbhreithniú in 2016 a lean a tharla le linn na drochshíne, bunaíodh foireann ar leith a bhfuil na cuspóirí seo a leanas aici:

Pleananna a chur ar aghaidh d'oibreacha sna limistéir ina bhfuil baol tuile, lena n-áirítear limistéir a aithníodh sna staidéir a dhein Oifig na nOibreacha Poiblí faoin gclár CFRAM, agus maoiniú a aithint/ a ghnóthú do na hoibreacha sin.

Limistéir atá i mbaol le creimeadh cósta a aithint, creimeadh a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar thithíocht agus ar an mbonneagar agus pleananna/straitéisí a fhorbairt d'fhonn an baol sin a mhaolú nó a bhainistiú.

Straitéis Oiriúnaithe don Athrú Aeráide a ullmhú agus an plean gníomhaíochta a eascróidh as an straitéis sin a chur i bhfeidhm agus a bhainistiú.

Éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn san eagraíocht trí chéile agus cabhair a thabhairt do phobail maidir lena riachtanais fuinnimh.

CLÁR OIBRE 2016

I gcomhréir leis na forálacha reachtúla, leagadh síos clár oibre na stiúrthóireachta i ngach Ceantar Bardasach i sceideal Phleananna Oibreacha na gCeantar Bardasach, a ghlac baill an Cheantair Bhardasaigh i mí an Mhárta, agus i bPlean Soláthair Seirbhíse a cuireadh faoi bhráid na Comhairle i mí Aibreáin. Sna pleananna sin leagadh amach na hoibreacha atáthar ag beartú chomh maith leis an mbuiséad atá glactha agus na deontais atá faighte.

Tugadh tuairiscí ráithiúla ar Sceideal Phleananna Oibreacha Ceantair Bhardasaigh do gach ball den Cheantar Bardasach, rud a spreagfaidh freagracht níos mó ag an leibhéal áitiúil maidir le húsáid éifeachtach a bhaint as acmhainní. In 2016 cothaíodh caidreamh níos mó le pobail áitiúla, grúpaí Bailte Slachtmhara, féilte deonacha áitiúla, agus le gnóthaí i ndáil lenár seirbhísí a sholáthar, le pointe teangmhála amháin i ngach Ceantar Bardasach. Cuireadh nósanna imeachta feabhsaithe cumarsáide i bhfeidhm ar ár gcláir oibre, i gcomhairle leis na baill thofa, d'fhonn feasacht níos mó a chur chun cinn maidir le cathain a théitear i mbun oibreacha agus na dea-thionchair a imríonn na hoibreacha sna pobail áitiúla.

Is í cothabháil an ghréasán bóithre contae 4,881 km idir náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla príomhchúram na Stiúrthóireachta. In 2016 infheistíodh €30.58m i bpleanáil, dearadh, forbairt agus cothabháil ár ngréasáin bóithre, tháinig €26.35m de sin ó chúnamh deontais Stáit.

Cé go raibh teorainn ar an maoiniú le haghaidh bonneagar mór caipitil le bliain anuas, deineadh dul chun cinn suntasach ar roinnt tionscadal bonneagair tábhachtach:

Deineadh dul chun cinn an-mhór ar dhearadh, pleanáil agus soláthar roinnt tionscadal faoin gClár Caipitiúil Tithíochta, le tairiscintí á lorg do chúig scéim (30 aonad) agus cead pleanála faighte do dhá scéim (43 aonad).

Bronnadh an conradh don chéad chéim den N86 an Daingean go hAbhainn an Scáil agus Gort Bréagóg go dtí an gCom, (idir Baile na Saor Íochtarach agus Lios Póil agus idir Baile Ghearóid agus an Com) agus tosnaíodh ar an réamhobair.

Deineadh dul chun cinn freisin leis an obair fiosrúcháin ar scéim an N70 Corra Chill Doire (3.5km) idir Baile an Mhuilinn agus Cill Orglan. Deimhníodh an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh agus cuireadh tús leis an talamh a fháil.
Deineadh dul chun cinn ar an bpleanáil d'athailínithe atá molta do stráicí den N70 idir Caisleán na Mainge agus Baile an Mhuilinn ag Droichead Ghleann Beithe, idir Droichead an Choireáin agus an Baile Breac, agus idir an tSnaidhm agus Droichead na Dóinne.

Deineadh dul chun cinn le pleanáil agus forbairt d'athailíniú an N72 ag Gort an Átháin Buí (idir an Barra Dubh agus an Ráth Mhór).

Ghlac an Chomhairle le ról mar údarás cinnireachta don Chlár Athshlánaithe Droichead i gCiarraí, Corcaigh agus sa Chlár atá maoinithe ag Bonneagar Iompair Éireann. Lorgaíodh tairiscintí ar na hoibreacha athshlánaithe a dhéanamh ar 21 droichead (12 i gCiarraí) sna trí chontae. Cuireadh tús le próisis phleanála Chuid VIII d'oibreacha feabhsúcháin ar an N23 Droichead an Dísirt, an N70 Droichead Bhaile na Móna agus an N72 Droichead na Beithíní.

Leanadh leis an dul chun cinn le Tionscadal Taistil Ghníomhaigh Thrá Lí agus críochnaíodh an bealach rothaíochta idir Cathair Uí Mhóráin agus an Duga. Críochnaíodh an dearadh agus an phleanáil don athrú go sráid déthreo a dhéanamh de shráid Deiní agus spás comhroinnte a dhéanamh den Mheal agus eisíodh tairiscintí do na hoibreacha.

Fuarthas ceadú ón Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil don Mháistirphlean do Thionscadal Athnuachana Phobal Bhóthair Bhuí - na Mistéalach agus athchóiríodh agus tógadh roinnt aonad.

FEABHSÚCHÁIN BHÓTHAIR EILE

Infheistíodh €300,000, le tacaíocht ó Bhonneagar Iompair Éireann, in athdhromchlú Shráid an Phiarsaigh i Lios Tuathail mar chuid de thionscadal níos leithne €800,000 a bhaineann le príomhlíne nua gháis a chur síos ag Líonraí Gáis Éireann, agus príomhphíobán uisce nua (Comhairle Contae Chiarraí) agus duchtú (BSL).

Oibreacha ar bhóthar Uíbh Ráthaigh, Cill Orglan de luach €1.6m le bearta moillithe tráchta, cosáin agus soilsiú feabhsaithe agus oibreacha athdhromchlaithe.

Ghlac an Chomhairle an Clár Athshlánaithe Bóthair Ilbhliantúil 2016-2018 a fhorálann d'oibreacha feabhsúcháin i gceantair uirbeacha agus thuaithe.

Fuarthas maoiniú €4.65m ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus €1.22m ó Bhonneagar Iompair Éireann chun damáiste ó thuilte ar bhóithre poiblí a dheisiú, is é sin an damáiste a dhein an drochaimsir go luath sa bhliain.

CALAFORT NA FIANAITE

Cuireadh tuarascáil ar thábhacht straitéiseach Bhóthar Faoisimh Thrá Lí Thuaidh, ó Chrois na Ceártan go dtí Bóthar Bracker Uí Riagáin, agus an rochtain ar chalafort na Fianaite, go háirithe d'fhás eacnamaíoch agus tionsclaíoch, faoi bhráid na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Tá méadú mór tagtha ar thrácht chalafort na Fianaite ar an mbealach seo le roinnt blianta anuas, toisc, don chuid is mó, go bhfuil méadú tagtha ar aschur Liebherr Container Cranes Ltd.
Tá na feabhsúcháin atá ag teastáil aitheanta chun saoráid rochtana ar an gcalafort a éascú do na hualaí eisceachtúla ar an mbealach agus chun deiseanna an calafort a leathnú a fheabhsú.

Críochnaíodh le dreideáil Chalafort na Fianaite i gcaitheamh na bliana agus thug sé seo éagsúlacht níos mó ó thaobh mhéid na long ar féidir leis an gcalafort freastal orthu agus cuirfear iarratas ar fheachtais dreideála thar thréimhse níos faide faoi bhráid na n-údarás pleanála.

Athphábháil ar an N22 idir Doire Réidh agus teorainn an chontae

TIONSCADAIL ATHSHLÁNAITHE ÁITIÚLA

In 2016 fuair an Chomhairle maoiniú €1.43m ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta le haghaidh forbairt agus feabhsú tionscadal bonneagair áineasa agus le haghaidh tionscadail faoi CLÁR agus Scéimeanna Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte. Leis an maoiniú seo bhíothas ábalta tabhairt faoi thionscadail ar nós feabhas a chur ar áiseanna, siúlóidí lúibe a fhorbairt, feabhas a chur ar shábháilteacht i 19 scoil, feabhsúcháin ar chúig cinn de bhóithre go dtí áiseanna pobail agus feabhas a chur ar áiseanna súgartha lasmuigh sa Daingean agus sa Neidín.

Oibreacha lintéir sa Leathfhearann, Cill Orglan ar an N70

TITHÍOCHT

Is é ról na Stiúrthóireachta Oibríochtaí i ndáil le tithíocht ná maoin, tithe, aonaid in-díshuite, foirgnimh phobail, láithreáin stad na Comhairle a chothabháil agus tacaíocht a thabhairt do phobail lena n-eastáit a chothabháil, chomh maith lena chinntiú go ndéantar tithe folmha a athchóiriú lena ligint amach arís. Tá comhaontuithe i bhfeidhm leis an Aonad Gnó Tithíochta maidir le caighdeán na dtithe atá le ligean amach ar cíos arís lena chinntiú go ndéanfar é sin ar bhealach leanúnach agus éifeachtach ó thaobh costais de agus luach ar airgead a chinntiú.

PRÍOMHÉACHTAÍ 2016

Bóithre Náisiúnta

Cuireadh chun cinn na hoibreacha feabhsúcháin ar 1.6km den N71 idir Roilíoch agus Leitir Dúnáin.

Críochnaíodh an conradh feabhsúcháin pábhála 3km ar an N22 idir Doire Réidh agus Cuimín an Bhroic.

Deineadh oibreacha feabhsúcháin sábháilteachta ar an N72 Gort an Átháin Buí Thiar agus ar an N86 ag an corr i dTóin an Bháin.

Cuireadh feabhas ar 8km de bhóithre dara grád.

Cuireadh lintéar nua in áit an tseanchinn sa Leathfhearann, Cill Orglan ar an N70 mar chuid d'oibreacha maolaithe tuile.

Bóithre Neamhnáisiúnta

Cuireadh feabhas ar 161km den ghréasán bóithre neamhnáisiúnta i 141 suíomh agus bronnadh conarthaí le haghaidh oibreacha feabhsúcháin Pábhála ar an N72 i gCill Bheanáin agus ar an N70 i gCathair Saidhbhín agus Tathuile.

Deisíodh 55km de bhóithre réigiúnacha agus áitiúla, cúig dhroichead san áireamh mar chuid den fhoráil mhaoinithe do dhrochaimsir.

Deineadh oibreacha feabhsúcháin ar sheacht suíomh le leithdháileadh €277,741.

Deineadh oibreacha athshlánaithe ar chúig dhroichead le leithdháileadh €239,952.

Críochnaíodh cúig Scéim Páirtíochta Pobail le leithdháileadh €135,000.

Críochnaíodh ceithre Scéim Feabhsúcháin Áitiúil le leithdháileadh €100,000.

Caitheadh €1.88m ar fhuinneamh agus cothabháil 12,737 solas poiblí i gCiarraí.

Sábháilteacht ar Bhóithre

Glacadh agus forbraíodh Plean Gníomhaíochta do Shábháilteacht ar Bhóithre 2016-2020

Deineadh 110 iniúchadh sláinte agus sábháilteachta, 630 cigireacht sábháilteachta agus 504 Caint Bosca Uirlisí ar oibreacha údaráis áitiúil agus conraitheoirí.

Deineadh 980 tástáil ar ábhar déanta bóthair.

D'fhiosraigh an tOifigeach um Fhorfheidhmiú Bóithre 390 gearán e.g. feithiclí, draenáil, oscailtí bóthair, damáiste bóthair, fáil imithe ó smacht, bac ar chomharthaí

Eastáit Tithíochta Neamhchríochnaithe

Fuarthas maoiniú €362,652 le haghaidh oibreacha feabhsúcháin ar 17 bhforbairt tithíochta faoin Tionscnamh Náisiúnta um Ghlacadh ar Láimh (NTICI).

Céanna agus calafoirt

Cothabháil leanúnach ar 59 cé ar fud an chontae

Deineadh oibreacha feabhsúcháin i mBaile an Sceilg, an Fhianait, Rinn Ard, an Scragán, Loch Cé, Cathair Saidhbhín agus an Neidín le leithdháileadh €473,000.

Deineadh móroibreacha dreideála ag Calafort na Fianaite, d'fhonn freastal ar an méadú atá tagtha ar ghníomhaíochtaí sa chalafort de bharr fás a bheith tagtha ar oibríochtaí Liebherr Container Cranes, agus áis nua cóimeála ag an gcalafort anois acu.

Housing Maintenance

Leanadh de stoc tithíochta na Comhairle a chothabháil agus a dheisiú.

Freastalaíodh ar 4,014 iarratas ar dheisiúcháin.

Deineadh oibreacha réamhligin ar 125 áitreabh.

Reiligí

Cuireadh tús leis an bpróiseas pleanála do reilig nua do Chill Airne go déanach in 2016 agus tá foráil déanta do bhreis is 2,300 uaigh.

Leanadh den chothabháil ar 153 reilig, 92 díobhsan ar láithreáin faoi chosaint iad faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta.

Deineadh oibreacha caomhnaithe ar reilig Mhainistir Chill Cholmáin, Baile an Mhuilinn agus tógadh falla cuimhneacháin sa reilig sa Chill Bhreac, Baile an Mhuilinn, an Daingean.

Deineadh oibreacha leis ar chosáin, fallaí cloch agus tuamaí i roinn reiligí ar fud an chontae.

Leithris Phoiblí

Cothabháil leanúnach ar 33 leithreas ar fud an chontae

Deineadh móroibreacha athchóirithe ar na leithris ag Trá na mBan i mBaile an Bhuinneánaigh agus ag Trá na Beannaí.

Deineadh oibreacha feabhsúcháin ar leithris sa Daingean, ar an bhFianait, i gCeann Trá agus sa Scragán.

Fuinneamh

Mar chuid de Scéim Feabhsúcháin Fuinnimh na Roinne Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil fuair 534 tigh údaráis áitiúil feabhsúcháin uasghrádaithe fuinnimh, is é sin insliú cuais agus áiléir.

Deintear roinnt d'fhoirgnimh na Comhairle i dTrá Lí a théamh le Córas Téite Réigiúnach Bithmhaise Inathnuaite 1MW, a fhreastalaíonn ar thithíocht phríobháideach agus phoiblí i gceantar Bhóthair Bhuí. Ceanglaíodh 19 tigh breise leis an ngréasán i rith na bliana.

Críochnaíodh ar Shuirbhé Fardail Soilse Poiblí a sholáthar i mí an Mheithimh.

CAOMMHNÚ AGUS FUINNEAMH IN-ATHNUAITE

In 2016 lean Comhairle Contae Chiarraí de dhul chun cinn a dhéanamh i réimse caomhnaithe fuinnimh trí fhuinneamh in-athnuaite a úsáid amhail millíní adhmaid, sliseanna adhmaid, fuinneamh grianteasa, fótavoltach, teaschaidéil, coirí agus soilsiú ardéifeachtúlachta agus dea-chleachtais bainistíochta fuinnimh. Ba í an rannóg seo an Príomhiarratasóir agus comhordaitheoir tionscadail don iarratas deontais BEC a sholáthair 22 tionscadal éifeachtúil ó thaobh fuinnimh do dheich gcomhpáirtí tionscadail i gCiarraí. Ghlac an Chomhairle an cuireadh a bheith páirteach, mar chomhpháirtí píolótach, in Hotmaps, tionscadal Horizon 2020 maoinithe ag an AE, agus thug tiomantas maidir le cur i bhfeidhm Chóras Bainistithe Fuinnimh ISO50001 san eagraíocht ar fad.

AGUISÍNÍ

AGUISÍN I

TUARASCÁIL AR DHUL CHUN CINN LEIS AN BPLEAN CORPARÁIDEACH

Sa Phlean Corparáideach leagtar amach fís agus príomhthosaíochtaí corparáideacha Chomhairle Contae Chiarraí don tréimhse 2014 – 2019 agus is riachtanas den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, é go gcuirfear tuairisc ar fáil maidir lena chur i bhfeidhm sa chéad tuarascáil bhliantúil eile den Chomhairle.

Leagtar amach thíos an dul chun cinn atá déanta leis an dá chuspóir straitéiseacha seo a luaitear sa Phlean Corparáideach:

Cruthú Fostaíochta agus Forbairt Eacnamaíoch Inbhuanaithe

Pobail Inbhuanaithe a Tógáil agus Cáilíocht Saoil

Tá an Plean Corparáideach reatha á athbhreithniú i bhfianaise an Phlean Eacnamaíoch agus Pobail a glacadh in 2016.

CRUTHÚ FOSTAÍOCHTA AGUS FORBAIRT EACNAMAÍOCH INBHUANAITHE

Bhí Plean Corparáideach Chomhairle Contae Chiarraí mar threoir fós d'obair na Stiúrthóireachta Eacnamaíche agus Pobail in 2016. Tá ról níos mó aige, i bpáirt le stiúrthóireachtaí eile na Comhairle, maidir le cinnireacht a thabhairt i bhforbairt eacnamaíoch agus pobail an chontae mar a samhlaíodh dó in 'Tús Áite do Dhaoine' agus san Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014. Baineann sé an méid sin amach trí na gníomhartha atá sna doiciméid straitéiseacha a sholáthar, lena n-áirítear, an Plean Corparáideach, an Plean Eacnamaíoch agus Pobail Áitiúil, an Straitéis agus Plean Gníomhaíochta Turasóireachta, Straitéis Leader agus Plean Gníomhaíochta Fostaíochta Réigiúnach an Oirdheiscirt.

In 2016, dhein an Chomhairle dul chun cinn mór maidir le treoirphlean don chontae nuair a ghlac sí an Plean Eacnamaíoch agus Pobail Áitiúil a thugann fís sé bliana d'fhorbairt seirbhísí eacnamaíocha agus pobail laistigh den chontae.

Neartaigh an Chomhairle go mór freisin fócas eacnamaíoch na heagraíochta le bunú an Aonaid um Fhorbairt Eacnamaíoch, Oifigigh Forbartha Eacnamaíche agus Leathanbhanda a cheapadh agus comhtháthú fisiciúil agus eagraíochtúil na hOifige Fiontair Áitiúil laistigh de Chomhairle Contae Chiarraí.

Lean an Chomhairle de chaidreamh láidir comhpháirtíochta a chothú le heagraíochtaí tábhachtacha san earnáil phoiblí lena n-áirítear an tÚdarás Forbartha Tionscail, Fiontraíocht Éireann, institiúidí oideachais tríú leibhéal agus cuideachtaí ceannródaíocha san earnáil phríobháideach d'fhonn fócas láidir eacnamaíoch a thabhairt don chontae. Feabhsóidh na comhpháirtíochtaí a forbraíodh in 2016 cumas na Comhairle an fhorbairt eacnamaíoch agus pobail a sholáthar sna blianta beaga amach romhainn, go háirithe le margaíocht a dhéanamh ar an gcontae, an bonn scileanna riachtanacha atá ag teastáil a aithint agus a mhealladh agus gnó, infheistíocht agus lucht saothair leis na scileanna cuí a mhealladh.

POBAIL INBHUANAITHE A THÓGÁIL AGUS CÁILÍOCHT SAOIL

Lean an Chomhairle, tríd an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil, lena baint leis an Líonra Páirtíochta Pobail, Comhpháirtíocht Fóillíochta agus Spóirt Chiarraí, an Coiste Comhphóilíneachta agus gréasáin chomhair eile de raon tosaíochtaí forbartha pobail a sheachadadh. Bhí saothar fhoireann na gCeantar Bardasach thar a bheith tábhachtach chun seirbhís, ina bhfuil an pobal lárnach, a sholáthar ar fud an chontae agus chun cuspóirí an Phlean Corparáidigh a chur i gcrích.

Ó glacadh leis an bPlean Corparáideach, sheol an rialtas a Phlean Gníomhaíochta don Tithíocht agus don Easpa Dídine - Atógáil Éireann i mí Iúil 2016. Sa chlár sin leagtar amach raon straitéisí chun an soláthar tithíochta a mhéadú agus a bhrostú. Tá mionathruithe déanta ag an gComhairle ar a clár chun deimhin a dhéanamh de go gcuirfear chun feidhme na cláir agus na scéimeanna breise éagsúla atá á dtabhairt isteach ag an rialtas laistigh dá Phlean Gníomhaíochta. Braitheann Clár Tithíochta Chomhairle Contae Chiarraí ar an méid maoinithe atá ar fáil ón rialtas lárnach faoi na scéimeanna agus cláir éagsúla sin.

Tá Aonad Seachadta Bonneagar Caipitil bunaithe chun an Clár Caipitil Tithíochta a phleanáil, a bhainistiú agus a chur i bhfeidhm. Tá sceideal agus clár leagtha amach i gClár Tithíochta na Comhairle leis an méid sin a sholáthar.

I bpáirt leis an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil, thosaigh an Chomhairle ar a clár sínithe a mhúnlú ag baint úsáid as na sócmhainní talún atá faoi úinéireacht na Comhairle cheana féin. Bhí an Chomhairle i dteangmháil leis na páirtithe leasmhara cuí, an tionscal tógála áitiúil sa mhargadh tithíochta san áireamh, i gCiarraí agus laistigh dá réimse tionchair. Deineadh dul chun cinn le:

Athbhreithniú ar stoc talún na Comhairle agus an talamh sin a bheith ar fáil i gcomhair tithíochta.

Athbhreithniú ar fholúis/tithe folmha agus cur chuige bainistíochta dóibh agus cleachtais bhainistíochta nua a chur i bhfeidhm.

Athbhreithniú ar chlár coisctheach cothabhála don stoc tithíochta.

Tá Comhairle Contae Chiarraí ag obair leis na struchtúir agus na cláir bhunaithe náisiúnta agus laistigh dóibh d'fhonn seirbhísí cuí a sholáthar le dul i ngleic leis an easpa dídine.

Leanann an Chomhairle d'infheistíocht a dhéanamh inár seirbhísí uisce agus dramhaíola agus iad a fhorbairt mar ghníomhairí d'Uisce Éireann a chomhartha sin go bhfuil tús curtha againn le hIonad Cóireála Uisce Réigiúnach Lárnach i Loch Catáin a thógáil agus an iliomad forbairtí bonneagair eile a tosnaíodh in 2016. Eascraíonn na forbairtí seo agus an chosaint a dheinimid ar an timpeallacht trí bheith ag obair i bpáirt le pobail an chontae ar thionscnaimh ar nós Lá Glanta an Chontae agus Glantachán Náisiúnta an Earraigh as an bhfís againne den chomhoibriú ar mhaithe le feabhas a chur ar an saol i gCiarraí.

Leis an ngréasán leabharlann agus le hOifig na Gaeilge agus a gcuid clár táimid ag saothrú i gcónaí ar litríocht dhúchasach Chiarraí agus ár stair agus ár dtraidisiúin a chosaint agus a fheabhsú le n-iad a thabhairt mar oidhreacht do na glúine atá le teacht. Lean an Chomhairle de chláir teangan agus imeasctha a fhorbairt trí na leabharlanna do dhaoine atá tagtha chugainn ó thíortha eile agus atá anois mar chuid dár bpobail i gCiarraí.

Tá bunluachanna leagtha amach sa Phlean Corparáideach a bheidh mar threoir dár n-oibríochtaí laethúla agus don bhforbairt polasaí níos fadtéarmaí in éineacht le baill na gCoistí um Polasaí Straitéiseach agus na Comhairle iomláine. I gcaitheamh na bliana seo imithe tharainn bhí na luachanna seo mar threoir do chlár comórtha 1916 ar ghlac pobail Chiarraí chucu é le fonn.

Mar chuid dá gcúram corparáideach fostaíocht a chruthú agus an fhorbairt eacnamaíoch a chur chun cinn ina n-oibríochtaí laethúla, lean rannóga na Seirbhísí Uisce agus Comhshaoil den bhonneagar uisce agus dramhuisce a fhorbairt i gCiarraí trí phleanáil don todhchaí agus iad ag cinntiú go bhfuil timpeallacht againn anseo i gCiarraí ina mbeidh daoine sásta maireachtaint agus obair inti agus cuairt a thabhairt uirthi.

STIÚRTHÓIREACHT OIBRÍOCHTAÍ

Thacaigh an Stiúrthóireacht Oibríochtaí in 2016 leis an dá chuspóir straitéiseach a luaitear sa Phlean Corparáideach. Bhí na gníomhartha a aithníodh i bPlean Eacnamaíoch agus Pobail 2016-2022 mar threoir don stiúrthóireacht. Ba threoir d'obair na Stiúrthóireachta freisin iad na haidhmeanna, misin agus cuspóirí atá sa Phlean Corparáideach mar a chuirtear i láthair iad sa Phlean Soláthair Seirbhísí agus i Sceideal Phleananna Oibreacha na Cheantair Bhardasaigh. Bhí na pleananna seo mar bhonn don phlean oibre a seachadadh in 2016 agus ar tuairiscíodh ag leibhéal an Cheantair Bhardasaigh agus don Chomhairle iomlán dul chun cinn a bheith déanta leis.

Is iad croíchuspóirí na Stiúrthóireachta:

bealaí siúil agus rothaíochta nua agus cinn atá ann cheana féin a chur chun cinn mar chaitheamh aimsire inrochtana do dhaoine áitiúla agus ceann scríbe den chéad scoth do ghníomhaíochtaí amuigh a dhéanamh de Chiarraí.

tacaíocht agus spreagadh a thabhairt do thionscal na tógála ach páirt ghníomhach a ghlacadh i scéimeanna náisiúnta éagsúla.

bonneagar iompair straitéiseach sa chontae a chothabháil agus a uasghrádú.

iompar inbhuanaithe a chur chun cinn agus a fhorbairt d'fhonn éifeachtúlacht ár ngréasáin bóithre a uasmhéadú.

Ag féachaint do na croíchuspóirí sin, deineadh dul chun cinn suntasach le roinnt príomhthionscadal bonneagair lena n-áirítear tionscadal Bhealach Glas Chiarraí Theas, an Clár Caipitil Tithíochta, bonneagar bóithre, athshlánú droichead, Tionscadal Taistil Ghníomhaigh Thrá Lí agus Tionscadal Athnuachana Phobal Bhóthair Bhuí - na Mistéalach agus tionscadail chaipitil.

AN STIÚRTHÓIREACHT AIRGEADAIS

Le linn 2016 dhein Comhairle Contae Chiarraí bainistiú éifeachtach ar ár mbonn acmhainní in ainneoin a lán dúshlán a bheith romhainn amach. Coimeádadh smacht go ciallmhar ar chaiteachas idir Ioncam agus Caipiteal agus neartaíodh bearta chun fiacha a bhainistiú chun uasmhéid ioncaim a bhaint amach chomh fada agus ab fhéidir. Leis an mbainistiú éifeachtúil seo ar acmhainní bhíothas in ann leanúint de sheirbhísí áitiúla na Comhairle a sholáthar agus chuir ar a cumas di pleanáil do dhliteanais mhóra atá ann cheana agus a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo agus pleanáil freisin do roinnt tionscadal leantach ar leith d'fhonn cuspóirí corparáideacha straitéiseacha Chomhairle Contae Chiarraí mar atáid leagtha amach sa tuairisc ar dhul chun cinn.

AGUISÍN II

COMHDHÁLACHA AR AR FHREASTAIL BAILL THOFA IN 2016

Comhdháil/Imeacht	Suíomh	Líon a d'fhreastail
Comhdháil um Beartas Comhtháthaithe an AE 2014-2020	Cloich na Coillte, Co. Chorcaí	3
Oiliúint Inseirbhíse Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann - Módúl 1 2016	Port Láirge	9
Comhdháil an Fhorais Riaracháin	Baile Átha Cliath	2
Cruinniú d'Fhóram Idirchaidrimh Bhaill Réigiún an Deiscirt de Chomhdháil an Fhorais Riaracháin	Cill Chainnigh	1
Comóradh 1916 Roinn an Taoisigh	Baile Átha Cliath	1
Seimineár an Earraigh de Chumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil	Sligeach	22
Comhdháil maidir le Pleananna Eacnamaíocha agus Pobail	Cloich na Coillte, Co. Chorcaí.	4
Cumann Leabharlann na hÉireann - Comhdháil Bhliantúil CILIP Éireann 2016	Cill Airne, Co. Chiarraí	1
Comhdháil Náisiúnta Pleanála 2016	Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí	6
Comhdháil maidir le hIniúchadh agus Rialáil i Rialtas Áitiúil	Cairlinn, Co. Lú	2
Comhdháil iSafer an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre	Baile Átha Cliath	1
Cruinniú Cinn Bhliana Chomhlachtaí Poiblí Éireann	Baile Átha Cliath	1
Comhdháil Bhliantúil Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann 2016	Bun Crannchа, Co. Dhún na nGall	16
Oiliúint Inseirbhíse Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann - Módúl 2 2016	Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall	2
Comhdháil maidir le Teicnící Spárála agus Caomhnaithe Uisce sa Bhaile	Cloich na Coillte, Co. Chorcaí	6
Oiliúint Inseirbhíse Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann - Módúl 2 2016	Cill Airne, Co. Chiarraí	8
Comhdháil maidir le Galar Lyme - Comhdháil maidir le hOthair ag Cabhrú le hOthair	Port Laoise, Co. Laoise	1
Comhdháil maidir le hIniúchadh agus Rialáil i Rialtas Áitiúil Cuid 2	Cloich na Coillte, Co. Chorcaí	2
Oiliúint Inseirbhíse Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann - Módúl 3 2016	Inis Díomáin, Co. an Chláir	10
Oiliúint Inseirbhíse Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann - Módúl 3 2016	Dún Dealgan, Co. Lú	6
Toscaireacht go dtí an tAire Naughten	Baile Átha Cliath	6
Comhdháil maidir le Teideal chun Seirbhís Sláinte	Cloich na Coillte, Co. Chorcaí	3
Síniú Chomhaontú Leader	Achadh an Iúir, Co. an Chabháin	1
Searmanas an Lae Náisiúnta Comórtha	Cill Mhaighneann, Baile Átha Cliath	1
Cruinniú de Chathaoirligh na gComhchoistí Polasaí	Baile Átha Cliath	1
Oiliúint Ionduchtaithe Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann do Chathaoirligh Chomhthofa	Baile Átha Cliath	1
BREXIT - Comhdháil ar na hIarmhairtí Eacnamaíocha d'Éirinn	Cloich na Coillte, Co. Chorcaí	6
Cruinniú de Chathaoirligh na gCoistí Forbartha Pobail Áitiúla	Baile Átha Cliath	1
Comhdháil maidir le Pleananna Eacnamaíocha agus Pobail	Cloich na Coillte, Co. Chorcaí	1
Comhdháil Comórtha 10 mBliana AOU - Todhchaí Uirbeach - Bailte in Idirthréimhse	Baile Átha Cliath	1
Imeacht Tacaíochta SICAP	Baile Átha Cliath	1

Comhchoiste Póilíneachta - Lá Comhairliúcháin an Údaráis Póilíneachta	Baile Átha Cliath	1
Oiliúint Inseirbhíse Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann - Módúl 4 2016	Corcaigh	16
Oiliúint Inseirbhíse Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann - Módúl 4 2016	An Longfort	1
Seimineár an Earraigh de Chumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil	Cloich na Coillte, Co. Chorcaí.	23
Léacht Bhliantúil ar Shábháilteacht Gluaisrothar an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre	Baile Átha Cliath	1
Cruinniú d'Fhóram Idirchaidrimh Bhaill Réigiún an Deiscirt IPB Insurance	Cill Chainnigh	1
Comhdháil Náisiúnta Pleanála Institiúid Pleanála na hÉireann 2016	Baile Átha Cliath	5
Fóram um Fhorbairt Tuaithe Náisiúnta	Ráth Luirc, Co. Chorcaí.	1
Seimineár an Fhómhair Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann 2016	Guaire, Co. Loch Garman	15
Comhdháil ar Airgeadas Tithíochta Chomhairle Tithíochta Sóisialta na hÉireann 2016	Cill Chainnigh	2
Oiliúint Inseirbhíse Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann - Módúl 5 2016	Cill Chainnigh	16
Seoladh Chomhdháil Ireland's Edge 2016	Baile Átha Cliath	1
Comóradh Éire - an Fhrainc	Baile Átha Cliath	1
Oiliúint Inseirbhíse Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann - Módúl 6 2016	Loch Garman	9
Searmanas Ghradaim na Seirbhíse Dóiteáin 2016	Baile Átha Cliath	1
Comhdháil ar Phlean Gníomhaíochta um Thithíocht agus Easpa Dídine Atógáil Éireann	Cairlinn, Co. Lú	5
Oiliúint Inseirbhíse Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann - Módúl 6 2016	Baile Átha Cliath	4
Oiliúint Inseirbhíse Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann - Módúl 6 2016	Béal Átha na Sluaighe, Co. na Gaillimhe	3
Gradaim Feabhais sa Rialtas Áitiúil Chumann Chomhlachais Tráchtála na hÉireann 2016	Baile Átha Cliath	1
Fóram Náisiúnta Turasóireachta	Cill Airne, Co. Chiarraí	1
Comhdháil Oideachais 2016	Trá Lí, Co. Chiarraí	1
Searmanas Ghradaim Mhórtas Ceantair	Béal Feirste	1
Imeacht Tacaíochta SICAP	Luimneach	1
Comhdháil ar Threoir Phraiticiúil do Bhuiséad 2017	Cloich na Coillte, Co. Chorcaí	2
Searmanas do Bhoinn Comórtha Céad Bliain Éire 1916	Baile Átha Cliath	1
Oiliúint do Choistí Iniúchta Chomhlachtaí Poiblí Éireann	Baile Átha Cliath	1
Comhdháil ar Fhorbairt Pobail ag baint amach Imeascadh Sóisialta, Athmhuintearas agus Comhionannas	Gaillimh	1

IMEACHTAÍ THAR SÁILE AR AR FHREASTAIL COMHAIRLEOIRÍ IN 2016

Comhdháil/Imeacht	Suíomh	Líon a d'fhreastail
Ceiliúradh Lá Fhéile Pádraig	Philadelphia, Washington agus Nua-Eabhrac	1
Teacht le Chéile Cill Airne - Londain 2016	Londain	1
Kendal Mountain Festival	Cumbria, an Ríocht Aontaithe	1
Fleadh na Rós Londan	Londain	1
Rince Bliantúil Chumann na gCiarraíoch Londan	Londain	1

AGUISÍN III

ÍOCAÍOCHTAÍ LE BAILL THOFA IN 2016

Ar an iomlán d'íoc Comhairle Contae Chiarraí €93,495 i 2016 as láithreachtaí ceadaithe ag an údarás, i gcás cruinniú cumann údarás áitiúla dá bhfuil an t-údarás féin ina bhall agus ar son láithreachtaí, ceadaithe ag an údarás, ag comhdháil, seimineár nó ag aon chruinniú nó ócáid eile. Seo briseadh síos ar an bhfigiúir sin:

Liúntais Taistil agus Cothaithe laistigh den Stát	Travel and subsistence outside the State
€91,564	€1,931

Ar an iomlán in 2016 íocadh €22,776 le lucht eagraithe as freastal ceadaithe na mball tofa ar chomhdhálacha, seimineáir, oiliúint nó cruinnithe eile.

Íocaíochtaí eile le Comhairleoirí le linn 2016:

Cineál Liúntais	Iomlán
Liúntas Cathaoirligh	€30,033
Liúntas Leas-Chathaoirligh	€6,007
Méara Thra Lí agus Cathaoirligh Cheantair Bhardasaigh Chill Airne, Lios Tuathail agus Ciarraí Theas agus Thiar	€30,033
Liúntas Chathaoirleach an Choiste um Polasaí Straitéiseach	€24,000
Liúntas Fóin Póca	€8,552
Liúntas Bliantúil	€216,082
Íocaíochtaí Ionadaíochta	€549,023
Aiscí/Íocaíochtaí Ex-gratia	€63,549

AGUISÍN IV

TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA 2016

Táscairí Feidhmíochta
01/01/2016 - 31/12/2016 (Bliantúil)
Comhairle Contae Chiarraí

Ábhar	Táscaire	Luach
Tithíocht: H1, H2 & H4 Ceadaithe	A. Líon iomlán áitreabh cónaithe a sholáthair an tÚdarás Áitiúil i rith na bliana	241
	B. Líon áitreabh cónaithe a soláthraíodh go díreach	59
	B1. B. Líon áitreabh cónaithe a tógadh	1
	B2. Líon áitreabh cónaithe a ceannaíodh	58
	C. Líon áitreabh cónaithe a soláthraíodh faoin Scéim Cóiríochta Cíosa	113
	D. Líon áitreabh cónaithe a soláthraíodh faoin Scéim Íocaíochta Cúnaimh Tithíochta	1 Cuireadh tús i Nollaig 2016
	E. Líon áitreabh cónaithe a soláthraíodh faoin Scéim Caiteachais Reatha Tithíochta Sóisialta	68
	F. Líon iomlán áitreabh cónaithe sóisialta san Údarás Áitiúil ag deireadh na bliana	5,235
	G. Líon iomlán áitreabh cónaithe a sholáthair an tÚdarás Áitiúil go díreach (a thóg nó a cheannaigh an t-údarás)	4,102
	H. Líon iomlán áitreabh cónaithe a soláthraíodh faoin Scéim Cóiríochta Cíosa	913
	I. Líon iomlán áitreabh cónaithe a soláthraíodh faoin Scéim Íocaíochta Cúnaimh Tithíochta	1 Cuireadh tús i Nollaig 2016
	J. Líon áitreabh cónaithe a soláthraíodh faoin Scéim Caiteachais Reatha Tithíochta Sóisialta	219
	K. Líon áitreabh cónaithe tuaithe atá beartaithe lena leagadh nó leana ndíol de bharr titim i léig	0
	A. Céatadán den líon áitreabh cónaithe ag H1G a bhí folamh ag deireadh na bliana	3.58 %
	Líon áitreabh cónaithe laistigh den stoc foriomlán nach raibh tionóntacht acu ag deireadh na bliana	147
	A. Caiteachas sa bhliain ar dheisiú & cothabháil tithíochta a ceannaigh nó a thóg an tÚdarás Áitiúil a roinn an H1G	€569.69
	Caiteachas ar dheisiú agus chothabháil stoc an Údaráis Áitiúil a taifeadadh ar bhonn leanúnach i gcaitheamh na bliana	€2,336,873.62

Tithíocht: H3 & H5 Ceadaithe	A. Méid ama ar an meán a thóg sé ó dháta fágála an áitribh go dáta tosaithe tionóntachta nua	38.89 wk
	B. Meán chostas a caitheadh i rith na bliana ar áitribh a ullmhú arís do thionóntaithe	€10,474
	Líon áitreabh cónaithe a deineadh ath-thionóntú orthu ar dháta ar bith sa mbliain (seachas iadsan atá folamh le haghaidh athchóiriú eastáit)	119
	Líon seachtainí ó d'fhág an tionóntaí deireanach an -áitreabh go dtí dáta an chéad dochair cíosa ag an tionóntaí nua	4,628.28 wk
	Caiteachas iomlán ar dheisiúcháin riachtanach le go mbeifí in ann na háitribh thuas a ligean amach ar cíos arís	€1,246,435
	A. Líon iomlán na dtionóntachtaí cláraithe i limistéar an Údaráis Áitiúil ag deireadh mhí an Mheithimh 2016	7,554
	B. Líon na n-áitreabh cónaithe ar cíos ar deineadh cigireacht orthu i gcaitheamh na bliana	804
	C. Céatadán de na háitribh chónaithe ar deineadh cigireacht orthu in 2016 a fuarthas nach rabhadar i gcomhlíonadh leis na Rialacháin Caighdeán	75
	D. Líon na n-áitreabh cónaithe neamh-chomhlíontacha a bhain stádas comhlíontachta amach in 2016	509
	Líon áitreabh cónaithe ar deineadh cigireacht orthu a fuarthas nach rabhadar i gcomhlíonadh leis na Rialacháin Tithíochta (Caighdeáin do Thithe ar Cíos)	604

Tithíocht: H6 Ceadaithe	A. Líon daoine fásta i gcóiríocht éigeandála fhadtéarmach mar % den líon iomlán daoine fásta gan dídean	14.29 %
	Líon daoine fásta a rangaítear a bheith gan dídean agus i gcóiríocht éigeandála ar oíche an 31/12/2016	35
	Líon dátaí fásta ar an dáta sin a bhí i gcóiríocht éigeandála ar feadh 6 mhí go leanúnach nó ar feadh 6 mhí go carnach sa 12 mhí roimhe sin	5

Bóithre: R1 & R2 Ceadaithe	% De chiliméadair bóithre réigiúnacha le grádú PSCI	97 %
	% De chiliméadair príomhbhóithre le grádú PSCI	88 %
	% De chiliméadair bóithre den dara grád le grádú PSCI	93 %
	% De chiliméadair bóithre treasacha le grádú PSCI	77 %
	% De bhóithre réigiúnacha a fuair grádú PSCI le linn na bliana	81 %
	% De chiliméadair bóithre réigiúnacha le grádú PSCI 1-4	4 %
	% De chiliméadair bóithre réigiúnacha le grádú PSCI 5-6	14 %
	% De chiliméadair bóithre réigiúnacha le grádú PSCI 7-8	38 %
	% De chiliméadair bóithre réigiúnacha le grádú PSCI 9-10	41 %
	% De chiliméadair príomhbhóithre le grádú PSCI 1-4	10 %
	% De chiliméadair príomhbhóithre le grádú PSCI 5-6	20 %

	% De chiliméadair príomhbhóithre le grádú PSCI 7-8	36 %
	% De chiliméadair príomhbhóithre le grádú PSCI 9-10	22 %
	% De chiliméadair bóithre den dara grád le grádú PSCI 1-4	16 %
	% De chiliméadair bóithre den dara grád le grádú PSCI 5-6	24 %
	% De chiliméadair bóithre den dara grád le grádú PSCI 7-8	35 %
	% De chiliméadair bóithre den dara grád le grádú PSCI 9-10	18 %
	% De chiliméadair bóithre treasacha le grádú PSCI 1-4	19 %
	% De chiliméadair bóithre treasacha le grádú PSCI 5-6	23 %
	% De chiliméadair bóithre treasacha le grádú PSCI 7-8	25 %
	% De chiliméadair bóithre treasacha le grádú PSCI 9-10	10 %
	A1. Ciliméadair de bhóithre réigiúnacha a neartaíodh le deontais Feabhsúcháin Bóthair	13.5 km
	A2. Méad airgid ó Dheontais Feabhsúcháin Bóthair a caitheadh ar Bhóithre Réigiúnacha (neartú)	€2,077,038
	B1. Líon ciliméadar de bhóithre réigiúnacha a ath-shéalaíodh le deontais Chothabhála Bóthair	20.9 km
	B2. Méad airgid ó Dheontais Feabhsúcháin Bóthair a caitheadh ar Bhóithre Réigiúnacha (ath-shéalú)	€563,447
	C1. Ciliméadair de bhóithre áitiúla a neartaíodh le deontais Feabhsúcháin Bóthair	63.2 km
	C2. Méad airgid ó Dheontais Feabhsúcháin Bóthair a caitheadh ar Bhóithre Áitiúla (neartú)	€4,848,979
	D1. Líon ciliméadar de bhóithre áitiúla a ath-shéalaíodh le deontais Chothabhála Bóthair	69.9 km
	D2. Méad airgid ó Dheontais Feabhsúcháin Bóthair a caitheadh ar Bhóithre Áitiúla (ath-shéalú)	€1,390,109
Mótarcháin: R3 Ceadaithe	% idirbheartaithe mótarchánach ar líne	72.42 %
Uisce: W1 Ceadaithe	% Scéimeanna Príobháideacha Uisce Óil a chomhlíonann riachtanais reachtúla	1.00 %
Dramhaíl: E1 Ceadaithe	Líon teaghlach i limistéar oibreora cheadúnaithe a sholáthraíonn seirbhís 3 araid ar dháta an 31/12/2015, (daonáireamh 2016)	22,772
	% de theaghlaigh laistigh de limistéar an Údaráis Áitiúil dá sheasann uimhir A	41.95 %
Truailliú Comhshaoil: E2 Ceadaithe	Líon iomlán na gcás gearánta maidir le truailliú	1,052
	Líon na gcásanna truaillithe nár fiosraíodh nó nár tugadh chun críche	975
	Líon na gcásanna truaillithe a d'éirigh in 2016 nár tugadh chun críche	24

	Líon na gcásanna truaillithe arbh ábhar gearáin iad i rith na bliana	1,052
	Líon na gcásanna truaillithe a dúnadh i rith na bliana	975
	Líon na gcásanna idir lámha ag deireadh na bliana	24

Pleanáil: P1 Ceadaithe	Foirgnimh ar deineadh cigireacht orthu mar chéatadán d'fhoirgnimh nua a fógraíodh don údarás áitiúil	13.81 %
	Líon iomlán d'fhoirgnimh nua a fógraíodh don údarás áitiúil	268
	Líon iomlán d'fhoirgnimh nua a fógraíodh don údarás áitiúil i rith na bliana ar deineadh ar a laghad cigireacht amháin orthu	37

Pleanáil: P2 & P3 Ceadaithe	A. Líon na gcinntí pleanála faoi réir achomhairc chun an Bord Pleanála deimhnithe ag an mbord in 2016	36
	B. % na gcinntí a dhearbhaigh (le nó gan athruithe) cinneadh an Údaráis Áitiúil	58.33 %
	Líon cinntí a dhearbhaigh cinneadh an Údaráis Áitiúil le nó gan athrú	21
	A. Líon iomlán cásanna pleanála a chuireadh faoi bhráid an Údaráis Áitiúil nó a thionscain an tÚdarás Áitiúil a fiosraíodh in 2016	207
	B. Líon iomlán cásanna a dúnadh in 2016	272
	C. % cásanna ag B a caitheadh amach m.l. Alt 152(2) nó a dúnadh toisc urchosc nó díolúine reachta ar fhorbairt	32.35 %
	D. % cásanna ag B a réitíodh chun sástacht an Údaráis Áitiúil trí chaibidlíochtaí	11.76 %
	E. % cásanna ag B a dúnadh toisc imeachtaí forfheidhmithe	55.88 %
	F. Líon iomlán cásanna pleanála á bhfiosrú ar dháta an 31/12/2016	551
	Líon cásanna ag B a caitheadh amach faoi alt 152(2), Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000	88
	Líon cásanna ag B a réitíodh chun sástacht an Údaráis Áitiúil trí chaibidlíochtaí	32
	Líon cásanna ag B a dúnadh toisc imeachtaí forfheidhmithe	152

Pleanáil: P4 & P5 Ceadaithe	Sonraí Chlár AFS roinnte de réir dhaonra an limistéir Údaráis Áitiúil	€30.55
	Sonraí Chlár D ina bhfuil D01, D02, D03 (muirear bainistíochta lárnaí san áireamh)	€4,507,652
	A. Meánlíon seachtainí a thóg sé chun déileáil le hiarratais ar dheimhniú sábháilteachta ó dhóiteán a fuarthas i rith na bliana	3.38 wk
	Líon deimhniúcháin sábháilteachta ó dhóiteán a eisíodh i ndáil le hiarratais a fuarthas	79
	Líon seachtainí ón dáta a fuair an t-údarás áitiúil iarratas comhlánaithe agus bailí go dtí an dáta a eisíodh an deimhniú sábháilteachta ó dhóiteán don iarratasóir, agus aon seachtain pháirteach deachúlaithe go dhá phointe dheachúla, slánaithe le haghaidh gach deimhniú sábháilteachta ó dhóiteán dá bhfuarthas in 2016.	267.13 wk

Seirbhís Dóiteáin: F1 Ceadaithe	Caiteachas Chlár AFS E roinnte de réir dhaonra dhaonáireamh 2016 ar a bhfreastail an tSeirbhís Dóiteáin	€45.41
	Sonraí caiteachais Chlár AFS E ina bhfuil E11 - Oibríocht na Seirbhíse Dóiteáin & E12 Cosc ar Dhóiteán	€6,433,432

Seirbhís Dóiteáin: F2 & F3 Ceadaithe	A. Meánam (nóiméid) briogáid dóiteáin a shlógadh i Stáisiúin lánaimseartha i ndáil le tine	No Full-Time Station in Kerry
	B. Meánam (nóiméid) briogáid dóiteáin a shlógadh i Stáisiúin pháirtaimseartha i ndáil le tine	6.32 min
	C. Meánam (nóiméid) briogáid dóiteáin a shlógadh i Stáisiúin Lánaimseartha i ndáil le timpistí eile	No Full-Time Station in Kerry
	D. Meánam (nóiméid) briogáid dóiteáin a shlógadh i Stáisiúin pháirtaimseartha i ndáil le timpistí eile	6.58 min
	A. % cásanna i ndáil le tine ina rabhthas i láthair na tine laistigh de 10 nóiméad	32.03 %
	B. % cásanna i ndáil le tine ina rabhthas i láthair na tine tar éis 10 nóiméad ach laistigh de 20 nóiméad	49.61 %
	C. % cásanna i ndáil le tine ina rabhthas i láthair na tine tar éis 20 nóiméad	18.36 %
	D. % cásanna nár bhain le tine ina rabhthas i láthair laistigh de 10 nóiméad	27.78 %
	E. % cásanna nár bhain le tine ina rabhthas i láthair na tine tar éis 10 nóiméad ach laistigh de 20 nóiméad	59.40 %
	F. % cásanna nár bhain le tine ina rabhthas i láthair na tine tar éis 20 nóiméad	12.82 %
	Líon iomlán glaonna amach i ndáil le tinte i rith na bliana	512
	Líon cásanna tine ina raibh inneall dóiteáin i láthair laistigh de 10 nóiméad	164

	Líon cásanna tine ina raibh inneall dóiteáin i láthair tar éis 10 nóiméad ach laistigh de 20 nóiméad	254
	Líon cásanna tine ina raibh inneall dóiteáin i láthair tar éis 20 nóiméad	94
	Líon iomlán glaonna amach i ndáil le teagmhais éigeandála eile i rith na bliana	234
	Líon cásanna nár bhain le tine ina raibh inneall dóiteáin i láthair laistigh de 10 nóiméad	65
	Líon cásanna nár bhain le tine ina raibh inneall dóiteáin i láthair tar éis 10 nóiméad ach laistigh de 20 nóiméad	139
	Líon cásanna nár bhain le tine ina raibh inneall dóiteáin i láthair tar éis 20 nóiméad	30

Seirbhís Leabharlainne: L1 Ceadaithe	Líon na dturas leabharlainne i rith na bliana	478,560
	Líon earraí tógtha ar iasacht i rith na bliana	710,826
	A. Líon na dturas leabharlainne in aghaidh an duine den daonra	3.24
	B. Líon earraí eisithe d'iasachtaithe i rith na bliana	710,826

Seirbhís Leabharlainne: L2 Ceadaithe	Sonraí Chlár AFS F roinnte in aghaidh an duine den daonra sa limistéir Údaráis Áitiúil de réir dhaonáireamh 2016	€25.31
	Clár AFS F02 Costas na Seirbhíse Leabharlainne	€3,733,912

Óige agus Pobal: Y1 & Y2 Ceadaithe	A. Céatadán scoileanna áitiúla atá páirteach i scéim Chomhairle na nÓg	88.00 %
	Líon iomlán na meánscoileanna i limistéar an Údaráis Áitiúil ag deireadh na bliana	25
	Líon scoileanna dara leibhéal i limistéar an Údaráis Áitiúil óna bhfuil ionadaithe a d'fhreastail ar Chruinniú Cinn Bhliana Chomhairle na nÓg	22
	A. Líon eagraíochtaí ar Chlár an Chontae agus an líon díobh a roghnaigh a bheith páirteach sa Choláiste um Chuimsiú Sóisialta laistigh den Líonra Páirtíochta Pobail	19.14
	Líon iomlán eagraíochtaí ar Chlár an Chontae don limistéar údaráis áitiúil	512
	Líon iomlán na n-eagraíochtaí sin a chláraigh den chéad uair in 2016	This figure is not available for 2016
	Líon eagraíochtaí a roghnaigh a bheith páirteach sa Choláiste Toghcháin um Chuimsiú Sóisialta	98

Corparáideach: C1, C2 & C4 Ceadaithe	Líon coibhéis lánaimseartha foirne ag deireadh na bliana	1,080.88
	Céatadán laethanta oibre a íocadh astu a cailleadh de bharr neamhláithreacht breoiteachta trí shaoire le teastas dochtúra	3.84 %
	Céatadán laethanta oibre a íocadh astu a cailleadh de bharr neamhláithreacht breoiteachta trí shaoire gan teastas dochtúra	0.33 %
	Líon laethanta oibre a íocadh astu a cailleadh de bharr neamhláithreacht breoiteachta trí shaoire le teastas dochtúra	9,727.58 day
	Líon laethanta oibre a íocadh astu a cailleadh de bharr neamhláithreacht breoiteachta trí shaoire gan teastas dochtúra	823.5 day
	Líon laethanta oibre a nár íocadh astu a cailleadh de bharr neamhláithreacht breoiteachta trí shaoire le teastas dochtúra	299.13 day
	Líon laethanta oibre a nár íocadh astu a cailleadh de bharr neamhláithreacht breoiteachta trí shaoire gan teastas dochtúra	8.5 day
	Gach Caiteachas ICT sa tréimhse 01/01/2016 go 31/12/2016 roinnte faoi uim. WTE	€2,436.63
	Caiteachas ioncaim iomlán ar Mhíreanna Cuntais	€2,633,703

Corparáideach: C3 Ceadaithe	Líon iomlán amharc leathanaigh ar shuíomh gréasáin an Údaráis Áitiúil in 2016	1,320,325
	Líon iomlán úsáideoirí meán sóisialta ar dháta 31/12/2016 a leanann an tÚdarás Áitiúil ar shuíomhanna na meán sóisialta	35,589
	Líon iomlán carnach amharc leathanaigh ar na suíomhanna gréasáin uile a oibríonn an tÚdarás Áitiúil i rith 2016	1,320,325
	Líon iomlán úsáideoirí meán sóisialta ar dháta 31/12/2016 a leanann an tÚdarás Áitiúil ar aon suíomh meán sóisialta	35,589

Airgeadas: M1 & M2 Ceadaithe	A. Comhardú carnach ar dháta 31/12/2012 sa Chuntas Ioncaim ó Ioncam & Caiteachas an AFS	€5,847,957
	B. Comhardú carnach ar dháta 31/12/2013 sa Chuntas Ioncaim ó Ioncam & Caiteachas an AFS	€6,093,078
	C. Comhardú carnach ar dháta 31/12/2014 sa Chuntas Ioncaim ó Ioncam & Caiteachas an AFS	€6,184,008
	D. Comhardú carnach ar dháta 31/12/2015 sa Chuntas Ioncaim ó Ioncam & Caiteachas an AFS	€6,271,768
	E. Comhardú carnach ar dháta 31/12/2016 sa Chuntas Ioncaim ó Ioncam & Caiteachas an AFS	€6,355,246

	F. Barrachas nó easnamh carnach ar dháta 31/12/2016 mar chéatadán d'Ioncam Iomlán ón ráiteas AFS	5.00%
	G. Caiteachas Ioncaim per capita in 2016	€860.99
	An figiúr d'Ioncam Iomlán 2016 ó Ráiteas Cuntais Ioncaim agus Caiteachais an AFS	€127,126,236
	An figiúr do Chaiteachas Iomlán 2016 ó Ráiteas Cuntais Ioncaim agus Caiteachais an AFS	€127,042,758
	Leibhéal bailithe Rátaí ó Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2012	75.5%
	Leibhéal bailithe Rátaí ó Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2013	75.3%
	Leibhéal bailithe Rátaí ó Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2014	77.6%
	Leibhéal bailithe Rátaí ó Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2015	79.6%
	Leibhéal bailithe Rátaí ó Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2016	81.3%
	Leibhéal bailithe Cíosa & Blianachtaí ó Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2012	94.3%
	Leibhéal bailithe Cíosa & Blianachtaí ó Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2013	94.4%
	Leibhéal bailithe Cíosa & Blianachtaí ó Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2014	93.6%
	Leibhéal bailithe Cíosa & Blianachtaí ó Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2015	94.1%
	Leibhéal bailithe Cíosa & Blianachtaí ó Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2016	93.6%
	Leibhéal bailithe Iasachtaí Tithíochta ó Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2012	88.0%
	Leibhéal bailithe Iasachtaí Tithíochta ó Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2013	86.6%
	Leibhéal bailithe Iasachtaí Tithíochta ó Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2014	82.5%
	Leibhéal bailithe Iasachtaí Tithíochta ó Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2015	80.3%
	Leibhéal bailithe Iasachtaí Tithíochta ó Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2016	81%

Forbairt Eacnamaíoch: J1 go J3 Ceadaithe	A. Líon na bpost a cruthaíodh le cúnamh ón Oifig Fiontair Áitiúil i rith na bliana	82.0
	A. Líon na n-iarratas ar dhearbháin trádála ar líne a cheadaigh an Oifig Fiontair Áitiúil i rith na bliana	64
	A. Líon na rannpháirtithe a fuair meantóireacht i rith na bliana	138
	B. Líon na ndearbhán trádála ar líne a tarraingíodh síos i rith na bliana	43

COMHAIRLE CONTAE CHIARRAÍ

RSA
Be Safe Be Seen

Bikewe

1916
2016